- Oisín Kenny, Apollo Fellow; Catherine O'Donnell, Education Officer for Schools, Teachers, and Youth, presented talks at The National Trust Children and Young People (CYP) hubs' skill sharing session, online live webinar, 13 December 2022.
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, invited public lecture on Murillo's Prodigal Son series 'From Seville to Dublin: The Journey of Murillo's Prodigal Son', Meadows Museum, Dallas, 17 February 2022, video available to view here:  
[https://www.youtube.com/watch?v=3MANV8IBIOM&ab\\_channel=MeadowsMuseumDallas](https://www.youtube.com/watch?v=3MANV8IBIOM&ab_channel=MeadowsMuseumDallas)
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, organised five panel sessions and one roundtable, chair of two sessions, presented paper entitled 'Guercino's Pre-Roman Painting Technique: The Cardinal Serra Commission', Renaissance Society of America Annual Conference, Dublin, 28 March – 2 April 2022.
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, podcast with Jonquil O'Reilly for Athena Art Foundation, recorded 12 May 2022, interview can be accessed here:  
<https://youtu.be/-rB2-ancLJE?si=4gCVo3XaOaD9L6QE>
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, presented paper on *The Ecstasy of Saint Cecilia* (recently attributed to Guido Reni), at public conference on Guido Reni, Galleria Borghese, Rome, 16 May 2022.
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, organised conference and presented introductory paper with Philip Cottrell, UCD School of Art History and Cultural Policy, at symposium Venice in Dublin: New Perspectives on Venetian Paintings, National Gallery of Ireland, 22 October 2022.

- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, presented talk on Goya's *Portrait of Doña Antonia Zárate*, Ulster Museum, Belfast, 8 December 2022.
- Leah Benson, Archivist, presented talk on *The Archives of Sir Denis Mahon*; Catherine Sheridan, Digital Collections Librarian, presented talk on *The Library of Sir Denis Mahon*, as part of the panel *The Art of Giving: Sir Denis Mahon at the National Gallery of Ireland*, at the Renaissance Society of America conference, National Gallery of Ireland, 30 March 2022.
- Leah Benson, Archivist; Catherine Sheridan Digital Collections Librarian, presented on the Source Digital Collections project at the 'Increasing Access & Discoverability' conference, organised by the Council of National Cultural Institutions Digitisation and Cataloguing sub-committee, Chester Beatty Library, 19 October 2022.
- Leah Benson, Archivist, presented a paper on the Sir Denis Mahon Archives at the British Records Association annual conference, 'Creative Encounters: Art in the Archives', held at The Gallery, Cowcross Street, London, 27 September 2022.
- Muirne Lydon, Paintings Conservator, presented lecture 'Murillo; Picturing the Prodigal Son' for Masters students in Conservation of Cultural Heritage at the University of Amsterdam (UVA), 10 November 2022.
- Muirne Lydon, Paintings Conservator, presented lecture *Conservation of the Great Hall at Malahide Castle*, at Malahide Visitor Centre, 24 October 2022.
- Muirne Lydon, Paintings Conservator, presented lecture *Bible Belters: The Prodigal Son Series*, for the Art History Faculty at the Southern Methodist University (SMU), Fort Worth, Dallas, 5 May 2022.



- Muirne Lydon, Paintings Conservator, co-chaired round table session *The Spanish Collection at the National Gallery of Ireland: New Research, New Questions*, at the Renaissance Society of America, 2022 Conference, Convention Centre and National Gallery of Ireland, 31 March 2022.
- Muirne Lydon, Paintings Conservator, presented lecture *The Art of Conservation*, for the working in visual culture, collaborative learning, and real-world engagement module, at TU Dublin, School of Creative Arts, 15 February 2022.

### Published in 2022

- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, book review, 'Murillo: Persuasion and Aura', *Irish Arts Review*, February 2022.
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, 'The Prodigal Son Revisited', *Murillo: Picturing the Prodigal Son*, exh. cat., edited by Amanda W. Dotseth and Mark A. Roglán (Dallas: Meadows Museum, 2022), pp. 45–62.
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, 'Painting for Posterity: Guido Reni's Materials and Technique', *Guido Reni: The Divine*, exh. cat. (Frankfurt: Städel Museum, 2022), pp. 53–64 (published in German and English).
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, 'Painting for Posterity: Guido Reni's Materials and Technique', *Guido Reni*, exh. cat. (Madrid: Museo del Prado, 2023), pp. 103–114 (published in Spanish and English).
- Aoife Brady, Curator of Italian and Spanish Art, 'Becoming Lavinia Fontana', *Out of the Shadows. Female Artists of the 16th to 18th*

*Century*, exh. cat (Dresden: Gemäldegalerie Alte Meister, 2023), pp. 24–40 (published in German and English).

- Donal Maguire, Curator Centre for Study of Irish Art, 'This Dream and You' (review of the Ireland – U.S. Council and Irish Arts Review Portraiture Award at the Royal Hibernian Academy's annual exhibition), *Irish Arts Review*, summer edition, 2022.
- Donal Maguire, Curator Centre for Study of Irish Art, 'Sense and Sensitivity: Abstraction in Irish Art after the 1960s', published in Yvonne Scott and Catherine Marshal eds., *Irish Art 1920–2020: Perspectives on Change*, Royal Irish Academy, 2022.
- Catherine O'Donnell, Education Officer for Schools, Teachers, and Youth, 'Art makes you: Co-production with young people at the National Gallery of Ireland', *Child and Youth Participation in Policy, Practice and Research*, 2022, in D. Horgan & D. Kennan (Eds.), (pp. 141–154).

Published by the National Gallery of Ireland

Merrion Square West, Dublin D02 K303

[www.nationalgallery.ie](http://www.nationalgallery.ie)

© National Gallery of Ireland, 2024

ISSN: 2990-8043

Charity Number: CHY2345

Translation: Bríd Ní Fhatharta



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS DON  
BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

## Réamhrá

<b><u>An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí</u></b>	<b><u>5-6</u></b>
<b><u>Struchtúr Corparáideach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann</u></b>	<b><u>7-9</u></b>
<b><u>Ráiteas ón gCathaoirleach</u></b>	<b><u>10-12</u></b>
<b><u>Fáilte an Stiúrthóra</u></b>	<b><u>13-17</u></b>
<b><u>Misean / Fís / Ról / Bunluachanna</u></b>	<b><u>18</u></b>
<b><u>Máistirphlean Forbartha</u></b>	<b><u>19-20</u></b>
<b><u>2022 - Figiúirí</u></b>	<b><u>21</u></b>
<b><u>Cuspóirí i 2023</u></b>	<b><u>22</u></b>

## Bailiúcháin agus Taighde

<b><u>Taispeántais 2022</u></b>	<b><u>24-35</u></b>
<b><u>Buaicphointí - Bailiúchán</u></b>	<b><u>36-43</u></b>
<b><u>Caomhnú</u></b>	<b><u>44-47</u></b>
<b><u>An Leabharlann agus na Cartlanna</u></b>	<b><u>48-49</u></b>
<b><u>Buaicphointí - Oideachas</u></b>	<b><u>50-54</u></b>

## Forbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

<b><u>Cumarsáid, Margaíocht agus Rannpháirtíocht Dhigiteach</u></b>	<b><u>56-57</u></b>
<b><u>Tráchtáil</u></b>	<b><u>58</u></b>
<b><u>Forbairt, Cairde agus Pátrúin</u></b>	<b><u>59-64</u></b>
<b><u>Foilseacháin agus Íomhánna</u></b>	<b><u>65-66</u></b>

## Seirbhísí Corparáideacha

<u><b>Airgeadas</b></u>	<b>68</b>
<u><b>Oibríochtaí</b></u>	<b>68-69</b>
<u><b>Oifig um Chomhlíonadh agus Dí</b></u>	<b>69-70</b>
<u><b>Dualgas um Thuairisciú Reachtúil</b></u>	<b>70-72</b>
<u><b>TF</b></u>	<b>72-73</b>
<u><b>Acmhainní Daonna</b></u>	<b>73-74</b>

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

<u><b>Ráiteas ar Rialachas</b></u>	<b>76-90</b>
<u><b>Ráiteas ar Rialú Inmheánach</b></u>	<b>91-97</b>
<u><b>Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais</b></u>	<b>98-100</b>
<u><b>Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas</b></u>	<b>101-102</b>
<u><b>Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach</b></u>	<b>103</b>
<u><b>Ráiteas ar an Staid Airgeadais</b></u>	<b>104-105</b>
<u><b>Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil</b></u>	<b>105-106</b>
<u><b>Ráiteas ar Shreabhadh Airgid</b></u>	<b>107</b>
<u><b>Nótaí leis na Ráitis Airgeadais</b></u>	<b>108-146</b>

## Aguisíní

<u><b>Aguisín 1 – Saothar Faighte i 2022</b></u>	<b>148-184</b>
<u><b>Aguisín 2 – Iasachtaí ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann do Thaispeántais Shealadacha i 2022</b></u>	<b>185-189</b>
<u><b>Aguisín 3 - Foireann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann – Na Meáin, Léachtaí agus Foilseacháin 2022</b></u>	<b>190-200</b>

# RÉAMHRÁ

## **An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí**

Tá suas le seacht gcomhalta dhéag ar an mBord. Is í an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a cheapann deichniúr díobh, is comhaltaí de bhrí oifige na n-eagraíochtaí atá liostaithe thíos iad cúigear eile agus ainmníonn agus ceapann an tAcadamh Ibeirneach Ríoga beirt de bhun an údaráis a bhronn Acht 1854 orthu. Caitheann na comhaltaí a cheapann an tAire tréimhse cúig bliana ar an mBord. Caitheann na comhaltaí de bhrí oifige tréimhsí éagsúla ar an mBord, ag brath ar bhunreacht na n-eagraíochtaí a mbaineann siad leo.

**Tá tuilleadh eolais faoi na téarmaí agus dátaí ceapacháin le fáil anseo:**

**[National Gallery of Ireland State Boards of Membership](#)**

### **Comhaltaí de bhrí Oifige:**

Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leas-Uachtarán

An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán

Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán

Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

### **Na Comhaltaí ar fad:**

- Maurice Buckley (Cathaoirleach OPW)
- Mary Canning (Uachtarán RIA)
- Diana Copperwhite RHA
- Gary Coyle RHA (ceapadh ar an mBord é i mí Eanáir 2022)
- John Dardis (Uachtarán RDS)
- Dan Flinter



- Jacqueline Hall
- Hilary Hough (Leas-Uachtarán RDS) (ceapadh ar an mBord é i mí na Nollag 2022)
- Gary Jermyn
- Mary Keane (Cathaoirleach)
- Owen Lewis Uachtarán, RDS) (d'éirigh sé as mar chomhalta Boird i mí na Nollag 2022)
- Abigail O'Brien (Uachtarán RHA)
- John O'Doherty
- Barney Whelan (Leas-Chathaoirleach)

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leas-Chathaoirleach féin, de bhun an údaráis a bhronn na hAchtanna air.

**Tá breis eolais faoi Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí:**

**[National Gallery of Ireland Board of Governors and Guardians](#)**

## Struchtúr Corparáideach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

I *bPlean Straitéiseach an Ghailearaí 2019-2023*, leagtar amach na príomhthosaíochtaí straitéiseacha atá ag an nGailearaí, is iad sin sin, cur le taithí saoil na ndaoine chomh maith le cúram a dhéanamh do na bailiúcháin atá faoinár gcúram. Cuireann an Gailearaí an-bhéim ar dhea-chleachtas rialachais i gcónaí trína chinntiú go bhfuil gach beartas agus nós imeachta i bhfeidhm mar is gá. Tá trí mhórghné straitéiseach an Ghailearaí léirithe i struchtúr na heagraíochta. Is iad na mórghnéithe atá i gceist ná, Rannán an Bhailiúcháin agus Taighde, Rannán um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Phoiblí, agus Rannán Seirbhísí Corparáideacha. Tá siad seo faoi cheannas Stiúrthóir an Ghailearaí.


### Foireann na Ceannaireachta Feidhmiúcháin

<b>Stiúrthóir</b>	Sean Rainbird (go dtí 30 Meán Fómhair 2022)
<b>Stiúrthóir</b>	An Dr Caroline Campbell (ó 28 Samhain 2022)
<b>Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha</b>	Patricia Golden
<b>Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde</b>	Kim Smit
<b>Ceannasaí um Forbairt Lucht Spéise agus na Rannpháirtíochta Poiblí</b>	Andrew Hetherington (ón 7 Márta 2022)

## Grúpaí Oibre na Foirne

- Inrochtaineacht & Dearadh Uilíoch
- BCP
- Cúram don Bhailiúchán
- Cumarsáid
- Áiseanna
- Sláinte & Sábháilteacht
- Grúpa MPF – Céim 4a agus Uimh. 7 (stoptha)
- Taighde

## Struchtúr na hEagraíochta (Nollaig 2022)



NGI Organisation Structure 2022

## Chart (Page 8)

**Board of Governors & Guardians of the NGI: Bord Gobharnóirí & Caomhnóirí GNÉ**

**NGI Director: Stiúrthóir GNÉ**

**Director's Office: Oifig an Stiúrthóra**

**Collections & Research Division: Rannán Bailiúchán agus Taighde**

Conservation Dept: Rannóg Caomhnaithe

Curatorial Dept: Rannóg Coimeádaíochta

Exhibition & Collection Services Dept: Rannóg Taispeántas & Bailiúchán

Library & Archive Dept: Rannóg Leabharlainne & Cartlann

Education Dept: Rannóg Oideachais

**Audience Development & Stakeholder Engagement Division: Rannán um Forbairt Lucht Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara**

Development dept FNGI & Patrons: Rannóg Forbartha, Cairde & Pátrúin GNÉ

Communications Marketing & Digital Dept: Rannóg Cumarsáide Margaíochta & Digiteach

Commercial Dept: Rannóg Tráchtála

Publications & Images Dept: Rannóg Foilseachán & Íomhánna

**Corporate Services Division: Rannán na Seirbhísí Corparáideacha**

Finance & Systems Dept: Rannóg Airgeadais & Córas

Operations Dept: Rannóg Oibríochtaí

Legal & Compliance Dept: Rannóg um Chomhlíonadh & Díl

HR Dept: Rannóg AD

## Ráiteas ón gCathaoirleach

Tá áthas orm go raibh an Gailearaí in ann tosú arís i 2022 ar an réimse clár agus gníomhaíochta a bhí buailte go dona ar feadh tamaill de bharr na paidéime, agus go rabhthas ábalta freastal ar lucht spéise idir óg agus aosta ar fud na tíre in athuair.

Chuireamar fáilte roimh os cionn 788,000 cuairteoir chuig an nGailearaí i 2022. Ba mhéadú de 3% a bhí anseo ar líon na gcuairteoirí sa bhliain 2019. I 2022, thug breis is 1,075,000 duine cuairt ar ár suíomh Gréasáin nó lean siad muid ar na meáin shóisialta agus ghlac 277,160 páirt inár gclár scoileanna.

Bhí an méid a chuireamar i láthair sa Ghailearaí thar cionn agus bhain ár gcuairteoirí an-taitneamh as. D'eagraíomar an chéad taispeántas sa Ghailearaí bunaithe ar shaothar an dealbhóra Alberto Giacometti, as an Eilvéis, duine de na healaíontóirí idirnáisiúnta ba chluíte i lár an fichiú haois. Oibríodh i gcomhar leis an Rijksmuseum chun sárshaothair le Rembrandt agus saothair le healaíontóirí de chuid 'Ré Órga' na hÍsiltíre a thabhairt go Baile Átha Cliath. Cuireadh tús leis an mbliain le taispeántas bliantúil a bhfuil daoine an-cheanúil air, ba é sin taispeántas uiscedhathanna Tiomnacht Vaughan le J.M.W. Turner, agus cuireadh críoch leis an mbliain le taispeántas speisialta, *Turner: The Sun is God*, a eagraíodh i gcomhar le Tate. Tá lúcháir orm faoin tacaíocht a thug Grant Thornton do thaispeántas Turner agus do thrí thaispeántas eile de chuid Tiomnacht Vaughan ina dhiaidh sin.

Chuir an Gailearaí tús in athuair lenár bpríomhchlár comhaimseartha, *Duais Portráide Zurich*. Rinne David Booth, buaiteoir duaise na bliana seo, portráid dá chomh-ealaíontóir (agus buaiteoir na bliana seo caite) Salvatore as Leamhcán. Chuireamar *Duais Portráide Zurich do Dhaoine Óga* ar taispeáint chomh maith leis an gcomórtas do dhaoine fásta. Bhuaigh Meilin Ava Song, trí bliana déag

d'aois an comórtas do dhaoine óga. Léiríonn an dá dhuais, le tacaíocht ó chomhlacht Zurich Insurance plc, tiomantas an Ghailearaí maidir le daoine i bpobal na n-ealaíon agus daoine sa phobal i gcoitinne. Chomh maith le comórtas Zurich, ba mhór an onóir dúinn an Gradam Comhpháirtíochta Fadtéarmach is Fearr a bhaint amach ag na Gradaim 'Business to Arts' i mí Mheán Fómhair.

De bharr go dtuigeann muid go bhfuil daoine ann nach féidir leo cuairt a thabhairt ar an nGailearaí chomh héasca sin, leanamar ag cur áiseanna ar fáil ar líne chun freastal ar na daoine seo. Tá an-tóir ar ár gcúrsaí maidir le léirthuisicint ealaíne ar líne, ag freastal ar lucht spéise ar fud na hÉireann agus ar fud na cruinne. I mí an Mhárta, le tacaíocht ón Rialtas, sheolamar Source, acmhainn nua ar líne a chuireann rochtain ar fáil ar na bailiúcháin chartlainne agus doiciméadach. Déantar scéal um ealaín Éireannach a iniúchadh agus cuireann an t-ardán seo ar chumas gach duine rochtain a fháil saor in aisce ar na bailiúcháin shuntasacha atá á gcoimeád in Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann agus i gCartlann Yeats sa Ghailearaí. Gabhaimid buíochas leis an Rialtas agus leis an Aire Catherine Martin T.D. as a dtacaíocht.


Mar chuid dár ngealltanas maidir le Deich mBliana na gCuimhneachán, chuireamar roinnt tionscadal tábhachtach i láthair ina raibh ionramháil á déanamh ag ealaíontóirí ar stair na hÉireann. Ina measc bhí *Original Sins* le Hughie O'Donoghue, a rinneadh do Sheomra Shaw agus ar glacadh *The Marriage of Strongbow agus Aoife le Daniel Maclise* mar thúsphointe, agus bonn braite, de shraith ina raibh sé phictiúr nua. Le tacaíocht ó BSL, choimisiúnaigh muid Alice Maher agus Jamie Murphy chun an chéad 'Leabhar Ealaíontóra' de chuid an Ghailearaí a chruthú don bhailiúchán. Déanann

*Memento Civitatem* machnamh ar céard a bhí i gceist le saoránacht le linn ré na Réabhlóide agus sa lá atá inniu ann chomh maith.

I mí Mheán Fómhair, d'fhágamar slán ag Sean Rainbird, Stiúrthóir an Ghailearaí Náisiúnta ó 2012. Le linn do Sheán a bheith ina stiúrthóir, athosclaíodh sciatháin stairiúla an Ghailearaí i 2017, tar éis Chéim 3 dár Máistirphlean Forbartha a bheith curtha i gcrích, fuarthas saothair den scoth de chuid ealaín na hÉireann agus ealaín idirnáisiúnta, agus cuireadh clár an-suntasach taispeántas agus gníomhaíochtaí eile ar fáil. Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Seán as an méid atá bainte amach aige mar Stiúrthóir agus guím gach rath air sa todhchaí.

Chuir an Dr. Caroline Campbell, an chéad stiúrthóir ban ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, tús lena tréimhse Oifige i mí na Samhna. Cuirfidh an fhís atá aici maidir leis an nGailearaí, leis na héachtaí a bhain daoine amach a bhí san oifig sin roimpi, ag saothrú ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta, ionas gur féidir le tuilleadh daoine, i níos mó áiteanna, taitneamh a bhaint as an nGailearaí agus a chuid bailiúchán. I dteannta an Bhoird, cuirfidh an Stiúrthóir nua ár bpleananna chun cinn chun áiseanna an Ghailearaí a fhorbairt ionas go mbeidh sé ina institiúid den scoth d'Éirinn, agus cuirfear i gcrích an chéim dheiridh de Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí Náisiúnta. Tá an Bord agus mé féin ag tnúth le bheith ag obair le Caroline agus le foireann an Ghailearaí sna blianta amach romhainn.

**Mary Keane**, Cathaoirleach, An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann



## Fáilte an Stiúrtóra

Ag tús na bliana 2022, rinne an Gailearaí ceiliúradh ar Jack B. Yeats le mórthaispeántas monagrafach ar thacaigh Key Capital leis go toilteanach. Is é Yeats duine de na healaíontóirí is mó a bhfuil tóir air in Éirinn. Chuireamar críoch leis an mbliain le taispeántas, *Turner: The Sun is God*, a eagraíodh i gcomhar le Gailearaí Tate agus le tacaíocht ó Grant Thornton. Tháinig níos mó cuairteoirí i rith na bliana ná mar a tháinig i 2019, an bhliain deiridh roimh an bpaindéim. Tháinig na cuairteoirí de bharr na gclár leathan a chuir muid ar fáil. Ba as oileán na hÉireann formhór na gcuairteoirí. Is léiriú é an dóigh ar fhill na cuairteoirí ina sluaite ar an áit speisialta atá ag an nGailearaí i gcroí go leor Éireannach. Cinntíonn ár bhfoirne cuairteoirí agus slándála, chomh maith lenár n-oibrithe deonacha, go gcuirtear fáilte chroíúil roimh chách.

Cuireadh ealaíontóirí tábhachtacha nach bhfuil mórán aithne orthu in aithne dár lucht spéise in a lán dár gclár i rith na bliana. Bhí mórthaispeántas earraigh an Ghailearaí dírithe ar shaothar an dealbhóra, Alberto Giacometti, a rugadh san Eilvéis. Tá a chuid íomhánna fadaithe agus na híomhánna atá curtha as a riocht dá bhean chéile Annette agus dá dheartháir Diego i measc na saothar ealaíne is mó a raibh tionchar acu san fhichiú aois. Eagraíodh an taispeántas leis an Foundation Giacometti agus ba é seo an chéad taispeántas de shaothar Giacometti a bhí in Éirinn le blianta fada. Bhí tábhacht ar leith leis i bhfianaise chairdeas an ealaíontóra le Samuel Beckett, agus a chaidreamh níos casta le Francis Bacon.

San fhómhar, chuir muid *Estella Solomons: Still Moments* ar taispeáint i Seomra Hugh Lane. Ba náisiúnach díograiseach agus ball de Chumann na mBan é Solomons, ó theaghlach Giúdach mór le rá i mBaile Átha Cliath. Bhí lúcháir



orainn an taispeántas seo agus dhá thaispeántas eile a chur ar siúl – *Original Sins*, saothar cumhachtach Hughie O’Donoghue, a bhí mar chuid dár gcuid saothar do Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus *Memento Civitatem* le Alice Maher agus Jamie Murphy. Tá Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre le healaíontóirí Éireannacha ón am atá thart agus ón am i láthair, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le BSL as a dtacaíocht leanúnach don acmhainn thábhachtach seo atá ag dul i méid.

I 2022, chuir an Gailearaí le líon na saothar le healaíontóirí atá beo. Ar na saothair ealaíne a fuarthas i mbliana bhí *Maple Road Sunflowers* le Daphne Wright agus *Leda’s Daughters (song of the worms)* le Alice Maher. Chuireamar fáilte roimh an dearthóir Richard Malone as Loch Garman mar ár nEalaíontóir Cónaithe, le tacaíocht ó Óstán Arthaus a bhí mar ár gComhpháirtí Cóiríochta Cónaitheachta d’Ealaíontóirí Giacometti. Cuireadh *Knot Bind Gesture Bend*, a cruthaíodh mar fhreagra ar shaothar Giacometti, ar taispeáint i Stiúideo na Mílaoise i rith an tsamhraidh. Cuireadh na portráidí seo a leanas leis an mbailiúchán náisiúnta portráidí : portráid den staraí agus an feachtasóir um chearta an duine Catherine Corless le Paul MacCormaic ceannaithe ag Pátrúin Chiste Ealaíne Éireannach, bhronn Tara Doyle portráid den Bhreitheamh Catherine McGuinness le Miseon Lee agus fuaireamar portráid den iriseoir Fergal Keane le Enda Bowe, buaiteoir *Dhuais Portráide Zurich 2019*.

Níl aon ghailearaí poiblí eile sa tír a fuair an oiread saothar thar na céadta bliain, agus bhí áthas orainn saothair ealaíontóirí ar nós Nicholas Berchem, Shirley Jaffe (a fuarthas le cistí ó dheontóir ar fearr leis gan a ainm a thabhairt), Willie Doherty agus Dorothy Cross a chur lenár mbailiúchán d’ealaín na hÉireann agus d’ealaín idirnáisiúnta. Táimid buíoch gur chuir an scéim faoi Alt

1003 maidir le Bronntanais Oidhreachta, atá á fheidhmiú ag an Rialtas, ar ár gcumas dhá phictiúr shuntasacha le mórealaíontóirí Éireannacha, rinneadh iad ar aon i 1898, a chur isteach sa bhailiúchán náisiúnta. Is iad seo *Portráid, Portrait of Mrs Noel Guinness and her Daughter* le Walter Osborne (mar aon le dhá staidéar ullmhúcháin agus gúna síoda Mrs Guinness), agus *A Garden in France*, bravura Sir John Lavery, ag taispeáint a iníon Eileen agus a chairde Arthur agus Célie Heseltine sa ghairdín sa Fhrainc. Tá muid faoi chomaoin ag Lochlann agus Brenda Quinn as an bpictiúr seo le Lavery a bhronnadh orainn. Tá siad seo i measc lucht tacaíochta flaithiúil an Ghailearaí le fada an lá.

Tá an ghné idirnáisiúnta dár gcuid oibre fós fíorthábhachtach. Le linn 2022, rinne taispeántais ceiliúradh ar chaidreamh Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann le roinnt comhpháirtithe idirnáisiúnta, ina measc, an Rijksmuseum, an Tate agus an Bailiúchán Ríoga. Fuair muid deontas mór ó Fhondúireacht Getty agus tá sé seo ag cur ar ár gcumas cóireáil struchtúrach a dhéanamh ar dhá cholláis le Juan Gris agus pictiúr amháin le Francesco Guercino, chomh maith le hoiliúint a chur ar thriúr caomhnóirí a tháinig isteach sa Ghailearaí ar feadh bliana le hobair a dhéanamh ar an tionscadal spreagúil seo. Déanfaidh an Gailearaí Mol Eolaíochta Caomhnaithe a fhorbairt sna trí bliana amach romhainn le cuidiú ó bhronntanas flaithiúil ó Phátrún an Ghailearaí, Ivor O'Shea.

Ba é ceann de na gnéithe ba thaitneamhaí faoi 2022 ná go raibh na scoileanna agus teaghlaigh ábalta filleadh ar an nGailearaí arís. Bíonn lúcháir orainn grúpaí a fheiceáil agus iad ar bís ag tabhairt cuairte ar an mbailiúchán, agus ag féachaint ar an ealaín a choimeádann muid ar a son. Is gné ríthábhachtach dár ngníomhaíocht a bheith ag obair leis an nglúin óg. Cabhraíonn comhpháirtíocht SMBC Aviation Capital linn chun ár gcláir Oideachais a chur ar fáil do dhaoine i

ngach cearn den tír tríd an gclár, *'Your Gallery at Your School'*. Roghnaíodh dhá scoil déag ar fud na tíre chun páirt a ghlacadh i sraith spreagúil ceardlann ealaíne, atá deartha go sonrach do leanaí nach bhfuil ar a gcumas teacht chuig an nGailearaí de bharr constaicí socheacnamaíocha, inscne nó geografacha. Tá an Gailearaí tiomanta maidir le constaicí a shárú do dhaoine a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu rochtain a fháil ar chultúr agus ealaín. Tá áthas orm go dtugann ár gcláir dhigiteacha, atá leathnaithe amach, deiseanna maidir le rannpháirtíocht leis an nGailearaí, cibé an bhfuil daoine ar oileán na hÉireann nó i dtír iasachta. Tá ár bhfoirne Margaíochta, Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Digiteach, mar aon le comhghleacaithe sna ranna Leabharlainne & Cartlainne, Oideachais, Caomhnaithe agus Coimeádaíochta, ríthábhachtach maidir leis an obair seo a chur chun cinn.

Tugann ár mbronntóirí corparáideacha agus aonair go léir tacaíocht luachmhar dúinn. Táimid thar a bheith buíoch dár lucht tacaíochta agus dár bpáirtithe leasmhara go léir, go háirithe an tAire Catherine Martin TD, agus oifigigh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus lenár gCathaoirleach, Mary Keane, as a gcuid oibre ríthábhachtach ar son an Ghailearaí.

Tá cion agam ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ó thug mé mo chéad chuairt air agus mé i mo dhéagóir. Is cuimhin liom fós an chaoi a ndeachaigh an Gailearaí i bhfeidhm orm ar bhealach dearfach le linn na cuairte sin. Breis is tríocha bliain ina dhiaidh sin, is mór an onóir dom a bheith mar stiúrthóir ar an institiúid iontach Éireannach seo i gcomharbacht ar Sheán Rainbird. Bhain Sean an oiread sin amach ina dheich mbliana mar Stiúrthóir, ó athoscailt an Ghailearaí i 2017, chomh maith le clár spreagúil a fhorbairt a tháinig slán ón

iliomad strus a bhain leis an bpaindéim. Rinne a thiomantas i dtaobh na n-ealaíontóirí difear buan maidir le gníomhaíochtaí an Ghailearaí. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Seán, agus le foireann dhíograiseach an Ghailearaí, as gach a bhfuil bainte amach acu. Maidir leis an todhchaí, tá mé ar bís maidir leis na dúshláin agus na deiseanna atá amach romhainn, agus muid ag tógáil ar na héachtaí seo chun Gailearaí Náisiúnta a chruthú a fhreastalaíonn ar an mbealach is fearr ar mhuintir na hÉireann, sna 2020í agus ina dhiaidh sin.

**An Dr Caroline Campbell**, Stiúrthóir, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann



## Misean | Fís | Ról | Bunluachanna

Is é ár **misean** cúram a dhéanamh don ealaín, í a léirmhíniú, forbairt a dhéanamh uirthi agus í a thaispeáint ar bhealach a fhágann go bhfuil Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina áit spreagúil chun taithí a fháil ar ealaín.

**Fís:** tá sé mar aidhm againn taithí den scoth a chur ar fáil le spéis san ealaín a spreagadh agus chun léirthuisctint a thabhairt do chuile dhuine ar an ealaín.

**Ról:** tá muid tiomanta maidir le daoine agus a n-ealaín a thabhairt le chéile.

### Is iad seo a leanas ár mbunluachanna:

**Ionracas** – déanaimid rudaí ar na cúiseanna cearta agus tugann muid taithí shaibhir ar an ealaín do dhaoine.

**Oscailteacht** – tá caidrimh againn le raon leathan lucht spéise agus páirtithe leasmhara. Glacann muid go fonnmhar le héagsúlacht agus cothaíonn muid comhionannas. Bíonn ár ndoirse ar oscailt seacht lá na seachtaine agus tá saorchead isteach.

**Cruthaitheacht** – tá muid cruthaitheach, nuálach agus seiftiúil. Spreagaimid ár lucht spéise trí chur go mór lena gcuid eolais ar an ealaín agus leis an taitneamh a bhaineann siad aisti.

**Saineolas** – tá cuid mhaith speisialtóirí againn, a roinneann a gcuid scileanna, aaineolas agus a léargais go toilteanach lenár lucht spéise uile, ar líne agus sa Ghailearaí féin, ar bhealaí atá samhlaíoch agus spreagúil.

## Máistirphlean Forbartha

I Seomra Shaw an Ghailearaí, i mí Aibreáin 2018, d'fhógair airí rialtais

*Tionscadal Éireann 2040*, áit ar fógraíodh go gcuirfí feabhas ar an mbonneagar cultúrtha.

Tá an Gailearaí ag déanamh a mhíle dícheall cur leis an rath a bhí ar na chéad chéimeanna den MPF, a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh 2017 nuair a athosclaíodh sciatháin stairiúla athchóirithe Dargan agus Bhaile an Mhuilinn.

Déanfar an chéim dheiridh den MPF a bhainistiú de réir cheanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

I mí na Samhna 2020, chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán treoir nua ar fáil maidir leis an Rialachas agus na Socruithe Oibriúcháin idir an Roinn féin, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus an Gailearaí, chun *Tionscadal Éireann 2040* a chur chun cinn.

Ag deireadh 2021, cuireadh *Athbhreithniú ar Mheasúnacht Straitéiseach* an Ghailearaí i gcrích.

## Straitéis: Ár bhFócas Straitéiseach Leasaithe - go dtí 2023

Mar an gcéanna le 2021, dhírigh an Gailearaí ar na spriocanna straitéiseacha nuashonraithe:

1. **Rannpháirtíocht níos leithne** - Chun lucht spéise a mhéadú agus a neartú chomh maith agus is féidir
2. **Foinsí Maoinithe Inbhuanaithe** - Acmhainneacht agus saoirse níos fearr a bhaint amach ó thaobh airgeadais

- 3. Oidhrecht an Ghailearaí a chur chun cinn & Cur leis an mBailiúchán –**  
oidhrecht bheo an Ghailearaí agus an Bhailiúcháin Náisiúnta a chothú  
agus a fheabhsú

## 2022 - Figiúirí

- **12** Taispeántas
- **16,870** Saothar sa Bhailiúchán
- **194** Saothar a Fuarthas
- **788,650** Cuairteoir chuig an nGailearaí
- **883,799** Cuairteoirí ar an Suíomh Gréasáin
- **192,145** Leantóir ar na Meáin Shóisialta
- **37,021** Síntiúsóir don Nuachtlitir
- **3,708** Ailt Preasa
- **3,000+** Saothair nua a cuireadh leis an Leabharlann agus na Cartlanna
- **186** Fostaí
- **277,160** Rannpháirtí Oideachais
- **24,760** Mír dhigiteach sa Leabharlann agus na Cartlanna
- **715** Cúnamh do Thaighde
- **8** Foilseachán
- **12,553** Foilseachán a scaipeadh
- **9,500+** Iomhá ardaifeach a íoslódáladh saor in aisce
- **114** Oibrí deonach
- **1** Stiúrthóir nua



## Cuspóirí i 2023

De réir ár gComhaontas Feidhmíochta 2023, tá sé mar chuspóir againn:

1. Fáilte a chur roimh 750,000 cuairteoir chuig an nGailearaí.
2. 193,000 leantóir a bheith againn ar ár bpríomhardáin meán sóisialta (Facebook, Instagram agus T witter).
3. Gníomhaíochtaí oideachasúla agus poiblí ar leith a chur ar fáil do 302,550 cuairteoir.
4. Aon cheann déag de thaispeántais shealadacha a léiriú. Beidh ticéid le fáil i gcomhair dhá cheann díobh.
5. Bealaí nua agus samhlaíoch a chruthú chun freastal ar ár lucht spéise agus rochtain ar an mbailiúchán a fheabhsú .

## BAILIÚCHÁIN AGUS TAIGHDE

## **LIOSTA TAISPEÁNTAS**

***Turner & Place: Landscapes in Light and Detail*** (1 Eanáir 2022 – 31 Eanáir 2022)

***Christ & His Cousin: Renaissance Rediscoveries*** (29 Eanáir 2022 – 8 Bealtaine 2022).

***Young Gainsborough: Rediscovered Landscape Drawings*** (5 Márta 2022 – 12 Meitheamh 2022).

***Hughie O'Donoghue: Original Sins*** (12 Márta 2022 – ag leanacht)

***Giacometti: from Life*** (9 Aibreán 2022 – 4 Meán Fómhair 2022)

***Celebrating Ulysses*** (21 Bealtaine 2022 – 21 Lúnasa 2022)

***Dutch Drawings: Highlights from The Rijksmuseum*** (16 Iúil 2022 – 6 Samhain 2022)

***Keating's Allegories of Change*** (20 Lúnasa 2022 – 27 Samhain 2022)

***Estella Solomons: Still Moments*** (3 Meán Fómhair – 8 Eanáir 2023)

***Turner: The Sun is God*** (8 Deireadh Fómhair 2022 – 6 Feabhra 2023)

***Roller Skates & Ruins*** (15 Deireadh Fómhair 2022 – 10 Márta 2024)

***Memento Civitatem*** (15 Deireadh Fómhair 2022 – 19 Samhain 2023)

***Duais Portráide Zurich agus Duais Portráide Zurich do Dhaoine Óga*** (26 Samhain 2022 – 2 Aibreán 2023)

## TAISPEÁNTAIS

### *Turner & Place: Landscapes in Light and Detail*

**(1 Eanáir 2022 – 31 Eanáir 2022) | Gailearaí na bPriontaí | Saorhead isteach**

**Coimeádaí: Niamh MacNally**

Cuireadh taispeántas bliantúil uiscadhathanna Turner de chuid Tiomnacht Vaughan ar taispeáint taobh le grúpa de líníochtaí topagrafacha luatha de chuid Francis Place (1647-1728). Ó thaobh an tírdhreacha de, thug an bheirt ealaíontóirí cáiliúla Sasanacha seo, a d'oibrigh na céadta bliain óna chéile, léargas thar a bheith éagsúil ar an tírdhreach. Léirigh na saothair a bhí ar taispeáint, ina raibh radhairc chruinn mhionsonraithe agus léirithe corraitheacha, an difríocht idir cur chuige na n-ealaíontóirí. Léirigh an dá ealaíontóir an tábhacht a bhaineann leis an tírdhreach a fheiceáil go pearsanta, cé gur chruthaigh siad léargas éagsúla ar an tírdhreach céanna.

### *Christ & His Cousin: Renaissance Rediscoveries*

**(28 Eanáir 2022 – 8 Bealtaine 2022) | Seomra Hugh Lane | Saorhead isteach**

**Coimeádaí: Aoife Brady**

Léirigh an taispeántas seo ocht bpictiúr Iodálacha, nach bhfuil mórán aithne orthu, ó bhailiúchán buan an Ghailearaí, agus léiríonn gach ceann acu an Leanbh Íosa leis an naíonán Naomh Eoin Baiste i gcomhthéacsanna éagsúla. Rinne Ceannasaí Caomhnaithe an Ghailearaí, Simone Mancini, na pictiúir seo ón séú haois déag a athchóiriú go cúramach. Níor taispeánadh a lán de na pictiúir riamh roimhe seo. Scrúdaigh an saothar *Christ & His Cousin: Renaissance Rediscoveries* an siombalachas agus na traidisiúin a bhí mar bhonn ag na saothair spráíúla agus bríomhara seo, agus spreag siad cuairteoirí chun

smaoineamh a dhéanamh in athuir ar na rudaí a dúradh go minic fúthu, sé sin nach raibh iontu ach íomhánna traidisiúnta agus coitianta.

Bhí ar chumas an Ghailearaí an taispeántas seo a chur le chéile le tacaíocht ó dheontóir príobháideach.

### ***Young Gainsborough: Rediscovered Landscape Drawings***

**(5 Márta 2022 – 12 Meitheamh 2022) | Gailearaí na bPriontaí | Saorchead isteach**

**Coimeádaí: Anne Hodge**

Cuireadh an taispeántas seo, de 25 líníocht tírdhreacha leis an ealaíontóir Sasanach Thomas Gainsborough, i láthair den chéad uair in Éirinn. Cruthaíodh na líníochtaí ag deireadh na 1740idí, nuair a bhí Gainsborough sna luath-fichidí. Tugann na líníochtaí léargas pearsanta ar ghairm bheatha luath an ealaíontóra tírdhreacha tábhachtach seo. Cuireadh na líníochtaí i láthair taobh le pictiúir agus saothair ar pháipéar a fuarthas ar iasacht ó bhailiúcháin ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, ina measc, sárshaothar a caomhnaíodh le déanaí *Cornard Wood, near Sudbury, Suffolk, 1748*, ón Ghailearaí Náisiúnta Londain.

Eagraíodh an taispeántas seo i gcomhar leis an Royal Collection Trust, York Museums Trust, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus Caisleán Nottingham.

## *Hughie O'Donoghue: Original Sins*

(12 Márta 2022 – 21 Bealtaine 2023) | Seomra Shaw, Sciathán Íochtair

Dargan | Saorchead isteach

**Coimeádaí: Brendan Rooney**

Cruthaíodh é mar fhreagra ar mhórscéalta Daniel Maclise *The Marriage of Strongbow and Aoife*, agus cuireadh ar taispeántas é mar chuid de rannpháirtíocht an Ghailearaí Náisiúnta le Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain, rinne *Original Sins* iniúchadh ar cheisteanna a bhain le féiniúlacht, nádúr neamhbhuan na fírinne, agus caidreamh casta na hÉireann leis an mBreatain. Cruthaíodh go sonrath é do thimpeallacht ghalánta Sheomra Shaw, agus bhí portráidí de sheisear pearsan stairiúil san áireamh anseo - triúr fear, triúr ban; triúr Éireannach, triúr de chuid na Breataine – a bhí bainteach le scéalta na dtíortha arbh as iad, ar bhealaí éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla. I measc na bportráidí seo, bhí Naomh Deirbhíle, William the Conqueror, Emily Davison agus Micheál Ó Coileáin. Dúirt O'Donoghue go raibh an meascán de mheáin agus ábhar – lena n-áirítear, péint, rian grianghraf, agus tarpól tionsclaíoch – cosúil le tochtait seandálaíochta, ina n-aimsítear féidearthachtaí stairiúla agus a spreagann tuilleadh mionstaidéir. Ba mhian leis go mbraithfeadh gach pictiúr mar thaipéis, foirm thadhhlach ealaíne a úsáideadh san am atá thart chun cuntais stairiúla a chur ar fáil. Bhí cruth ceann casúir léirithe i ngach pictiúr ina raibh an príomhíomhá le feiceáil. Mhínigh O'Donoghue, go dtugann an eilimint seo le fios go bhfuil seasmhacht na staire, agus an inneoin nach bhfeictear ag taispeántas 'an pointe ag a gcruthaítear brí agus míniú'.

Thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán leis an taispeántas seo faoi Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023.

### ***Giacometti: From Life***

**(9 Aibreán 2022 – 4 Meán Fómhair 2022), Sciathán Beit (Seomraí 6–10)**

**| Ticéid**

**Coimeádaithe: Sean Rainbird agus Janet McLean; Catherine Grenier agus Thierry Pautot (Fondation Giacometti)**

Cuireadh breis is 50 saothar le Alberto Giacometti (1901–1966) ar taispeáint, ina measc, dealbha cré-umha agus plástair, pictiúir, líníochtaí agus priontaí, sa chéad taispeántas de shaothar an ealaíontóra a bhí ar siúl i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Bhain siad seo le blianta tosaigh Giacometti ina bhaile dúchais san Eilvéis go dtí na blianta deiridh ina stiúideo i bPáras. Léirigh an taispeántas dlúthchaidreamh oibre an ealaíontóra le baill dá theaghlach agus cairde a d'úsáid se mar chuspaí, ina measc, a dheartháir Diego, a bhean chéile Annette, agus scríbhneoirí agus ealaíontóirí, ar nós, Simone de Beauvoir agus Eli Lotar. Eagraíodh an taispeántas i gcomhar leis an Fondation Giacometti, Páras, ina bhfuil an bailiúchán is mó ar domhan de shaothar an ealaíontóra.

Ba iad Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus an Fondation Giacometti a chomheagraigh an taispeántas seo.

## *Celebrating Ulysses*

**(21 Bealtaine 2022 – 21 Lúnasa 2022) Seomra Hugh Lane | Saorchead isteach**

**Coimeádaí: Niamh McNally**

Rinne an taispeántas seo ceiliúradh ar an leabhar Ulysses le James Joyce, a foilsíodh ina iomláine i bPáras ar 2 Feabhra 1922 – 40ú breithlá an scríbhneora. Cuireadh 34 saothar leis an ealaíontóir Gearmánach Günter Schöllkopf, a bhronn a dheirfiúr ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, ar taispeáint den chéad uair. Bhí spéis ar feadh a shaoil ag an eitseálaí agus an maisitheoir a rugadh i Stuttgart i James Joyce. Tugann na líníochtaí agus na heitseálacha iontacha seo ó na 1960í agus 70idí beocht do charachtair agus eipeasóidí ón úrscéal nua-aoiseach, ag cruthú comhthéacs nua chun féachaint ar Molly agus Leopold Bloom, Stephen Dedalus agus Buck Mulligan.

## *Dutch Drawings: Highlights from the Rijksmuseum*

**(16 Iúil 2022 – 6 Samhain 2022) I Gailearaí na bPriontaí I Saorchead isteach**

**Coimeádaí: Anne Hodge**

Thug an taispeántas seo deis ar leith, nach bhfaightear go minic, chun saothair le healaíontóirí na hÍsiltíre ón seachtú haois déag ó bhailiúchán an Rijksmuseum, a bhfuil clú domhanda air, a fheiceáil in Éirinn. Bhí líníochtaí agus priontaí le daoine cáiliúla mar Rembrandt, Hendrick Avercamp, Jan van Goyen agus Jacob van Ruisdael i lár an aonaigh. Taispeánadh gach cineál rud ar nós, céad chéimeanna linbh, staidéar ar fhíodóir i mbun oibre, chomh maith le tírdhreacha síochánta faoi chrainn agus thug na saothair iontacha sciliúla ar pháipéar i líníochtaí na hÍsiltíre léargas ar shaol agus ar chéadfacht na hÍsiltíre na céadta bliain ó shin. I mbailiúchán an Ghailearaí féin, bhí staidéar



ullmhúcháin le Dirck Hals a bhain leis an taispeántas *An Interior with Ladies and Cavaliers* dá chuid féin agus Dirck van Delen

Eagraíodh an taispeántas seo i gcomhar leis an Rijksmuseum in Amstardam.

### ***Keating's Allegories of Change***

**(20 Lúnasa – 27 Samhain 2022) Seomra 15, Sciathán Íochtair Milltown | Saorchead isteach**

**Coimeádaí: Brendan Rooney**

Léirigh Sean Keating ceann de na tréimhsí ba shuaite i stair na hÉireann ina phictiúr. De réir mar a lean an troid ar son an neamhspleáchais, agus nuair a bunaíodh an Saorstát, tháinig forbairt agus athrú ar sheasamh polaitiúil Keating féin. Spreag léirscrios agus an méid daoine a maraíodh le linn an Chogaidh Chathartha go háirithe é chun athmheasúnú a dhéanamh ar chúrsa polaitíochta agus sóisialta na hÉireann. Chruthaigh Keating *Allegories of Change*, trí phríomhshaothair a roghnú, ina measc, *Men of the West* (Gailearaí Hugh Lane, 1915), *On the Run – War of Independence* (Gailearaí Crawford, c.1924) agus *Homo Sapiens: An Allegory of Democracy* (GNÉ, 1929-30), a léirigh an dóigh ar ghluais ealaín Keating ó phéintéireacht pholaitiúil dhoiciméadach agus na n-aircítíopaí calma i dtreo pictiúir a léirigh an chiall a bhí leo ar bhealach siombalach. Bhí pictiúr Keating, *Allegory* (GNÉ, 1924) i gcroílár an taispeántais, léargas casta ar staid an náisiúin i ndiaidh an Chogaidh Chathartha. Ba é Keating féin ealaíontóir neamhoifigiúil an tSaorstáit ar go leor bealaí agus bhí an-suim aige i gcónaí san idirghníomhú idir an stair, an cultúr, an eacnamaíocht agus an pholaitíocht, agus na slite a ndeachaigh siad seo i bhfeidhm ar shaol mhuintir na hÉireann.

Thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán leis an taispeántas seo faoi Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012–2023.

### ***Estella Solomons: Still Moments***

**(3 Meán Fómhair – 8 Eanáir 2023) | Seomra 31 | Saorchead isteach**

**Coimeádaí: Niamh MacNally**

Rinne an taispeántas seo iniúchadh ar cheangail teaghlaigh, sóisialta agus polaitiúla an ealaíontóra mór le rá Estella Solomons a rugadh i mBaile Átha Cliath, agus na portráidí a spreag siad. Cruthaíodh na portráidí neamhmhaoithneacha, atá réasúnta beag gan cuidiú ó staidéar ullmhúcháin, agus léiríonn siad fíis threáiteach Solomons. Bhí Solomons gníomhach go polaitiúil ar feadh roinnt blianta. Ghlac sí páirt i gCumann na mBan, agus chruthaigh sí a lán de na portráidí is fearr de chairde náisiúnaithe agus liteartha, le linn thréimhse na Réabhlóide. Bhí pictiúir ó bhailiúchán an Ghailearaí mar aon le portráidí ó Ghailearaí Chathair Bhaile Átha Cliath, Hugh Lane, Iarsmalann Uladh, Béal Feirste, The Model, Sligeach, Músaem na nGiúdach, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus bailiúcháin phríobháideacha san áireamh sa taispeántas seo.

Thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán leis an taispeántas seo faoi Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012–2023.

## *Turner: The Sun is God*

**(8 Deireadh Fómhair 2022 – 6 Feabhra 2023) | Seomraí 6 -10 | Ticéid**

**Coimeádaí: Niamh McNally**

Cuireadh nach mór 90 saothar ealaíne leis an ealaíontóir Sasanach J.M.W. Turner ar taispeántas in Éirinn den chéad uair sa taispeántas seo de shaothair ó bhailiúchán Tate. Is é David Blayney Brown, scoláire iomráiteach ar shaothar Turner a cheap an taispeántas, *Turner: The Sun is God* ina ndearnadh iniúchadh ar an spéis a bhí ag Turner i bhfeiniméin mheitéareolaíochta agus atmaisféir; an ghrian, an ghealach agus na scamail, chomh maith le fórsaí ollmhóra an nádúir. Léirigh an taispeántas forbairt chruthaitheach Turner ó na sceitsí luatha agus ‘tús dathanna’ trialacha go dtí uiscadhathanna críochnaithe, olaí agus priontaí foilsithe. Léirigh an taispeántas go raibh baint as cuimse ag uiscadhathanna le cur chuige eolaíoch ach iomasach Turner; rud a thug deis dó déine fhórsaí an nádúir a léiriú le cruinneas léiritheach nach bhfuil a shárú le fáil.

Eagraíodh an taispeántas seo i gcomhar le Tate. Tacaíocht le mórtas ó Grant Thornton, Comhpháirtí Taispeántais Turner.

## *Roller Skates & Ruins*

**(15 Deireadh Fómhair 2022 – 10 Márta 2024) | Seomra 11 | Saorchead isteach**

**Coimeádaithe: Andrea Lydon, Marie Lynch & Donal Maguire**

Roghnaíodh roinnt cartlanna stairiúla agus saothair ealaíne ó bhailiúcháin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus léirigh an taispeántas seo eispéiris éagsúla seisear ealaíontóirí Éireannacha a chuidigh nó a thug fianaise i leith forbairtí sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla sa tréimhse 1912–23: Grace Gifford, Sarah. Cecilia Harrison, Aloysius O'Kelly, William Orpen, Sarah Purser agus Jack

B. Yeats. D'éascair éagsúlacht insintí as na leabhair sceitseála, litreacha, líníochtaí, cuimhní cinn, leabhair gearrthóg agus ephemera, cuid díobh a bhí greannmhar agus fonóideach agus cuid díobh a bhí an-tochtmhar. Thug na réada agus na líníochtaí cartlainne seo léargas nua ar shaol laethúil na n-ealaíontóirí, ar choinníollacha oibre, ar leasanna polaitiúla, agus ar a ndearcadh féin ar imeachtaí neamhghnácha an ama.

Thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán leis an taispeántas seo faoi Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012–2023.

### ***Memento Civitatem***

**(15 Deireadh Fómhair 2022 – 19 Samhain 2023) | Seomra 11 | Saorhead isteach**

**Coimeádaithe: Andrea Lydon, Marie Lynch & Donal Maguire**

Freagra ar *Roller Skates & Ruins*, atá sa chomhshaothar *Memento Civitatem* leis an amharcealaíontóir Alice Maher agus an t-ealaíontóir leabhar Jamie Murphy. Seo é an chéad leabhar ealaíontóirí a choimisiúnaigh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus dearadh é go speisialta lena chur ar taispeáint sa Ghailearaí. Tugadh cuireadh do Maher agus Murphy leabhar ealaíontóirí a chruthú mar fhreagra ar shaothair ealaíontóirí chartlanna an Ghailearaí a mhair tríd na forbairtí sóisialta agus polaitiúla a comóradh le linn Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain.

D'éascair *Memento Civitatem* as taighde a rinne Maher ar ealaín, saol agus idéil seisear ealaíontóirí Éireannacha – Grace Gifford, Sarah Cecilia Harrison,

Aloysius O’Kelly, William Orpen, Sarah Purser agus Jack B. Yeats – agus déanann *Memento Civitatem* iniúchadh ar ár gcaidreamh comhaimseartha le cultúr, saoránacht, samhlaíocht agus gníomhaíochas. Spreag leagan amach an chárta Tarot leagan amach an tsaothair seo, i.e. meán ar féidir mínithe éagsúla agus frithráiteacha a bhaint astu, tá fiche haon cárta le híomhánna íocónacha orthu i dteannta focail agus frásaí a bhféadfadh duine míniú a bhaint astu. De bharr an chlógghrafaíocht láimhe agus cur chuige iomasach i leith cruthú íomhánna, is óid é *Memento Civitatem* do chuid de chleachtais ealaíne agus de phróisis táirgthe litirphreas na tréimhse.

Thacaigh BSL, urraitheoir Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann leis an taispeántas seo.

### ***Duais Portráide Zurich & Duais Portráide Zurich do Dhaoine Óga 2022***

**(26 Samhain 2022 – 2 Aibreán 2023) | Seomra 23 | Saorhead isteach**

**Coimeádaithe: Brendan Rooney agus Dara McElligott**

Tháinig na céadta iarratas isteach ó gach cearn d’Éirinn chomh maith le go leor ó thíortha eile don chomórtas ‘Duais Portráide Zurich 2022’ agus ‘Duais Portráidí Zurich do Dhaoine Óga 2022’. Ina measc bhí saothair i réimse leathan meán, ó ghrianghraif agus líníochtaí go dealbhóireacht agus péintéireacht. Ba dhúshlán a bhí ann do na moltóirí (Anna O’Sullivan, Diana Copperwhite agus Nick Miller) de bharr ardchaighdeán na hoibre agus bhí sé deacair gearrliosta de fiche sé saothar a roghnú ar dtús, agus ansin na buaiteoirí a roghnú.

Roghnaíodh *Salvatore* le David Booth (portráid de bhuaiteoir Dhuais Portráide Zurich 2021, *Salvatore of Lucan*) mar bhuaiteoir Dhuais Portráide Zurich.

Roghnaíodh *Féinphortráid Dhúbailte* Cara Rose agus *Some Days Hence* le Gavin Leane mar dhá shaothar a raibh ardmholadh ag dul dóibh. Roghnaíodh *New*

*Beginning*, 2022, pictiúr ar chanbhás le Meilin Ava Song, 13 bliana d'aois, as Baile Átha Cliath, mar bhuaiteoir iomlán Dhuais Portráide Zurich do Dhaoine Óga. Cuireadh taispeántais Dhuais Portráide Zurich 2022 ar taispeáint san RCC i Leitir Ceanainn i 2023.

Urraithe ag comhlacht Zurich Insurance Plc, agus eagraithe ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

## **BUAICPHOINTÍ - BAILIÚCHÁN**

### **SAOTHAR FAIGHTE NUA**

**Dorothy Cross**

**(r.1956 Corcaigh)**

*Paper Mountain, 2014*

Grianghraf

25 x 40 cm

Bronnta, 2022

NGI.2022.2

Baineann an grianghraf seo le dealbh Dorothy Cross *Paper Mountain*. Tá naoi mbileog de pháipéar teilgthe ar thristéal anseo, agus iad ag léiriú sliabhraon ard. Bhí an dealbh ar taispeáint sa taispeántas ‘View’ (Gailearaí Kerlin, 2014), ina raibh grianghrafadóireacht, agus dealbhóireacht curtha i láthair in ábhair thraidisiúnta, lómhara agus athearraíochta. Bhí an grianghraf seo, atá drámatúil ó thaobh soilsiú agus uigeachta de, ar cheann de ghrúpa grianghraf a tógadh trí lataí cliathbhosca ina raibh an dealbh.

**Nathaniel Hone the Younger**

**(Baile Átha Cliath 1831 – 1917 Baile Átha Cliath)**

*The Pont du Gard, 1885*

Ola ar chanbhás

86 x 127 cm

Ceannaithe, 2022

NGI.2023.8

Seo ceann de na saothair ab fhearr a phéinteáil Nathaniel Hone riamh, agus thaisteal sé chun na Fraince sna 1850idí rud a spreag na glúnta ealaíontóirí Éireannacha ina dhiaidh sin chun an rud céanna a dhéanamh. Is léiriú é an rogha a rinne Hone an Pont du Gard cáiliúil a phéinteáil ar a spéis leanúnach san ailtireacht agus sa tseandálaíocht. Chríochnaigh sé an pictiúr sa chéad aois AD. Tá sé soiléir gurb é an droichead ábhar an phictiúir, níl i gceist leis na daoine ar bharr an droichid agus ar bhruach na habhann thíos ach chun scála a léiriú.

### **Paul MacCormaic**

**(r.1961 Baile Átha Cliath)**

*Portráid de Catherine Corless, Staraí agus Feachtasóir um Chearta an Duine,*  
2021

Ola agus aicrileach ar chanbhás

122 x 91 cm

Bronnta, Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (Pátrúin Chistí Ealaíne na hÉireann), 2022

NGI.2022.28

Baineann an phortráid seo le sraith dar teideal 'The Vanquished Writing History', ina dtugann Pól MacCormaic aitheantas do dhaoine a bhí i mbun feachtais agus feachtasaíochta ar son daoine imeallaithe agus a raibh a gcearta bainte díobh. Bhí Catherine Corless chun tosaigh sa bhfiosrúchán faoi bhás os cionn 800 leanbh idir 1925 agus 1961 in áras Máithreacha agus Leanaí Bon Secours i dTuaim, a baile dúchais,. D'úsáid sí a scileanna mar staraí, agus a



cuidhní féin ar an institiúid mar dhuine a chónaigh sa mbaile seo i gCo. na Gaillimhe, chun anailís mhion a dhéanamh ar chartlanna agus ar thaifid na comhairle atá i seilbh leabharlanna agus eaglaisí.

## **Harry Aaron Kernoff**

**(Londain 1900 – 1974 Baile Átha Cliath)**

*Sunday Evening – Place du Combat, Páras, 1937*

Ola ar chlár

62.2 x 96.5 cm

Ceannaithe, 2022

NGI.2022.32

Taispeánann an pictiúr seo acomhal gnóthach ar an Boulevard de la Villette (anois an Place du Colonel Fabien) atá athraithe ar fad anois. Thug Kernoff cuairt ar Pháras roinnt babhtaí sna 1920í agus 1930idí, agus chuir sé ábhair as Páras ar taispeáint i mBaile Átha Cliath agus i Londain. Cé gur minic a chuir sé é féin i bpictiúir i suíomhanna uirbeacha, tugann sé le tuiscint anseo go raibh sé i láthair trí dheoch atá fágtha ar imeall boird a fheictear chun tosaigh sa phictiúr. Léiríonn an phéintéireacht an tarraingt a bhí ag ealaíontóirí ar phríomhchathair na Fraince i gcónaí, agus spéis ar leith Kernoff in áiteanna a mbíodh daoine ag teacht le chéile go neamhfhoirmeálta.

## **Miseon Lee**

**(r.1959 An Chóiré Theas)**

*An Breitheamh Catherine McGuinness, Breitheamh de chuid na Cúirte*

*Uachtaraí agus Leasaitheoir, 2022*

Ola ar línéadach

Le fráma: 92 x 65 cm

Bronnta, Tara Doyle, 2022

NGI.2022.33

Léiríonn foirfeacht agus íogaireacht na portráide seo de Catherine McGuinness an gnáthchineál saothair a chruthaigh Miseon Lee. Rugadh McGuinness (née Ellis) i mBéal Feirste agus bhí sí mar bhall de Sheanad Éireann agus den Chomhairle Stáit, agus ba í an chéad bhean a ceapadh ina breitheamh de chuid na Cúirte Cuarda. I 1996 ceapadh ina breitheamh Ard-Chúirte í, agus ceithre bliana ina dhiaidh sin ceapadh í ina breitheamh sa Chúirt Uachtarach, áit a raibh sí mar bhreitheamh go dtí 2006. I 2005, ceapadh í mar ollamh cúnta le dlí in OÉ Gaillimh agus ceapadh í mar Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Chaith sí tréimhse chomh maith ar an bhFóram um Shíocháin agus Athmhuintearas agus mar Chathaoirleach ar an bhFeachtas do Leanaí.

## **Willie Doherty**

**(r.1959 Doire)**

*Doire, 30 Eanáir, 2022*

Lí phrionta ar pháipéar grianghraf Hahnemühle, Rag Baryta 315gsm

106.6 x 133.3 cm

Ceannaithe, 2022

NGI.2022.36

Ghlac Willie Doherty an grianghraf seo ag acomhal Shráid Chamberlain agus Sráid Harvey i nDoire. Ba anseo, díreach caoga bliain roimhe sin, a bhí an

tAthair Edward Daly le ciarsúr bán ina láimh chun tosaigh ar ghrúpa daoine a bhí ag iarraidh Jackie Duddy a bhí gortaithe a iompar go dtí áit shábháilte. Tugann léiriúcháin Doherty ar láithreacha ina raibh coimhlintí, go háirithe iad siúd a rinneadh tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta, deis don lucht féachana machnamh a dhéanamh ar na himeachtaí trámacha a bhaineann leis na láithreacha sin.

## **Enda Bowe**

**(r.1975, Ceatharlach)**

*Fergal Keane (r.1951)*

*Iriseoir agus Údar, 2021*

Grianghraf – Prionta de chineál-C

50.8 x 76.2 cm

Coimisiúnaithe, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 2022

NGI.2022.37

I mí Feabhra 2021, chruthaigh Enda Bowe an phortráid seo in árasán Fergal Keane, comhfhreagraí eachtrach agus údar a bhfuil duaiseanna buaite aige. Scríobh sé gur 'léirigh an pictiúr an cineál ruda a raibh súil agam [leis]: gnáth-nóiméad i saol Fergal a bhfuil cuma stadán scannáin air agus cuma chomh nádúrtha ar thimpeallacht Fergal'. Coimisiúnaíodh an phortráid mar chuid *de Dhuais Portráide Zurich 2019*.

**Alice Maher**

**(r.1959 Cill Mhaoileachair, Co. Thiobraid Árann)**

*Féinphortráid, 2022*

Gualach agus cailc ar pháipéar 638g

122 x 102 cm

Ceannaithe, 2022

NGI.2022.38

Cé go raibh an líníocht ríthábhachtach i gcónaí d’Alice Maher, is é seo an chéad fhéinphortráid a rinne sí. Is éard atá i gceist leis, dar leis an ealaíontóir, ‘líníocht agus smaointeoireacht, agus smaointeoireacht agus líníocht’ arís agus arís eile. De réir mar a tháinig an obair chun cinn, glanadh amach an t-éadan agus ghlac an ghruaig ‘ riocht agus fuinneamh dá cuid féin’. Tá suim ag Maher le fada i mbéarlagair na gruaige, agus an tábhacht a bhaineann léi i gcruthú agus i léiriú na féiniúlachta, go háirithe i gcás na mban .

**James Coleman**

**(r.1941 Ros Comáin)**

*Neamhbheo (leagan buí), 2013–16*

Fortheilgean digiteach, leanúnach, dath, tostach

(Eagrán de 3 + Cóip an ealaíontóra)

Ceannaithe, 2022

NGI.2022.44

Tá James Coleman ina cheannródaí san ealaín suiteála lionsa-bhunaithe, agus aithnítear go hidirnáisiúnta é as a thionchar ar ealaín choincheapúil an fichiú haois. Bogann an saothar seo chomh mall gur ar éigean a airíonn tú an bogadh ag tarlú. Is machnamh atá ann ar stair na bpictiúr neamhbheo agus ar phéinteáil bláthanna in ealaín Iarthar na hEorpa. De bharr an scála suntasach agus an suíomh réamhbheartaithe, ní léirítear nádúr neamhbhuan an ábhair agus cuirtear béim ar a cháilíochtaí siombalacha.

### **Nicolaes Pietersz Berchem**

**(Haarlem 1620/21 – 1683 Amstardam)**

*Seilg fianna*, 1657–58

Cailc dhubh ar pháipéar

24.1 x 38.7 cm

Ceannaithe, 2022

NGI.2022.45

Tá radhairc seilge, miotaseolaíochta agus radhairc as an mBíobla chomh maith le tírdhreacha Iodálacha le fáil go fairsing i saothar péinteála, líníochta agus eitseála Nicolaes Pietersz Berchem a rugadh i Haarlem. Léiríonn an líníocht bheoite cailce seo, ina láimhseáiltear solas agus gluaiseacht go paiteanta, na sárscileanna líníochta a bhí aige. Baineann an saothar seo go díreach le pictiúr Berchem *The Stag Hunt*, atá i mbailiúchán an Ghailearaí chomh maith.

## John Lavery

(Béal Feirste 1856 – 1941 Co. Chill Chainnigh)

*Gairdín sa Fhrainc*, 1898

Ola ar chanbhás

101 x 127 cm

Bronntanas Oidhreachta, Lochlann agus Brenda Quinn, 2022

NGI.2022.138

Seo ceann de thrí phictiúr de chuid John Lavery a cuireadh ar taispeántas ag an gcéad taispeántas de Chumann Idirnáisiúnta na nDealbhóirí, na bPéintéirí agus na nGreanadóirí i Londain i 1898. Léiríonn sé gean an ealaíontóra ar an gceantar timpeall Fontainebleau ach taispeánann sé chomh maith an bealach ina bhfuil forbairt tagtha ar a stíl agus a theicníc ón gcéad chuairt ar an réigiún breis is cúig bliana déag roimhe sin. Phéinteáil sé é seo le linn cuairte a thug sé ar a chairde na Heseltines i Marlotte, lena iníon Eileen a bhí sé bliana d'aois. Bhí gairdín léibheannaithe na Heseltines ag síneadh síos go dtí abhainn an Loing.

**\* Tá liosta iomlán de na saothair faighte i 2022 le fáil in Aguisin 1**

## CAOMHNÚ

### Príomhthionscadail

#### **Calisto le Richard Rothwell**

Rinneadh cóireáil chaomhnaithe chuimsitheach ar Calisto, an nochtfhíor de bhean ina leathluí leis an bpéintéir Richard Rothwell, a rugadh i mBaile Átha Luain sa naoú haois déag. Thug an tionscadal deis don fhoireann Chaomhnaithe glóthacha glantacháin nanastruchtúrtha nuálacha a úsáid den chéad uair. De bharr na dteicnící glantacháin nua seo, a d'fhorbair an tionscadal taighde NANOFORART, arna mhaoiniú ag an AE, bhí ar chumas na gcoimeádaithe modhanna níos inbhuanaithe agus nach bhfuil chomh tocsaineach a úsáid.

Rinneadh athchóiriú ar an bpictiúr seo le cistí a bhronn Ewan Currie agus Ailbhe Fallon, Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

#### **Caisleán Mhullach Íde**

I measc na mórthionscadail chaomhantais, bhí an obair a rinneamar i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall ar athchóiriú an Halla Mhóir i gCaisleán Mhullach Íde. I dteannta an athchóirithe, tosaíodh ar thionscadal fairsing caomhnaithe ar iasachtaí fadtéarmacha i mbailiúchán an Ghailearaí. Caomhnaíodh agus athchóiríodh breis is 30 saothar le linn an tionscadail seo.

#### **Mol Taighde Eolaíoch Nua & Eolaí Taighde Caomhantais**

I 2022, bunaíodh an Mol Taighde Eolaíoch nua laistigh den Rannóg Chaomhnaithe. Déanann an mol nua seo a chinntiú go mbeidh na caighdeáin is airde i dtaighde agus i gcaomhnú á gcur i bhfeidhm maidir le réimse leathan saothar ealaíne. Beidh sé ríthábhachtach chun tuiscint agus léirthuisicint

léannta ar bhailiúchán an Ghailearaí a chothú chomh maith lena chinntiú go gcoinneofar na saothair slán sábháilte go fadtéarmach. I rith na bliana, cheap an Gailearaí a chéad Eolaí Taighde Caomhantais. Táimid buíoch d'Ivor O'Shea as a thacaíocht don Mhol Taighde Eolaíoch agus don phost um Eolaí Taighde Caomhantais.

### **Clár Intéirneachta Caomhnaithe na Comhairle Oidhreachta**

Don tríú bliain as a chéile roinn an Gailearaí an clár intéirneachta seo le Gailearaí Hugh Lane. Ghlac an t-intéirneach a roghnaíodh páirt i gcóireáil chaomhnaithe saothar ealaíne comhaimseartha *The Sofa* (Bailiúchán de chuid Ghailearaí Hugh Lane) leis an ealaíontóir ó Thuaisceart Éireann Rita Duffy; agus péintéireacht painéil Iodálach ón 14ú haois de chuid Giovanni del Biondo, *The Virgin with Child with Angels*, (NGI.943, Bailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann).

### **Uiscedhathanna Turner**

Dhírigh an fhoireann Caomhnaithe Páipéar ar réiteach taispeána nua do 31 uiscedhath don taispeántas *Turner & Place: Landscapes in Light and Details*. Stóráiltear na huiscedhathanna de ghnáth ina mbunfhrámaí, ach don taispeántas seo ní raibh frámaí ar na saothair agus taispeánadh iad agus suiteáladh iad sna cásaí gloine ar an mballa sa Ghailearaí Priontála.

### **Clár Monatóireachta an Bhailiúcháin**

Mar chuid de chlár monatóireachta an bhailiúcháin, rinneadh suirbhé agus coimeád ar thaipéis le Louis Le Brocquy, *The Triumph of Cuchulainn*, NGI.12259, a bhí ar taispeáint i halla sciathán na Mílaoise. Rinneadh anailís



saindeartha agus cóireáil chaomhnaithe ar shaothar ealaíne comhaimseartha le Dorothy Cross, *Submarine*, NGI.2019.43.

### **Clár Monatóireachta Timpeallachta**

I rith 2022, cuireadh an Clár Monatóireachta Timpeallachta i bhfeidhm ar bhonn ní ba leithne, agus cuireadh logálaithe sonraí breise leis an gcóras i ngach láthair stórála agus gailearaí ar nós Sheomra Shaw i sciathán Dargan agus sa Ghailearaí Mór uachtarach. Chuir sé seo feabhas ar chomhiomlánú na sonraí ar fud na n-ionad seo agus chuir sé ar ár gcumas cinntí bunaithe ar eolas a dhéanamh ar bhealach ní b'fhearr. Ar an gcaoi chéanna, tá 6 bhraiteoir breise d'aonaid láimhseála aeir (AHU) feistithe i sciathán uachtarach na Mílaoise chun cabhrú leis seo chomh maith.

### **Caomhnú na Saothar Faighte Nua**

Is saothar ealaíne déanta as olann lámh-dosach é *Mirace of Fire* le Isabel Nolan, NGI.2022.24, agus bhí réamhphleanáil de dhíth chun clár rathúil cúraim a chur i bhfeidhm nuair a fuarthas an saothar seo. Nuair a dhéantar plé in am maidir le réad atáthar lena fháil, tugtar deis don rannóg Chaomhnaithe agus don rannóg Láimhseáil Ealaíne agus do rannóga ábhartha eile comhordú a dhéanamh ar na riachtanais chúil láimhseála, rochtana agus cúram coiscitheach do réad mar seo.

### **Tionscnamh Caomhnaithe Canbháis Fhondúireacht J. Paul Getty**

De thoradh ar dheontas suntasach a bronnadh ar an nGailearaí trí Thionscnamh Caomhnaithe Canbháis Fhondúireacht J. Paul Getty, bhíothas ábalta taighde agus cóireálacha struchtúracha a dhéanamh ar thrí phictiúr thábhachtacha: Guercino, *Saint Joseph with the Christ Child*, NGI.192; Juan Gris, *A Guitar, Glasses and a Bottle*, NGI.1313.1; Juan Gris, *Carafe, Cups and Glasses*, NGI.1313.2. Mar thoradh ar an tionscadal, ar feadh tréimhse 12 mhí,

d'oibrigh foireann shinsearach Caomhnaithe an Ghailearaí le coimeádaithe nua a bhí ag tosú ina ngairm, agus a earcaíodh le tacaíocht an deontais. Foilseoidh foireann an tionscadail a gcuid torthaí agus taighde amach anseo.

## **AN LEABHARLANN agus NA CARTLANNA**

### **Príomhthionscadail**

#### **Source – Bailiúchán Digiteach**

Sheol an Gailearaí an áis Source i 2022, seo ardán a thugann rochtain ar bhailiúcháin digitithe atá á gcoimeád in Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann agus i gCartlann Yeats. Nuair a seoladh é, sholáthair Source rochtain ar 16,670 taifead catalóige a bhain le healaín na hÉireann agus os cionn 6,000 íomhá dhigiteach a bhain leo. Beidh sé ag fás de réir mar a théann catalógú agus digitiú ár mbailiúcháin leabharlainne agus chartlainne chun cinn.

Forbraíodh Source le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Dúirt an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, Catherine Martin TD,

*Is iontach an rud é Source a fheiceáil i bhfeidhm tar éis maoiniú ó mo Roinn €300,000 a thabhairt do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i 2017 faoin Scéim um Dhigitiú Cultúrtha. Thacaigh an maoiniú seo le forbairt na gcóras agus an bhonneagair theicniúil a theastaíonn chun bailiúcháin dhigiteacha a bhainistiú agus a aimsiú. Tá na mílte taifead ar fáil anseo do gach duine in Éirinn anois agus is tráth suntasach é seo d'ealaín na hÉireann.*

#### **Duais Aiste Sarah Cecilia Harrison**

Ealaíontóir cumasach ab ea Sarah Cecilia Harrison, agus thacaigh sí chomh maith le hathchóiriú sóisialta in Éirinn go luath san fhichiú haois. I 2022, sheol an Gailearaí Duais Aiste Sarah Cecilia Harrison, in ómós d'oidhreacht an ealaíontóra. Faigheann an duais tacaíocht fhlaithiúil ó mhuintir Beatrice Chisholm, deirfiúr Sarah Cecilia Harrison, agus tá sé mar aidhm ag an gcomórtas seo aitheantas a thabhairt do shaothair shármhaith i reimsí na

taighde agus na scríbhneoireachta a bhaineann le mná atá ag obair sna hamharcealaíona in Éirinn.

Bronnadh an chéad duais sa chomórtas ar Chiara Harrison Lambe as a haiste ‘Stella Steyn (1907–1987): A Name to Remember’, ag ócáid speisialta a reáchtáladh sa Ghailearaí i mí na Samhna. Foilsíodh Cartlann digitithe Sarah Cecilia Harrison agus Hugh Lane, a fuarthas i 2019, ag an searmanas bronnta seo chomh maith.

Aistríodh Cartlann Watson ó Ghailearaí Crawford go dtí an Gailearaí i 2022. Is éard atá sa bhailiúchán seo ná dearaí agus cartúin le James Watson & Son, stiúideo gloine dhaite ar éirigh go maith leis in Eochail sa naoú haois déag agus san fhichiú haois. Tá breis is míle mír sa bhailiúchán a théann chomh fada siar leis na 1890idí, ina measc, dearaí, leabhair chuntais agus ábhair eile.

### **Bailiúchán Cartlainne Homan Potterton**

I 2022, fuaireamar cartlann iar-Stiúrthóir an Ghailearaí, Homan Potterton, bronnta ag Alex Heusen. Staraí ealaíne, iriseoir, údar ab ea Potterton agus ba é an Stiúrthóir ab óige riamh ar an nGailearaí. Cé go raibh dúshlán ag baint lena thréimhse sa Ghailearaí, d’fhorbair sé an bailiúchán agus fuarthas saothair mhóra agus rinneadh roinnt shuntasach ceannachán lena linn, ina measc, bronntanas Beit.

## **BUAICPHOINTÍ - OIDEACHAS**

### Príomhthionscadail

#### **Comhoibriú idir Ealaíontóir agus an Pobal**

##### **Knot Bind Gesture Bend: Richard Malone, ealaíontóir cónaitheach**

I samhradh 2022, mar chuid dár gclár foghlama agus rannpháirtíochta ag tacú le taispeántas *Giacometti: From Life*, tugadh cuireadh don ealaíontóir agus dearthóir Éireannach a bhfuil duaiseanna buaite aige, Bhí Richard Malone ar ealaíontóir cónaitheach sa Ghailearaí. Mar fhreagra ar thaispeántas Giacometti agus ábhar eile a bhain leis sa bhailiúchán agus sa chartlann, chruthaigh Malone saothar ealaíne nua, ar an láthair sa Stiúideo Oideachais sa Ghailearaí. Osclaíodh taispeántas den saothar seo dar teideal *Knot Bind Gesture Bend* don phobal i rith mhí Lúnasa, agus rinne foireann éascaitheoirí léirmhíniú don phobal ar ealaín agus cleachtas Malone. Ghlac 10,919 duine páirt sa chónaitheacht, sa taispeántas agus sa chlár. Chuaigh an taispeántas ar camchuairt ina dhiaidh sin go Teach Ormston, Luimneach.

Ba iad Arthaus Hotel ár gComhpháirtí Cóiríochta d'Ealaíontóir Cónaitheach Giacometti.

#### **Tá mo Bhunscoil ag an Músaem**

##### **Tá mo Bhunscoil ag an Músaem – i gComhpháirt le Scoil Náisiúnta Catherine McAuley agus Institiúid Oideachais Marino**

Dearadh an tionscadal seo ionas chun ceangal a chruthú idir scoileanna ó lár na cathrach agus an Gailearaí, tríd an seomra ranga agus na mic léinn a chur i gcroílár an mhúsaeim. Ba iad daltaí rang a 6 ó Scoil Náisiúnta Catherine McAuley ár gcéad 'scoil chónaithe'. Ar feadh seachtaine i mí Feabhra, Ionnaigh

siad iad féin i Stiúideo Sciathán na Mílaoise. D'úsáid siad an Gailearaí mar sheomra ranga chun staidéar a dhéanamh ar ábhair an churaclaim, ina measc, Ealaín, Béarla, Matamaitic, Tíreolaíocht agus Stair. Sa dara seachtain, d'fheidhmigh na daltaí mar threoraithe turais don chuid eile do dhaltaí na scoile. D'fhreastail 2,033 duine ar Stiúideonna Oscailte ag an deireadh seachtaine. Tháinig a lán de na daltaí ar cuairt lena dteaghlaigh don chéad uair.

## **Painéal na nÓg**

### **Ceangail Nua**

Tar éis cuireadh oscailte i mí Mheán Fómhair, roghnaíodh naonúr déag daoine óga (aois 16-25) don chéad Phainéal na nÓg sa Ghailearaí. Bhí réimse éagsúil d'eispéiris bheo, dearcthaí agus d'ábhair spéise i measc an ghrúpa daoine óga seo. Ina measc, bhí mic léinn na hIdirbhliana, iad siúd atá ag déanamh staidéir ar chéimeanna fochéime nó Máistreacht, agus daoine a bhí fostaithe go lánaimseartha. Cé go raibh a lán díobh ina gcónaí i gceantar Bhaile Átha Cliath, bhí daoine ann ó Laois, Cill Dara, Cill Mhantáin, Contae Lú, Aontroim, Gaillimh agus Ciarraí. Chaith na daoine seo a gcuid ama ag foghlaim faoin nGailearaí agus d'eagraigh siad imeacht poiblí chun eolas a thabhairt faoi fhorbairt an Phainéil. Thug siad cuireadh don fhoireann, don phobal, dá muintir agus do chairde a gcuid smaointe faoin nGailearaí agus faoin bPainéal a roinnt ar nótaí greamaitheacha, nó trí cholláis nó míreanna vox pop a dhéanamh nó trí cheol. Beidh an chaoi a múnlaíonn na daoine óga an Painéal agus eagrú an chláir i 2023 bunaithe ar an eolas a bailíodh le linn na gcomhráite seo. Tá an Painéal ina chuid de Thionscadal Apollo. Tugann Fondúireacht Apollo tacaíocht do Chomhaltacht Apollo.

## **Rannpháirtíocht Ar Líne**

Tar éis triail a bhaint as roinnt formáidí éagsúla, i 2022, socraíodh cláir fhoghlama ar feadh an tsaoil ar líne do dhaoine fásta a chur ar fáil mar chuid dhílis do chlár an Ghailearaí. D'éirigh go maith le cúrsaí ar líne maidir le léirthuisct ealaíne chun rannpháirtíocht a neartú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuireadh trí chúrsa ar líne um léirthuisct ealaíne ar fáil i 2022. Chlúdaigh siad téamaí ar nós ealaín agus litríocht, ealaíontóirí ban de chuid na hÉireann, agus ealaín an tsolais. Mhair gach cúrsa ar feadh ocht seachtaine. Cuireadh taifead ar fáil de gach léacht.

Cuireadh réimse ranganna ar líne ar fáil i rith 2022. Ar thrí mhaidin Shathairn, chuireamar sraith de thrí rang líníochta ar fáil, spreagtha ag saothair a bhí ar taispeántas sa taispeántas *Dutch Drawings: Highlights of the Rijksmuseum*. Ba é an t-ealaíontóir agus maisitheoir leabhar P. J. Lynch a bhí i mbun na ranganna agus ghlac rannpháirtithe ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe, ón bhFrainc agus ón nGearmáin páirt iontu.

## **Teanga Chomharthaíochta na hÉireann**

Is mian linn go mbeadh teacht ag na bodhair ár gcuid clár ar bhealach níos éasca, agus i 2022, d'fhostaigh muid dhá threoraí chun cláir um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a chur ar fáil. Spreag an obair a rinne siad seo cuid den phobal ISL chun cuairt a thabhairt ar an nGailearaí agus freastal ar ár gcuid turas poiblí agus imeachtaí arna léirmhíniú ag ISL. Bhí siad seo saor in aisce. Mar thoradh air seo chomh maith tá níos mó scoileanna ISL agus grúpaí pobail ag iarraidh go gcuirfí turais in aisce ar fáil dóibh.

Cuirfidh an Gailearaí leis an ngníomhaíocht seo i 2023 trí thús a chur le turais phoiblí ISL ar thaispeántais shealadacha an Ghailearaí agus cuirfear léirmhíniú ISL ar fáil do Chainteanna Réamhléiritheacha na gCoimeádaithe ar fad. Beidh leathanach ar leith ISL ar ár suíomh Gréasáin chomh maith.

### **Jack B. Yeats: Buaitheoirí an Chomórtais Painting & Memory**

- Chun ceiliúradh a dhéanamh ar thaispeántas Jack B. Yeats: Painting & Memory, reáchtáil an Gailearaí comórtas ealaíne do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar oileán na hÉireann, le tacaíocht ó Key Capital. Rinne an comórtas seo ceiliúradh ar phobail éagsúla na hÉireann, agus tugadh deis do scoileanna dul i ngleic le téamaí a bhain le háiteanna agus cuimhne i saothar Jack B. Yeats.
- Tugadh cuireadh do scoileanna oibriú mar fhoireann, agus saothar ealaíne comhoibríoch a chruthú spreagtha ag cuimhní cinn na ndaoine ina gceantar áitiúil. Bhí rogha ag na scoileanna a saothar ealaíne a chruthú i bhfoirm ar bith ab ansa leo.
- **56** scoil a d'fhreastail ar an seimineár gréasáin d'iar-Bhunscoileanna
  - **29** scoil a chuir isteach ar an gcomórtas
- **73** scoil a d'fhreastail ar an seimineár gréasáin do Bhunscoileanna
  - **27** scoil a chuir isteach ar an gcomórtas
- **97** saothar ealaíne grúpa a cuireadh isteach

### **Jack B. Yeats: Na Scoileanna a bhuaigh an comórtas Painting & Memory**

#### **Bunscoileanna**

- Scoil Náisiúnta Naomh Fionntán, Lios Mhic Gofraidh, Co. na hIarmhí
- Scoil Eoin, Tráilí, Co. Chiarraí



- SN Éadan Fhionnfhraoich, Éadan Fhionnfhraoich, Na Gleannta, Co. Dhún na nGall
- Scoil Náisiúnta Bhaile an Loig, An Scrín, Sligeach
- Scoil Shinsearach Maelruain, Tamhlacht, Baile Átha Cliath
- Scoil Náisiúnta Chill Urnaí, Cluain Meala, Tiobraid Árann

### **Iar-Bhunscoileanna**

- Pobalscoil Naomh Eoin Baiste, an tOspidéal, Co. Luimnigh
- Coláiste Muire, Baile an Mhóta, Co. Shligigh
- Coláiste Cuimsitheach Naomh Louise, Béal Feirste
- Meánscoil Naomh Iósaf, An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath
- Coláiste De La Salle, Port Láirge
- Coláiste Naomh Benildus, Stigh Lorgan, Baile Átha Cliath

FORBAIRT LUCHT SPÉISE AGUS  
RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA

## CUMARSÁID, MARGAÍOCHT AGUS RANNPHAIRTÍOCHT DHIGITEACH

Bhí Cumarsáid, Margaíocht agus Rannpháirtíocht Dhigiteach ina ngné ríthábhachtach d'oibríochtaí an Ghailearaí i 2022. D'úsáid ár bhfoireann ár mbealaí cumarsáide go léir chun ár lucht spéise a choinneáil ar an eolas, iad a spreagadh agus chun siamsaíocht a chur ar fáil dóibh. Léiríomar stuamacht i dtaobh cothromaíochta idir faisnéis sábháilteachta thábhachtach a chur ar fáil agus eolas a thabhairt faoinár gcuid taispeántas, faoinár gcuid clár agus faoin gcaoi a bhfuil an bailiúchán ag forbairt. Is éard atá i gceist lenár bpleananna cumarsáide bliantúla ná oibriú i gcomhar le comhghleacaithe sa Ghailearaí chun scéalta a insint agus chun ábhar tarraingteach a chruthú.

### Buaicphointí

Osclaíodh an taispeántas *Turner & Place: Landscapes in Light and Detail* i mí Eanáir 2022. De bharr na srianta a bhain leis an bpaindéim bhí orainn an taispeántas a oiriúnú don lucht féachana. Cruthaíodh turas fíorúil do chuariteoirí lena chinntiú go bhféadfadh siad siúd a bhí ag iarraidh é a fheiceáil é sin a dhéanamh in ainneoin na srianta.

Go déanach i mí Eanáir, d'fhógair muid buaiteoirí Chomórtas Scoileanna Painting & Memory Jack B. Yeats, a fuair tacaíocht ó Key Capital. Chabhraigh an comórtas leis an nGailearaí ceangal a dhéanamh le scoileanna agus le daoine óga ar fud an oileáin.

Chuidigh feachtais fhógraíochta raidió “RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona” lenár dtaispeántais shuaitheanta samhraidh agus gheimhridh *Giacometti: From Life and Turner: The Sun is God*.

I mí Dheireadh Fómhair, mí na Samhna agus mí na Nollag chuireamar i láthair sraith ina raibh trí pháirt, *Thursday Lates*. Cuireadh ceol, ealaín, ceardaíocht

agus ar fáil san oíche, saor in aisce mar chuid den tsraith seo. Fuarthas maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán chun tacú leis an nGeilleagar Oíche.

I mí na Nollag, d'fhillamar ar shearmanas ina raibh daoine i láthair go pearsanta chun Duais Portráide Zurich agus Duais Portráide Zurich do Dhaoine Óga a bhronnadh. De bharr an fheachtais cumarsáide, tháinig méadú 126% ar rochtain sna meáin dhigiteacha, méadú 100% ar chlúdach sna meáin chlóite agus méadú 50% ar chlúdach sna meáin chraolta.

Ó mhí Aibreáin, bhí líon na gcuartheoirí chuig an nGailearaí ní b'airde ná na míonna céanna i 2019. Faoi dheireadh na bliana, chuireamar fáilte roimh os cionn 788,000 cuairteoir, agus b'ionann sin agus méadú de 3.5% ar líon na gcuartheoirí i 2019. Faoi dheireadh 2022, bhí 883,799 cuairteoir tar éis cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin chomh maith, agus 192,145 leantóir ar na meáin shóisialta, 37,021 síntiúsóir nuachtlitreach agus foilsíodh 3,708 alt preasa.

Tá liosta de bhuaicphointí maidir le tuairiscí preasa in Aguisín 3

## Tráchtáil

Bhí gníomhaíochtaí tráchtála an Ghailearaí ar ais mar is gnách i 2022.

D'earcaigh an Gailearaí Bainisteoir Tráchtála nua chun maoirsiú agus forbairt a dhéanamh ar dhíolacháin an tsiopa, ar an gcaidreamh le hoibritheoir an chaifé, ar choimisiún an chaifé, ar tháillí fruilithe imeachtaí agus ar dhíolacháin ticéad taispeántais i ndiaidh na paindéime.

## Buaicphointí

Sa siopa, bhí réimse de tháirgí nua a bhain leis na taispeántais ar díol, agus trí chomhoibriú le dearthóirí Éireannacha, tionscnaimh agus imeachtaí eile, d'éirigh leis an siopa díolacháin iomlána de €1,369,108 a dhéanamh agus brabús comhlán de €269,224 (20%) a ghiniúint.

Tar éis próiseas tairisceana poiblí, ceapadh Aramark mar oibritheoirí caifé an Ghailearaí. Thosaigh siadsan ag feidhmiú i lár na bliana agus bhí monatóireacht feidhmíochta rialta i bhfeidhm. Cuireadh tús arís le himeachtaí comhpháirtithe corparáideacha, póstaí, searmanais sibhialta agus áirithintí fruilithe eile i ndiaidh na paindéime.

Eisíodh os cionn 52,500 ticéad do na trí thaispeántas le ticéid a reáchtáladh i rith na bliana, *Jack B. Yeats: Painting & Memory*, *Giacometti ó Life* agus *Turner: The Sun is God*.

## FORBAIRT, CAIRDE AGUS PÁTRÚIN

### Buaicphointí

#### **Grant Thornton**

D'fhógair an Gailearaí comhpháirtíocht chorparáideach nua le Grant Thornton. Déanfaidh siad urraíocht ar feadh trí bliana ar shraith taispeántas leis an ealaíontóir J. M. W. Turner a bhfuil cáil dhomhanda air.

#### **Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann**

Thug BSL, urraitheoir Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann, tacaíocht don chéad leabhar ealaíontóra a choimisiúnaigh an Gailearaí. Is saothar ealaíne comhoibríoch é *Memento Civitatem* leis an amharcealaíontóir Alice Maher agus an t-ealaíontóir leabhar Jamie Murphy.

#### **SMBC Aviation Capital**

Lean SMBC Aviation Capital lena dtacaíocht don togra *Do Ghailearaí ar Scoil*, clár for-rochtana iomlánaíoch do scoileanna a bhfuil sé mar aidhm aige na constaicí a bhíonn roimh dhaoine óga agus iad ag plé le healaín a shárú.

#### **Saothar Nua a fuarthas**

Bhronn Tara Doyle portráid le Miseon Lee, *an Breitheamh Catherine McGuinness*, Breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí agus Leasaitheoir, 2022.

Míle buíochas leis na maoinitheoirí dílse, lenár gcomhpháirtithe corparáideacha, lenár gcuid ball agus leis na deontóirí a thacaigh leis an nGailearaí i 2022.

## Ár Lucht Tacaíochta

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán**

**Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann**

**Cairde Idirnáisiúnta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann**

**Cairde Meiriceánacha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann**

### **Deontóirí aonair**

Tony Ahearne

Ewan Currie agus Ailbhe Fallon

Brian agus Susan Dickie

Tara Doyle

Maurice agus Maire Foley

Ivor O'Shea

Lochlann agus Brenda Quinn

Susie Tinsley agus Ciste Theaghlach Tinsley

Daoine eile nár mhian leo a n-ainmneacha a thabhairt

### **Comhpháirtithe agus Urraitheoirí Corparáideacha**

AIB

Arthaus Hotel

Bank of America

BSL

Grant Thornton

Key Capital

Northern Trust

Permanent TSB

SMBC Aviation Capital

Sotheby's

Zurich Insurance plc

### **Fondúireachtaí agus soláthróirí deontas**

Fondúireacht Apollo

Fondúireacht Getty

An Chomhairle Oidhreachta

Fondúireacht H. W. Wilson

Fondúireacht Samuel H. Kress

Fondúireacht Sir Denis Mahon

Fondúireacht Tavolozza

### **Pátrúin Chiorcal Dargan**

Kay Krehbiel

Ivor O'Shea

### **Pátrúin Chiorcal an Stiúrthóra**

Donal agus Suzanne Casey

Lady Sheelagh Davis-Goff

Donal agus Cecilia Gallagher

Daoine eile nár mhian leo a n-ainmneacha a thabhairt

### **Pátrúin Chiorcal an Choimeádaí**

Margaret Glynn

David Hansell agus an Dr Nora Grenager

Lady Mary Hatch agus Simon Avery



Karlin Lillington agus Chris Horn

Adrian agus Jennifer O'Carroll

Daoine eile nár mhian leo a n-ainmneacha a thabhairt

### **Pátrúin de chuid Ealaín na hÉireann**

Declan Buckley

Michael Campion

An Dr. Tom Carey

Susann Claffey

Stuart Cole

Sarah Conroy

Christopher Clinton Conway

Therese Coyle

Eamonn agus Kay Curley

Pat Desmond

Gerry Doherty

Barry agus Bernie Donoghue

Eamonn Duffy

Sarah Fallon

John Feeney

Pat Flynn

René Frion

Michael agus Maria Rosa Fry

Michael Gilhooly

Fiona Henry

Vincent Hibbert

Mary Higgins

An Dr Arlene Hogan  
Ann Hunt  
Sinéad Kearney  
Laurie Keegan  
Brian Kennelly SC  
Tony Kilduff  
Michael Kunkel agus Henry Cox  
Terence Launders  
Judith Lawless  
Patricia Lawless  
Leonard M. Levie  
Anne Lyons  
Mary MacAodha  
Karen McGinley  
Adrian agus Marion Masterson  
Michael agus Gemma Maughan  
Denise Meade  
Marie Moloney  
Carmel Naughton  
Jack O'Brien  
Charles John O'Byrne  
James O'Halloran  
Lochlann agus Brenda Quinn  
Gayle Ralph  
Nora Rice agus Maurice Collins  
Sonia Rogers  
Maureen Beary Ryan

Norma Smurfit

Randall agus Nuala Tierney

Susie Tinsley

Michael agus Alison Walsh

Terry Walsh agus Brid Kemple

Ian Whyte

Dr Jean Whyte

Peter Woods MBE

Daoine eile nár mhian leo a n-ainmneacha a thabhairt.

## Foilseacháin agus Íomhánna

### Buaicphointí

#### Foilseacháin an Ghailearaí

I 2022, d'fhoilsíomar ceithre fhoilseachán a bhain le taispeántais, trí eagrán don irisleabhar, *The Gallery*, *The year in Review* agus an *Tuarascáil Bhliantúil*. Ba iad na leabhair a foilsíodh leis na taispeántais ná *Original Sins: Hughie O'Donoghue* mar chuid de Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain, *Dutch Drawings: Highlights from the Rijksmuseum* agus *Duais Portráide Zurich 2022*.

Rinneadh *Works of J. M. W Turner at the National Gallery of Ireland* a athnuachan agus a athfhoilsiú i bhfoirm clúdach cruá, le tacaíocht ó Grant Thornton, Comhpháirtí Taispeántais Turner.

Foilsíodh na trí eagrán den irisleabhar, *The Gallery* i 2022 i gcomhpháirtíocht le Cultureshock. Foilsíonn an irisleabhar nuacht agus gné-ailt ar ghníomhaíochtaí an Ghailearaí, scéalta faoi nithe atá ar siúl sa chúlra, agus ailt ó fhoireann agus aíonna an Ghailearaí. Seoltar *The Gallery* chuig ár bPátrúin agus ár gCairde trí huair sa bhliain, agus tá sí ar fáil le ceannach i Siopa an Ghailearaí.

I measc na bhfoilseachán eile bhí Dialann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, Pleanálaí Bliana agus Féilire Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 2022.

#### Creative Commons

Soláthraíonn an Ghailearaí íomhánna ar ardchaighdeán saor in aisce de shaothair ón mbailiúchán tríd an gcóras Creative Commons. Bhí breis agus

1,300 saothar curtha ar fáil faoi dheireadh na bliana 2022. Tiocfaidh méadú ar an líon íomhánna a mbeidh fáil orthu trí Creative Commons bliain i ndiaidh bliana. Is céim thábhachtach í seo don Ghailearaí, chun rannpháirtíocht níos mó leis an mbailiúchán a éascú, agus chun cur ar chumas an lucht féachana a bheith cruthaitheach lenár saothair ealaíne. Íoslódáladh níos mó ná 9,500 íomhá ó Creative Commons i 2022.

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

### Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as gach idirbheart airgeadais sa Ghailearaí a phróiseáil agus a thaifeadadh i gceart, tuarascálacha airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair in am agus córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chur i bhfeidhm agus a choimeád. Tá sé freagrach freisin as córas buiséadaithe bliantúil an Ghailearaí a ullmhú agus a bhainistiú.

Próiseáladh 3,879 sonrasc agus rinneadh 2,976 íocaíocht i 2022. Rinneadh 62% de na híocaíochtaí iomlána laistigh de 15 lá, agus rinneadh 29% de na híocaíochtaí laistigh de thréimhse idir 16 agus 30 lá. Rinneadh 9% de na híocaíochtaí i ndiaidh 30 lá, agus bhí 24 íocaíocht díobh sin faoi réir LPI agus costais chúitimh.

### Oibríochtaí

Rinneadh maolú suntasach ar bhearta Covid-19 i mí Eanáir 2022 agus fuarthas réidh le go leor de na bearta maolaithe ar nós teorainneacha ar líon cuairteoirí, rianú teagmhála agus an córas aontreo sa Ghailearaí. D'fhill baill foirne deonacha ar dhualgais fáilteachais i mí Feabhra 2022 chomh maith.

Tar éis folúntas a bheith ann ar feadh tréimhse ghearr, earcaíodh bainisteoir saoráidí nua i mí Mheán Fómhair 2022. Thosaigh bainisteoir oibríochtaí nua ag obair linn sa tréimhse céanna, i ndiaidh dúinn mion-athstruchtúrú a dhéanamh ar an rannóg oibríochtaí.

Rinneadh oibreacha chun saoráid féinseirbhíse a chur i bhfeidhm i seomraí cótaí Chearnóg Mhuirfean. Críochnaíodh an obair seo i mí na Samhna 2022.

D'fhreastail an Roinn Oibríochtaí ar an gcoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) i mí Mheán Fómhair 2022 chun teacht ar chomhréiteach maidir le deireadh a chur le huaireanta Bhóthar Haddington don fhoireann Freastail.

## **Oifig um Chomhlíonadh agus Dí**

Tá an Rannóg um Chomhlíonadh agus Dí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le Dí, Comhlíonadh agus bainistiú riosca. Chomh maith leis sin, feidhmíonn sé mar Oifig Cosanta Sonraí, Rúnaí an Bhoird agus comhlíonann sé dualgais rúnaíochta eintiteas corparáideach an Ghailearaí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

## **Buaicphointí**

- Cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach leis an mBord a chinntiú agus tús a chur le hionduchtú ar an láthair in athuair
- Stádas an Ghlas Triarach a fháil ó Institiúid Carthanachta na hÉireann
- Creidiúnú NSAI SWiFT 3000 bliantúil an Ghailearaí maidir le rialachas corparáideach a choimeád
- Feabhas a chur ar inrochtaineacht gréasáin ar fud an Ghailearaí, lena n-áirítear scór inrochtaineachta láithreán gréasáin an Ghailearaí
- Freastal ar dhualgais nua faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (arna leasú) 2021
- Níos mó iarratais ar fhaisnéis a phróiseáil (Saoráil Faisnéise agus cosaint sonraí)
- Creat bainistíochta riosca an Ghailearaí a choimeád
- Creat rialachais Chorparáidigh an Ghailearaí agus taifid chomhlíontachta eile a choimeád



- Comhairle a chur ar fáil maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí, cosaint sonraí, comhlíontacht agus riosca.

## Dualgais maidir le Tuairiscú Reachtúil

### Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Chomhionannas agus Cearta an Duine – Plean Gníomhaíochta 2022-2023

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Chomhionannas agus Cearta an Duine (an **Dualgas**), aird a thabhairt ar an ngá atá le comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse, agus aon duine eile a mbíonn tionchar ag beartais agus pleananna an chomhlacht poiblí orthu. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas, 2014. I dtaca leis seo, leagadh amach na príomhthosaíochtaí seo don Ghailearaí i 2022:

- Beartas um chomhionannas, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta (EDI) a thabhairt isteach
- Oifigeach EDI a earcú
- Rochtain ar an Suíomh Gréasáin a fheabhsú
- Feabhas a chur ar éagsúlacht i ndáil le hearcaíocht
- Comhairliúchán le grúpaí lena mbaineann chun eolas a bhailiú i gcomhair ullmhúcháin an chéad Phlean Straitéiseach eile de chuid an Ghailearaí.

Dul chun cinn maidir leis na tosaíochtaí atá luaite thuas:

Tá post d'Oifigeach Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (EDI) don Ghailearaí san áireamh sa Phlean um Fhórsa Saothair. Má bhíonn buiséad againn dó, a luaithe agus a cheadaítear an post, cuirfear earcaíocht don ról seo chun cinn.

- Tá dul chun cinn suntasach déanta i réimse na hinrochtaineachta gréasáin ar fud roinnt ardán poiblí agus meán sóisialta de chuid an Ghailearaí.
- Beidh CÉI (EDI) mar phríomhghné sa chéim phleanála agus chomhairliúcháin do chéad Phlean Straitéiseach eile an Ghailearaí (2024–2029).

Beidh Plean Gníomhaíochta reatha an Ghailearaí i bhfeidhm go dtí deireadh ár dtimthriall pleanála straitéisí reatha (2023). Leanfaidh sé ag forbairt i gcomhréir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Ghailearaí, mar is dualgas leanúnach é seo nach mór monatóireacht, athbhreithniú agus forbairt leanúnach a dhéanamh air.

### **Acht na dTeangacha Oifigiúla (Arna Leasú) 2021**

Tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (Arna Leasú) 2021 (an tAcht) i bhfeidhm i mí na Nollag 2021. I 2022, chun tacú lenár n-oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh, rinneadh na bearta seo a leanas:

- De bhun Alt 4(B) den Acht, cheap an Gailearaí ball foirne sinsearach chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú i ndáil le dualgais an Ghailearaí faoin Acht.

- De bhun Alt 10(A) den Acht, chuir an Gailearaí tús le rianú maidir le comhlíonadh ár ndualgas i leith fógraíocht dhátheangach, ag baint úsáide as an teimpléad a chuir an Coimisinéir Teanga ar fáil.
- Cuireann an Rannóg um Chomhlíonadh agus Dlí sonraí Sheimineár Faisnéise uile na Roinne agus an Choimisinéara Teanga faoin Acht in iúl don fhoireann ar fad.
- Spreag an Gailearaí fostaithe chun úsáid a bhaint as an tseirbhís ‘Freagra’ i gcomhair píosaí gearra aistriúcháin, ar nós, sínithe ríomhphoist. Is seirbhís aistriúcháin in aisce atá i ‘Freagra’ atá maoinithe go hiomlán ag an eagraíocht forbartha Gaeilge, Foras na Gaeilge.
- De réir a chéile, tá feabhas á chur ag Rannóg Cumarsáide, Margaíochta agus Rannpháirtíochta Digiteach an Ghailearaí ar úsáid ábhar i nGaeilge ar bhealaí na meán sóisialta agus fógraíochta an Ghailearaí.
- Tá ócáidí Ciorcal Comhrá Gaeilge saor in aisce á reáchtáil ag Rannóg Oideachais an Ghailearaí.

Tá an Gailearaí ag fanacht le foilsiú (agus comhairliúcháin a bhaineann leo) na gCaighdeán nua Gaeilge de réir fhorálacha an Achta.

## **TF**

Cinntíonn Rannóg TF an Ghailearaí go n-oibríonn infreastruchtúr gach córas agus crua-earraí TF ar bhealach sábháilte. Tacaíonn an Rannóg TF le Creat Beartais Oibre Cumaisc na Státseirbhíse a tugadh isteach go luath i 2022 a thugann deis d’fhoireann an Ghailearaí cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach. Bíonn an Rannóg i dteagmháil go leanúnach le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) maidir le réitigh a d’fhéadfadh an OGCIÓ a chur i

bhfeidhm i dtaobh na seirbhísí agus infreastruchtúr is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais an Ghailearaí agus é ag fás.

Mar fhocal scoir, tugann Rannóg TF an Ghailearaí treoir don Ghailearaí maidir le roinnt tionscadal chun infreastruchtúr agus córais TF an Ghailearaí a neartú tuilleadh i gcomhréir le tionscadail leathnaithe ar fud an Ghailearaí, rud a chuideoidh go mór leis an nGhailearaí agus riachtanais cuairteoirí chuig an ionad turasóireachta clúiteach seo in Éirinn.

### **Acmhainní Daonna**

Cinntíonn Acmhainní Daonna (AD) go gcuireann na cláir, beartais agus nósanna imeachta sa Ghailearaí ar chumas na foirne an méid is féidir leo a dhéanamh chun cuspóirí straitéiseacha an Ghailearaí a bhaint amach go hiomlán. Cothaíonn AD timpeallacht oibre thacúil agus ionchuimsitheach. Cothaítear tionscnaimh a théann chun leasa na foirne chomh maith le tionscnaimh rannpháirtíochta foirne. Tugtar deiseanna gairme agus forbartha gairme don fhoireann, a chuireann ar a gcumas feidhmiú níos éifeachtaí ina gcuid oibre.

Tháinig deireadh le srianta paindéime Covid-19 i 2022 agus d'fhill foireann an Ghailearaí ar ghníomhaíochtaí ar an láthair faoi scéim phíolótach oibre chumaisc de réir threoir na Roinne.

I rith na bliana, seoladh clár forbartha bainistíochta do gach bainisteoir ar fud na heagraíochta. Ba é cuspóir an chláir seo ná teicnící a chur ar fáil do bhainisteoirí líne agus iad a ullmhú chun príomhfhreagrachtaí a gcuid ról maidir le daoine a bhainistiú, ag teacht le misean, luachanna agus straitéis an Ghailearaí.

I measc na dtionscnamh breise foghlama agus forbartha a cuireadh chun cinn i rith na bliana, bhí Bainistíocht Tionscadal agus Scileanna maidir le Cur i Láthair, Oiliúint i ndáil le Seirbhís do Chustaiméirí, Feasacht ar Dhínit ag an Obair, agus Buntreoir maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.

Chomhordaigh an rannóg AD 61 feachtas earcaíochta, agus ceadaíodh 26 post nua, agus bhain na 35 post eile le hathsholáthar do phoist a bhí ann cheana féin. Mionsonraí de réir rannán: d'fháiltigh Seirbhísí Corparáideacha roimh 22 fostaí nua, 20 sa rannóg FLSRPL (ADSE), agus cuireadh 19 ball foirne leis an rannóg Bailiúcháin agus Taighde. Ag an am céanna, d'fhág 56 ball foirne an Gailearaí i 2022.

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR  
CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

## Ráiteas ar rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí an Bhoird

### Rialachas

Comhlacht reachtúil corparáideach is ea Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí) a bunaíodh faoi Acht Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1854 (Acht 1854). Feidhmíonn an Gailearaí de réir fhorálacha Achtanna Gailearaí Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963 agus Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (ar a dtugtar, na hAchtanna) agus faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (an Roinn).

Is é Bord neamhfheidhmiúcháin Gobharnóirí & Caomhnóirí (an Bord) a bhainistíonn gnó agus gnóthaí an Ghailearaí. Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna agus ina Fhodhlíthe. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé é seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó.

Is é an Stiúrthóir atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh an Ghailearaí ó lá go lá, le cúnamh ón bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT). Caithfidh an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin cloí leis an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, chomh maith le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an bhainistíocht.

Ó 2017, tá creidiúnú ag an nGailearaí faoi chaighdeán SWiFT 3000 de chuid Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Baineann Caighdeán SWiFT le Rialachas Corparáideach in Éirinn agus déantar measúnú ina leith faoin

gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (leasaithe) (an Cód). Is é an cuspóir atá leis ná an creat rialachais chorparáidigh in eagraíochtaí a mheas, go sonrach, leibhéal comhlíonta na n-eagraíochtaí i leith cóid rialachais agus dea-chleachtais. Léiríonn an creidiúnú tiomantas an Ghailearaí i leith oibriú de réir na gcaighdeán rialachais chorparáidigh is fearr. I 2022, rinneadh athbhreithniú bliantúil mar chuid de phróiseas athbhreithnithe SWiFT ar an nGailearaí agus ar an 8 Nollaig 2022 bronnadh creidiúnú SWiFT 3000 ar an nGailearaí le scór iomlán níos fearr de 3.97/4.

I 2022, ba é an Gailearaí an chéad Fhoras Cultúir Náisiúnta a fuair an Creidiúnú um Ghlas Triarach ó Institiúid Carthanachta na hÉireann (CII). Léiríonn an caighdeán seo, a bhain an Gailearaí amach, do dheontóirí agus do pháirtithe leasmhara an Ghailearaí agus don phobal i gcoitinne tiomantas an Ghailearaí maidir le caighdeán sármhaitheasa a chinntiú.

### **Freagrachtaí an Bhoird**

Tá príomhobair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna Fodhlíthe. Ghlac an Bord le sceideal foirmiúil d'ábhair, a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh an Bhoird. I measc na bpríomhábhar a fhorchoimeádtar don Bhord, tá siad seo a leanas:

- faomhadh na saothar faighte, na dtabhartas, na n-iasachtaí agus na dtaispeántas saothar ealaíne
- measúnú agus faomhadh na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais



- comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus neamhreachtúil, ina measc, na Fodhlíthe, an Cód, an Cód Rialachais do Charthanais agus Ciorcláin Rialtais
- faomhadh na bpleananna straitéiseacha, an phlean oibríochta bliantúil agus an bhuiséid bhliantúil
- faomhadh cheapachán, luach saothair, mheasúnú feidhmíochta agus pleanáil do chomharbas an Stiúrthóra
- ceapachán Chathaoirleach an Bhoird agus faomhadh Théarmaí Tagartha na gCoistí Boird go léir
- leasú nó uasdátú na bhfodhlíthe
- faomhadh téarmaí conarthaí móra, tionscadail infheistíochta agus chaipitil, saothar faighte suntasach, diúscairtí, ceadúnas easpórtála (de bhun údarás tarmligthe ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) agus sócmhainní a scor
- córas fóna de rialuithe inmheánacha, ina measc rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus próisis um bainistíocht riosca a choimeád
- faomhadh pholasaí um bainistiú riosca, monatóireacht ar phróisis agus ar chórais um bainistiú riosca an Ghailearaí chun rioscaí seachtracha a aithint, agus monatóireacht agus rialú éifeachtach a chinntiú i leith a leithéid de rioscaí chomh maith le deiseanna a aithint chun tacú le cuspóirí reachtúla an Ghailearaí (tarmligthe chuig an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca & Airgeadais, a thuiriscíonn chuig an mBord go rialta)
- faomhadh na straitéise tiomsaithe airgid agus polasaí cistíochta
- údarú chun cuntais bhainc a oscailt agus áiseanna iasachta a fhaomhadh

- athbhreithniú foirmiúil ar a fheidhmíocht féin, ar fheidhmíocht na gcoistí éagsúla agus ar fheidhmíocht chomhaltaí aonair an Bhoird.

Tá na nithe seo a leanas i measc na mbuanábhar a mheasann an Bord:

- dearbhú leasa
- tuarascálacha ó choistí an Bhoird agus ón Stiúrthóir
- airgeadas agus riosca, ina measc, tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta
- rialachas corparáideach
- iasachtaí & saothair ealaíne faighte
- ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear ar an mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, cuntais a ullmhú do gach bliain airgeadais in cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Nuair a bhítear ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, tá sé de dhualgas ar an mBord:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas sa chás go mbeadh sé míchuí glacadh leis go leanfadh sé i mbun gnó

- a lua cibé ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon athrú ábhartha mar a léirítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon am, staid airgeadais an Ghailearaí agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Is é an Bord atá freagrach as coimeád agus as sláine na faisnéise airgeadais agus corparáidí ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí.

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht an Ghailearaí, de réir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil, ag cruinnithe rialta an Bhoird i rith 2022.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá réir sin, tá sé freagrach as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Ghailearaí léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Ghailearaí amhail ar an 31 Nollaig 2022.

## Struchtúr an Bhoird

Tá suas le seacht gcomhalta dhéag ar an mBord, ceapann an tAire deichniúr díobh seo, is sealbhóirí ex-officio de na hoifigí liostaithe thíos cúigear díobh agus de bhun na cumhachta a bhronntar air le hAcht 1854, ainmníonn agus ceapann an tAcadamh Ibeirneach Ríoga beirt chomhalta. Cuireann comhaltaí a cheapann an tAire téarma cúig bliana isteach. Cuireann comhaltaí ex-officio téarmaí éagsúla isteach ag brath ar bhunreacht na n-eagraíochtaí lena mbaineann siad..

### Comhaltaí Ex-Officio:

- An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán
- Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leas-Uachtarán
- Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán
- Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leaschathaoirleach féin de bhun na cumhachta a bronnadh air faoi na hAchtanna.

### Comhaltaí reatha

Tá sonraí maidir le tréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí Reatha sa tábla thíos:

#### Ainmnithe ag an Aire (Tréimhse 5-bliana)

Ainm	Ceapadh	Dáta Deireadh Tréimhse
John O'Doherty	19 Meán Fómhair 2019	18 Meán Fómhair 2024
Mary Keane (Cathaoirleach)	2 Iúil 2014	30 Meitheamh 2024

Dan Flinter	19 Meán Fómhair 2019	18 Meán Fómhair 2024
Adrian O'Carroll	18 Eanáir 2023	17 Eanáir 2028
Margie McCarthy	18 Eanáir 2023	17 Eanáir 2028
Sandra Collins	18 Eanáir 2023	17 Eanáir 2028
Michelle D. Cullen	18 Eanáir 2023	17 Eanáir 2028

### **Ainmnithe ag an Aire (Athcheapacháin)**

<b>Ainm</b>	<b>Ceapadh ar dtús</b>	<b>Ahcheapachán</b>	<b>Deireadh Tréimhse</b>
Jacqueline Hall	17 Samhain 2016	17 Samhain 2021	16 Samhain 2023
Gary Jermyn	17 Samhain 2016	17 Samhain 2021	16 Samhain 2023
Barney Whelan (Leas-Chathaoirleach)	17 Samhain 2016	17 Samhain 2021	16 Samhain 2023

### **Ainmnithe ag RHA (Tréimhse 3 bliana)**

<b>Ainm</b>	<b>Ceapadh</b>	<b>Deireadh Tréimhse</b>
Diana Copperwhite RHA	6 Bealtaine 2020	6 Bealtaine 2023
Gary Coyle RHA	1 Eanáir 2022	31 Nollaig 2024

### **Comhaltai Ex-officio**

<b>Ainm</b>	<b>Ceapadh</b>	<b>Deireadh Tréimhse</b>
Maurice Buckley (Cathaoirleach OPW)	12 Nollaig 2016	Ag leanacht
Abigail O'Brien (Uachtarán RHA)	9 Deireadh Fómhair 2018	Ag leanacht
Mary Canning (Uachtarán RIA)	16 Márta 2020	15 Márta 2023
John Dardis (Uachtarán RDS)	5 Nollaig 2019	5 Nollaig 2025
Hilary Hough (Leas-Uachtarán RDS)	8 Nollaig 2022	7 Nollaig 2028

## **Athruithe ar an mBord**

D'ainmnigh an RHA Gary Coyle mar chomhalta Boird ar an 1 Eanáir 2022.

Tháinig deireadh le téarma Owen Lewis ar an mBord ar an 8 Nollaig 2022 agus ceapadh Hilary Hough (Leas-Uachtarán, RDS) ar an 8 Nollaig 2022.

Cheap an tAire Sandra Collins, Michelle D. Cullen, Margie McCarthy agus Adrian O'Carroll mar chomhaltaí Boird ar an 18 Eanáir 2023. Mar sin níl aon fholúntas ainmnithe de chuid an Aire ar an mBord faoi láthair.

## **Coistí an Bhoird**

Bhí cúig choiste Boird i mbun oibre i 2022, mar a leanas:

### **An Coiste um Saothar Faighte agus Taispeántas**

Is é ról an Choiste moltaí a dhéanamh maidir le saothair atá beartaithe a fháil, tabhartais, bronnánais agus ceannach saothair ealaíne chomh maith le moltaí maidir le taispeántais a chur faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn bliantúil freisin. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste faoi láthair agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir, an Príomh-Choimeádaí agus Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde ar na cruinnithe go léir. Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste i 2022.

Comhaltaí an Choiste 2022<sup>1</sup>: Mary Canning, Gary Jermyn (Cathaoirleach an Choiste), Mary Keane, J Owen Lewis agus Abigail O'Brien.

---

<sup>1</sup> Ag freastal i rith 2022

## **An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais**

Is é ról an Choiste ná tacú leis an mBord le cinntiú go gcomhlíonfaidh sé a chuid feidhmeanna ábhartha reachtúla agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir le stóinseacht agus éifeachtúlacht an rialachais chorparáidigh, na bainistíochta airgeadais, na bainistíochta riosca agus na hiniúcháireachta inmheánaí.

Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn bliantúil freisin. Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste, Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh agus comhaltaí seachtrach amháin. Freastalaíonn an Stiúrthóir, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus an Ceannasaí Airgeadais agus na gCóras TF ar na cruinnithe go léir. D'fhreastail Iniúcháirí Inmheánacha an Ghailearaí chomh maith le hIniúcháirí Seachtracha ar chruinnithe ábhartha le linn na bliana. Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste i 2022.

Comhaltaí an choiste 2022<sup>2</sup>: J Owen Lewis (Cathaoirleach an Choiste), Maurice Buckley, Dan Flinter, Jean Philippe Grigy (comhalta seachtrach), Mary Keane, Kieran Wallace (comhalta seachtrach go dtí 31 Nollaig 2022) agus Barney Whelan.

## **An Coiste Forbartha**

Is é ról an Choiste ná gach gné d'fhorbairt an Ghailearaí sa todhchaí a chur chun cinn agus a éascú. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá seachtar comhaltaí ar an gCoiste faoi láthair, agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí na Rannóige um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara ar na cruinnithe go léir. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste i 2022

---

<sup>2</sup> Mar an nóta thuas

Comhaltaí an Choiste 2022<sup>3</sup>: John O'Doherty (Cathaoirleach an Choiste) John Dardis, Dan Flinter (Comhalta den choiste go dtí 3 Feabhra 2022), Mary Keane, Gary Coyle, Jacqueline Hall.

### **An Coiste um Lucht Spéise (Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí)**

Is é ról an Choiste maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na bpríomhchuspóirí straitéiseacha i réimse rannpháirtíochta agus forbartha lucht spéise sa Ghailearaí. Rinne an Coiste a Théarmaí Tagartha agus a ainm a nuashonrú i 2022. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá seisear comhaltaí ar an gCoiste, tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh agus beirt chomhaltaí seachtracha. Freastalaíonn an Stiúrthóir, Ceannasaí um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde ar na cruinnithe go léir. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2022.

Comhaltaí an Choiste 2022<sup>4</sup>: Mary Canning, Jacqueline Hall (Cathaoirleach an Choiste go dtí 3 Feabhra 2022), Barney Whelan (ceapadh é mar Chathaoirleach ar an 3 Feabhra 2022), Diana Copperwhite, James Hanley (comhalta seachtrach), Martina Byrne (comhalta seachtrach), agus Mary Keane.

### **An Coiste Rialachais agus Straitéise**

Is é ról an Choiste tacú leis an mBord maidir le hábhair a bhaineann le rialachas agus le heagrúchán, monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt i dtaobh plean straitéiseach an Ghailearaí agus i dtaobh chúrsaí seachtracha reachtacha agus straitéiseacha. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste seo agus tá Cathaoirleach

---

<sup>3</sup> Mar an nóta thuas

<sup>4</sup> Mar an nóta thuas



an Bhoird ar dhuine díobh. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2022.

Comhaltaí an Choiste 2022<sup>5</sup>: Mary Keane, Barney Whelan (Cathaoirleach an choiste go dtí 3 Feabhra 2022), Jacqueline Hall (ceapadh í mar Chathaoirleach ar an 3 Feabhra 2022), Dan Flinter agus John Dardis.

### **Cruinnithe Boird agus Costais**

Bíonn cruinniú ag an mBord sé huair sa bhliain ar a laghad agus, i 2022, bhí seacht gcruinniú ag an mBord. Bíonn seisiún nach mbíonn Feidhmeannaigh i láthair aige mar ghnáthmhír ar chlár gach cruinniú Boird.

<b>Comhalta Boird</b>	<b>Cruinnithe ar freastalaíodh orthu/Líon cruinnithe ar a bhféadfai freastal</b>	<b>Costais íoctha €</b>
Mary Keane (Cathaoirleach)	7/7	2,827
Maurice Buckley	6/7	-
Mary Canning	6/7	-
Diana Copperwhite	7/7	-
Gary Coyle	6/7	-
John Dardis	7/7	-
Dan Flinter	7/7	-
Jacqueline Hall	7/7	-
Hilary Hough	0/1	-
Gary Jermyn	6/7	-
J Owen Lewis	6/6	-
Abigail O'Brien	6/7	-

---

<sup>5</sup> Mar an nóta thuas

John O'Doherty	6/7	-
Barney Whelan	6/7	1,255
		<hr/> 4,082 <hr/>

Ní íoctar aon táille Boird le comhaltaí an Bhoird.

## Tuarastal an Stiurthóra

Féach Nóta 9 (d) leis na Ráitis Airgeadais.

## Sceideal Tinrimh ag Cruinnithe Coistí i 2022

	Saothar Faighte & Taispeántais	Iníúcháireacht, Riosca & Airgeadas	Forbairt	Lucht Spéise	Rialachas & Straitéis
<b>Líon cruinnithe</b>	<b>6</b>	<b>7</b>	<b>6</b>	<b>6</b>	<b>5</b>
Mary Keane (Cathaoirleach)	6/6	6/7	4/6	5/6	4/5
Maurice Buckley		3/7			
Jean-Philippe Grigy (seachtrach)		6/6			
Jacqueline Hall				1/1	5/5
James Hanley				5/6	
Gary Jermyn	5/6				
J Owen Lewis	4/6	7/7			
Abigail O'Brien	5/6				
Kieran Wallace (seachtrach)		3/7			
Barney Whelan		5/7		5/5	
Martina Byrne (seachtrach)				5/6	
Mary Canning	6/6			4/6	
Dan Flinter		6/7	1/1		4/5

John Dardis			6/6		5/5
John O'Doherty			6/6		
Diana Copperwhite			1/1	3/5	
Gary Coyle			4/5		

### Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Gailearaí riachtanais an Chóid. Éilítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach Nóta 9 (d) leis na Ráitis Airgeadais.

### Costais Chomhairleoireachta

Áirítear costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta sna costais chomhairleoireachta agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó mar is gnách” san áireamh.

	2022	2021
	€	€
Táillí Dí	122,117	22,234
Eacnamaíoch/MPF	43,103	22,210
Airgeadas	21,162	4,858
Acmhainní Daonna	9,891	4,220
Oibriúcháin	8,664	2,207
<b>Iomlán</b>	<b>204,937</b>	<b>55,729</b>

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

	2022	2021
Intíre	€	€
- Bord	7,807	154
- Fostaithe	1,687	686
- Neamhfhoirne <sup>1</sup>	3,644	474
	-	-
Idirnáisiúnta	-	-
- Bord	-	-
- Fostaithe	28,151	1,546
- Neamhfhoirne <sup>1</sup>	6,525	-
- Cairde GNÉ	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>47,814</b>	<b>2,860</b>

<sup>1</sup> Baineann caiteachas Taistil & Cothabhála neamhfhoirne le costais aoichainteoirí, taisteal intéirneach agus costais sainchomhairleoirí.

	2022	2021
	€	€
Táillí Taistil agus Cothabhála sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	40,007	2,706
Táillí Taistil agus Cothabhála don Bhord san áireamh i Nóta 9 (Costais eile)	7,807	154
Táillí Taistil agus Cothabhála Siopa san áireamh i Nóta 7 (Costais Oibriúcháin)	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>47,814</b>	<b>2,860</b>

## Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

	2022	2021
	€	€
Fáilteachas Foirne	9,642	555
Fáilteachas Cliant	8,686	-
<b>Iomlán</b>	<b>18,328</b>	<b>555</b>

## Nochtuithe Cosanta

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), ceanglaítear ar an eagraíocht tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí

Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Ghailearaí go bliantúil chomh maith. Is féidir leis an nGailearaí a dheimhniú nach ndearnadh aon nochtadh le linn na tréimhse 1 Eanáir 2022 - 31 Nollaig 2022 agus tá an tuairisciú riachtanach curtha i gcrích.

### Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an Gailearaí an Cód ina iomláine i rith 2022.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



---

Mary Keane  
Cathaoirleach

Dáta: 14/12/2023



---

Hilary Hough  
Comhalta Boird

Dáta: 14/12/2023

## **Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

### **Scóip na Freagrachta**

Thar ceann Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, admhaím ár bhfreagracht maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á oibriú. Tá ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

### **Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach**

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú go hiomlán. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnach, nach deimhniú foriomlán é, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead i gceart agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go pras. Próiseas leanúnach is ea an córas um rialuithe inmheánach agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus a éifeachtúlacht. Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghailearaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### **Cumas maidir le dul i ngleic le Rioscaí**

Tá Coiste Iniúcháireachta, Riosca & Airgeadais (ARF) ag an mBord, ar a bhfuil seachtar comhaltaí, le saineolas maidir le hairgeadas agus iniúcháireacht agus

tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh sin. Tháinig an coiste le chéile seacht n-uaire i 2022. Cuireann an ARF tuarascáil bhliantúil faoina chuid gníomhaíochtaí ar fáil, a chuirtear faoi bhráid Chomhaltaí an Bhoird.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha amach ar chonradh ag an nGailearaí agus ba é Deloitte iniúchóir inmheánach an Ghailearaí don timthriall iniúchta inmheánaigh trí bliana (2019–2021). Cuireadh síneadh 12 mhí eile le conradh Deloitte i 2021. Tar éis do théarma Deloitte i 2022 a bheith críochnaithe, ceapadh Mazars mar iniúchóir inmheánach an Ghailearaí ar an 20 Nollaig 2022. Tá dóthain acmhainní ar fáil don fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus réachtáiltear clár oibre a aontaíodh leis an gCoiste ARF. Ullmhaítear an clár oibre bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí a rinneadh roimhe seo; rioscaí an tionscail; clár na rioscaí; agus déantar é a plé agus a chomhaontú leis an gCoiste ARF ansin.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag Coiste ARF, ina leagtar amach inghlacthacht riosca an Ghailearaí, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tugadh cóip den pholasaí do gach ball foirne, agus táthar ag súil go n-oibreoidh siad de réir na dtéarmaí atá leagtha síos ann agus go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí a thagann chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus as rialuithe ina réimsí féin.

### **Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá creat um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag an nGailearaí a shonraíonn riosca inghlactha agus a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na

beartha bainistíochta a ghlactar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, an méid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí a bhféadfadh sé go gcaithfeadh an Gailearaí dul i ngleic leo agus rinneadh na rioscaí siúd a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Tá cineálacha éagsúla riosca san áireamh ar an gclár rioscaí, ina measc, rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin, airgeadais agus rioscaí maidir le clú agus cáil na heagraíochta agus na rialuithe reatha agus na bearta breise atá de dhíth chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí seo ar an eagraíocht a laghdú, dá dtarlódh a leithéid. Déanann an Fhoireann Cheannaireachta Feidhmiúcháin athbhreithniú ar an gclár agus déantar an clár seo a uasdátú ar bhonn leanúnach. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a chur ar fáil le cinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha. Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sonraítear na baill foirne a bhfuil freagrachtaí orthu maidir le feidhmiú na rialuithe ar leith.

I 2022, chuir Deloitte tuarascálacha iniúchta inmheánacha cuimsitheacha ar fáil maidir le réimsí a mbaineann riosca breise leo ach de chuspóir foriomlán acu rialuithe a mheas i ngach ceann de phríomhréimsí gníomhaíochta an Ghailearaí thar thréimhse trí bliana. Déantar an plean iniúchta inmheánaigh i dtimthriall trí bliana agus rinneadh gach iniúchadh a bhí sceidealaithe do 2022. Rinneadh athbhreithniú ar na réimsí seo a leanas i 2022; Sláinte agus Sábháilteacht, Clárú agus Taifid, Cumarsáid (meán sóisialta, san áireamh), T.F., Rialaithe um Bainistiú Rochtana, agus Rialuithe Airgeadais Inmheánach. Ullmhaíodh tuairiscí de réir chur chuige iniúchta inmheánaigh Deloitte, a thagann leis na caighdeáin atá leagtha síos ag Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha. Rinneadh uasdátú



ar an gclár rioscaí agus ar Phlean Oibre um Iniúchadh Inmheánach i 2022 bunaithe ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha.

Tá creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm freisin, lena n-áirítear, deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go sonrach:

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ceadaithe, agus déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú air seo go rialta
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- Cuirtear an clár rioscaí ar fáil don ARF ar bhonn tréimhsiúil agus déanann an ARF athbhreithniú iomlán air gach bliain
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras um Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), a chinntiú
- Tá treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- Cinntíonn an Gailearaí go gcuirtear an bhéim chuí ar dhea-chleachtas ceannacháin agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

### **Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord agus don lucht bainistíochta, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin chomh maith le haon easnaimh a aimsítear a thuairisciú;
- Tá socruithe maidir le tuairisciú curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid leis na buiséid/réamhaisnéisí

## **Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGailearaí chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar, plean corparáideach agus plean oibriúcháin soláthair san áireamh, agus deimhním gur chomhlíon an Gailearaí na cleachtais seo i 2022.

## **Bainistiú um Rochtain Theicneolaíocht na Faisnéise**

Rinne Deloitte athbhreithniú ar rialuithe, próisis agus nósanna imeachta um bainistiú um rochtain Theicneolaíocht na Faisnéise i ndáil le príomhchórais an Ghailearaí, mar chuid dá dtimthriall Iniúchta Inmheánaigh i 2022. Scrúdaigh an t-athbhreithniú seo chomh maith leasúcháin a aithníodh roimhe seo. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo cuireadh inní in iúl maidir le 18 réimse, agus rangáíodh 2 díobh mar ardriosca, 16 mar réimsí tábhachtacha. Ghlac an ARF le tuarascáil Deloitte i Meán Fómhair 2022 agus chuir sé de chúram ar an

mbainistíocht leasú a dhéanamh i dtaca leis na hábhair inní sin láithreach bonn.

### **Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGailearaí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta riosca. Bunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Ghailearaí maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar obair na n-  
iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair Choiste ARF a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus obair lucht ardbhainistíochta an Ghailearaí, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothú.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúchán inmheánach don bhliain 2022.

De thoradh ar na próisis atá léirithe thuas, deimhníonn Coiste ARF go bhfuil an Bord sásta le héifeachtúlacht na rialúchán inmheánach atá i bhfeidhm maidir leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, bunaithe ar athbhreithniú a rinne Deloitte i mí na Samhna 2022. Níor aimsíodh aon toradh tábhachtach nó suntasach san athbhreithniú sin.

### **Covid-19**

I 2022, chuir an Gailearaí tús in athuair le réimse clár agus gníomhaíochta a raibh tionchar ag paindéim Covid-19 orthu, agus muid ag freastal ar lucht féachana óg agus aosta. Chuir an Gailearaí fáilte roimh os cionn 788, 000 cuairteoir chuig an nGailearaí i 2022. B'ionann sin agus méadú níos mó ná 3% ar fhiigiúirí 2019.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

*Mary Keane*

---

Mary Keane

Cathaoirleach

Dáta: 14/12/2023

# Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir le staid airgeadais
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha

chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach ceart ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ar 31 Nollaig 2012 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2022 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### **Bunús leis an tuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta

Iniúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iníúchóireachta. Tá cuntas ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

#### **Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile**

Tá faisnéis eile faoi leith curtha i láthair ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhianaise sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas maidir le rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá

cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an bhfaisnéis sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Mary Henry**

**Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

**15 Nollaig 2023**



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas National Gallery of Ireland

#### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Gallery of Ireland for the year ended 31 December 2022 as required under section 35 of the National Cultural Institutions Act 1997. The financial statements comprise

- the statement of financial activities
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Gallery of Ireland at 31 December 2022 and of its income and expenditure for 2022 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Gallery of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Gallery of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Mary Henry**  
For and on behalf of the  
Comptroller and Auditor General

15 December 2023

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

	Nóta	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	2022 Iomlán	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	2021 Iomlán
<b>Ioncam isteach</b>		€	€	€	€	€	€
Deontas ón Oireachtas	<b>2</b>	11,314,752	958,000	12,272,752	10,423,000	985,572	11,408,572
Deontas ón Oireachtas- Eile	<b>2a</b>	1,266,811	1,850,000	3,116,811	309,696	1,941,092	2,250,788
Ioncam Tabhartais		148,684	-	148,684	103,561	82,967	186,528
Ioncam Caifé/Imeachtaí		127,494	-	127,494	70,168	-	70,168
Ioncam ó Thaispeántais		396,368	-	396,368	240,393	-	240,393
Ioncam Oideachais	<b>3</b>	120,544	-	120,544	183,152	-	183,152
Ríchíosanna		40,510	-	40,510	25,481	-	25,481
Ioncam	<b>4</b>	459,030	1,049,742	1,508,772	278,610	1,011,297	1,289,907
Urraíochta/Taighde							
Ioncam Ilghnéitheach	<b>5</b>	222,591	13,798	236,389	41,251	3,315	44,566
Tabhartais Sócmhainní	<b>10</b>	-	2,228,392	2,228,392	-	1,217,065	1,217,065
Oidhreachta							
Glanioncam ó Chairde GNÉ	<b>6</b>	(14,834)	-	(14,834)	135,376	-	135,376
Glanioncam ón Siopa	<b>7</b>	269,224	-	269,224	183,103	-	183,103
<b>Ioncam iomlán</b>		<b>14,351,174</b>	<b>6,099,932</b>	<b>20,451,106</b>	<b>11,993,791</b>	<b>5,241,308</b>	<b>17,235,099</b>
<b>Caiteachas</b>							
Gníomhaíochtaí Carthanais							
Bailiúchán agus Taighde	<b>8b&amp;c</b>	8,452,526	149,549	8,602,075	8,277,061	122,857	8,399,918
Rannpháirtíocht Phoiblí	<b>8b&amp;c</b>	3,612,498	-	3,612,498	1,766,118	-	1,766,118
Oideachas	<b>8b&amp;c</b>	1,251,340	31,593	1,282,933	1,154,351	38,064	1,192,415
Forbairt	<b>8b&amp;c</b>	771,203	-	771,203	758,725	-	758,725
<b>Caiteachas iomlán</b>	<b>8b&amp;c</b>	<b>14,087,567</b>	<b>181,142</b>	<b>14,268,709</b>	<b>11,956,255</b>	<b>160,921</b>	<b>12,117,176</b>
		<b>263,607</b>	<b>5,918,790</b>	<b>6,182,397</b>	<b>37,536</b>	<b>5,080,387</b>	<b>5,117,923</b>
<b>Barrachas don bhliain roimh Leithreasáí</b>				<b>6,182,397</b>			
Aistriú (go dtí an)/ ón gCuntas Caipitil	<b>10</b>	145,912	-	145,912	125,773	-	125,773
Aistriú(go) Cúlchiste Sócmhainne	<b>11</b>	(9,878)	(6,138,191)	(6,148,069)	(8,124)	(5,134,488)	(5,142,612)
Oidhreachta							
Caillteanas athluachála neamhréadaithe ar infheistíochtaí	<b>13</b>	(832,905)	(253,628)	(1,086,533)	(516,690)	(135,520)	(652,210)



Gnóthachan /(caillteanas) ar dhiúscairtí infheistíochta Costais choimisiúnaithe MPF	<b>13</b>	(57,318)	(30,464)	(87,782)	1,391,260	340,706	1,731,966
<b>Barrachas/(Cailteanas) don bhliain i ndiaidh Leithreasáí</b>		<b>(520,762)</b>	<b>(503,493)</b>	<b>(1,024,255)</b>	<b>989,436</b>	<b>151,085</b>	<b>1,140,521</b>

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 27 mar chuid de na Raitis Airgeadais seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

Mary Keane

Cathaoirleach

Dáta: 14/12/2023

Hilary Hough

Comhalta Boird


Dáta: 14/12/2023

**Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach  
Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022**

	Nóta	Cistí		2022	2021
		Neamhsrianta	Cistí Srianta		
		€	€	€	€
<b>Barrachas/(cailteanas) don bhliain i ndiaidh Leithreasáí</b>		<b>(520,762)</b>	<b>(503,493)</b>	<b>(1,024,255)</b>	<b>1,140,521</b>
Athluacháil Réadmhaoine	12	(110,000)	(90,000)	(200,000)	-
<b>Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain</b>		<b>(110,000)</b>	<b>(90,000)</b>	<b>(200,000)</b>	<b>-</b>
<b>Cailteanas Cuimsitheach iomlán don bhliain</b>		<b>(630,762)</b>	<b>(593,493)</b>	<b>(1,224,255)</b>	<b>1,140,521</b>

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 27 mar chuid de na Raitis Airgid seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Mary Keane

Cathaoirleach

Dáta: 14/12/2023



Hilary Hough

Comhalta Boird

Dáta: 14/12/2023

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022	2021
<b>Sócmhainní Seasta</b>		€	€
Sócmhainní Oidhreachta <sup>1</sup>	10/11	54,218,587	48,075,396
Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh	12	6,283,579	6,711,758
Sócmhainní airgeadais	13	6,480,471	7,702,637
<b>Iomlán na Sócmhainní Seasta</b>		<b>66,982,637</b>	<b>62,489,791</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Fardail	14	312,196	383,737
Infháltais	16	1,248,455	255,821
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim	15	6,785,429	3,273,414
<b>Iomlán na Sócmhainní Reatha</b>		<b>8,346,080</b>	<b>3,912,972</b>
<b>Dlíteanas Reatha</b> (a suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna Iníocth	17	4,799,757	1,799,383
Ioncam Iarchurtha - Deontas Rialtais	19	1,618,848	624,780
Ioncam Iarchurtha - Eile	20	2,573,366	2,414,878
<b>Iomlán na nDlíteanas Reatha</b>		<b>8,991,971</b>	<b>4,839,041</b>
<b>Glandlíteanas Reatha</b>		<b>(645,891)</b>	<b>(926,069)</b>
<b>Iomlán na nGlansócmhainní</b>		<b>66,336,746</b>	<b>61,563,722</b>
<i>Ag léiriú</i>			
Cuntas Caipitil	10	619,296	765,208
Cúlchistí Neamhshrianta	21	7,752,647	8,383,409
Cúlchistí srianta	21	3,746,216	4,339,709
Cuntas Caipitil - Sócmhainní Oidhreachta	11/21	54,218,587	48,075,396
<b>Iomlán na gCúlchistí</b>		<b>66,336,746</b>	<b>61,563,722</b>

<sup>1</sup> Tá na Sócmhainní Oidhreachta go léir a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an gcostas nó ag an luach a bhí orthu ag dáta an tabhartais.

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 27 mar chuid de na Raitis Airgeadais seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

Mary Keane

Mary Keane  
Cathaoirleach  
Dáta: 14/12/2023



Hilary Hough  
Comhalta Boird  
Dáta: 14/12/2023

## Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

	Nóta	Cistí Neamshrianta		Cistí Srianta		Iomlán
		Cuntas Caipitil	Cúlchistí	Cuntas Caipitil- Sócmhainní Oidhreachta	Cúlchistí Srianta Eile	
		€	€	€	€	
<b>Iarmhéid ar 1 Eanáir 2021</b>		<b>890,981</b>	<b>7,393,973</b>	<b>42,932,784</b>	<b>4,188,624</b>	<b>55,406,362</b>
Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasáí		-	989,436	-	151,085	1,140,521
Ioncam Cuimsitheach Eile		-	-	-	-	-
Sócmhainní Oidhreachta a ceannaíodh	<b>10/11</b>	-	-	3,925,547	-	3,925,547
Sócmhainní Oidhreachta ag an luacháil	<b>10/11</b>	-	-	1,217,065	-	1,217,065
Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil	<b>10</b>	184,056	-	-	-	184,056
Amúchadh Sócmhainní Seasta	<b>10</b>	(309,829)	-	-	-	(309,829)
<b>Iarmhéid ar 31 Nollaig 2021</b>		<b>765,208</b>	<b>8,383,409</b>	<b>48,075,396</b>	<b>4,339,709</b>	<b>61,563,722</b>

**Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil  
Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022**

	Nóta	Cistí Neamhshrianta		Cistí Srianta		Iomlán
		Cuntas Caipitil	Cúlchistí	Cuntas Caipitil- Sócmhainní Oidhreachta	Cistí Srianta Eile	
		€	€	€	€	€
<b>Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2022</b>		<b>765,208</b>	<b>8,383,409</b>	<b>48,075,396</b>	<b>4,339,709</b>	<b>61,563,722</b>
Easnamh don bhliain i ndiaidh leithreasáí		-	(520,762)		(503,493)	(1,024,255)
Caillteanas cuimsitheach eile		-	(110,000)		(90,000)	(200,000)
Sócmhainní Oidhreachta a ceannaíodh	<b>10/11</b>	-	-	3,914,799	-	3,914,799
Sócmhainní Oidhreachta ag an luacháil	<b>10/11</b>	-	-	2,228,392	-	2,228,392
Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil	<b>10</b>	61,488	-	-	-	61,488
Amúchadh Sócmhainní Seasta	<b>10</b>	(207,400)	-	-	-	(207,400)
<b>Iarmhéid ar 31 Nollaig 2022</b>		<b>619,296</b>	<b>7,752,647</b>	<b>54,218,587</b>	<b>3,746,216</b>	<b>66,336,746</b>

San áireamh sna hiarmhéideanna ar 31 Nollaig  
2022:

*Luach ar athluachálacha réadmhaoine:*

€

Cistí Neamshrianta	2,540,000
Cistí Srianta	2,840,000

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

	2022	2021
	€	€
<b>Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Barrachas Ioncam/(Caillteanas)	(1,024,255)	1,140,521
Dímheas agus lagú sócmhainní seasta	321,973	429,721
Laghdú i bhFardal	71,541	(31,767)
Méadú in Infháiltais	(992,635)	(33,821)
Méadú i Suimeanna Iníochta	3,000,374	633,292
Ús Bainc faighte	-	8
Díbhinní faighte	(55,880)	(35,875)
Méadú i nDeontas Rialtais Iarchurtha	994,068	46,934
Méadú in Ioncam Iarchurtha - Eile	158,488	138,936
Gluaiseacht sa Chuntas Caipitil	(145,912)	(125,773)
<b>Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>2,327,762</b>	<b>2,162,176</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun réadmhaoine, gléasra agus trealamh a fháil	(93,794)	(192,856)
Diúscairtí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh		-
Íocaíochtaí chun infheistíochtaí luaite a fháil	(1,402,371)	(6,282,897)
Fáltais ó dhiúscairtí infheistíochtaí luaite	633,189	7,152,941
Gluaiseacht iarmhéideanna airgid infheistíochta	817,035	(897,328)
Gnóthachan athluachála neamhréadaithe ar infheistíochtaí	1,086,532	652,210
Gnóthachan ar dhiúscairtí infheistíochta	87,782	(1,731,966)
<b>Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>	<b>1,128,373</b>	<b>(1,299,896)</b>
<b>Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin</b>		
Ús bainc faighte	-	(8)
Díbhinní faighte	55,880	35,875
<b>Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin</b>	<b>55,880</b>	<b>35,867</b>

<b>Glanmhéadú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid</b>		
<b>Tirim</b>	<b>3,512,015</b>	<b>898,147</b>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ar an 1 Eanáir	3,273,414	2,375,267
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ar an 31 Nollaig</b>	<b>6,785,429</b>	<b>3,273,414</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an nGailearaí leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

#### (a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Gailearaí faoi Acht Parlaiminte sa bhliain 1854 agus osclaíodh don phobal é sa bhliain 1864 i gCearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Ghailearaí mar atá leagtha amach i gCuid VI den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

**60.** – (1) beidh sé mar fheidhm ag na Gobharnóirí agus ag na Caomhnóirí –

- (a) eolas ar na hamharcealaíona a mhéadú agus a scaipeadh taobh istigh nó taobh amuigh den Stát trí cibé modh a mheasann siad a bheith oiriúnach,
- (b) talamh nó leas i dtalamh a dhiúscairt faoi réir thoiliú an Aire agus aon mhaoin eile a dhiúscairt (seachas réada cultúrtha i mbailiúchán an Ghailearaí Náisiúnta), agus

(c) a bheith rannpháirteach ina leithéid de ghníomhaíochtaí chun críche cistí a chruinniú don Ghailearaí Náisiúnta de réir mar a mheasann siad a bheith cuí.

(2) Tá na feidhmeanna thuasluaite sa bhreis air agus ní in ionad aon fheidhmeanna a bronnadh ar na Gobharnóirí agus ar na Caomhnóirí leis na hAchtanna um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963, agus ní ina n-ionad.

Eintiteas Leasa Phoiblí is ea an Gailearaí

### **(b) Ráiteas um Chomhlíonadh**

Ullmhaítear ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar atá leagtha amach ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### **(c) Bunús an Ullmhúcháin**

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil ach amháin roinnt sócmhainní agus dliteanas a thomhaistear ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Maoirseachta idir an Gailearaí Náisiúnta agus an Roinn i bhfeidhm anois. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta le linn a bheith ag plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.



#### (d) Formáid na Ráiteas Airgeadais

Tá formáid na ráiteas airgeadais seo faofa ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán agus mar chuid díobh tá *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, Ráiteas ar an Staid Airgeadais, Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar an gCuntas Caipitil, Ráiteas Sreafaí Airgid* agus nótaí bainteacha. Is comhdhlúthú de na gníomhaíochtaí go léir de chuid an Ghailearaí iad na ráitis airgeadais, mar a leanas:-

#### *Cuntais Ioncam Iarchurtha (Nótaí 20 & 21)*

Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown	Bunaíodh an ciste seo i 1988 le Scoláireacht a chur ar fáil chun taighde oideachais a chur chun cinn agus a spreagadh.
Comhairle Dargan	Bunaíodh Comhairle Dargan i 2005 chun maoiniú a bhailiú le mórshaothair ealaíne, a rachadh chun sochair do Bhailiúchán an Ghailearaí, a cheannach. Baineadh úsáid iomlán as an maoiniú seo agus dúnadh é i 2022.
Ciste Comhaltachta	Cuireadh an ciste seo ar bun trí ghníomhas i 1986 (agus arna leasú i 2005) chun ioncam a ghineadh chun Comhaltachtaí a chur ar fáil i réimsí taighde, caomhnaithe, péintéireachta, dealbhóireachta agus do chuspóirí acadúla eile.
Ciste Lane	Bunaíodh an ciste seo i 1918 nuair a d'fhág Sir Hugh Lane cuid dá eastát ag an nGailearaí, go sonrath, chun pictiúir Éireannacha a cheannach.
Ciste Sciathán na Mílaoise	Bunaíodh an ciste seo chun taifead a dhéanamh ar thabhartais ó bhronntóirí príobháideacha chun cabhrú le Sciathán Mílaoise an Ghailearaí a thógáil agus leis an gcostas a bhain leis an obair sin..

#### *Cuntais Chúlchiste (Nóta 21)*

Ciste Shaw	Bunaíodh an ciste seo i 1950 nuair a bhásaigh George Bernard Shaw, a d'fhág ina uacht aon trian d'ioncam iarmharach a eastáit ag an nGailearaí le húsáid faoi lánrogha an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí (An
------------	--

	Bord). Tháinig deireadh le ríchíosanna Chiste Shaw i 2020.
Siopa an Ghailearaí Náisiúnta	Bunaíodh an siopa ar dtús faoi iontaobhas Magawley Banon chun macasamhlacha agus catalóga do shaothair ealaíne sa bhailiúchán a mhaoiniú
Cuntas Féinacmhainní	Déanann an cuntas seo na hidirbhearta go léir a thairfead maidir le hairgead a tugadh don Ghailearaí chomh maith le hioncam tráchtála a fhaightear ó urraíochtaí, gníomhaíochtaí oideachais, ioncam ó cheadúnas bialainne agus fruiliú áiseanna an Ghailearaí. Déantar tairfead sa chuntas seo freisin ar ioncam agus ar caiteachas a bhaineann le Taispeántais.

***Is Eintitis dhlíthiúla iad seo a leanas, atá neamhspleách ar an nGailearaí agus atá faoi theorainn ráthaíochta (Nóta 6):***

Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	Bunaíodh an chuideachta seo, atá faoi theorainn ráthaíochta, i 1986 chun tacú le gníomhaíochtaí an Ghailearaí trí chur le ballraíocht, chun léirtheiscint ar phéintéireacht, ar dhealbhóireacht agus ar ailtireacht a spreagadh.
Cairde Idirnáisiúnta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	Is carthanas cláraithe sa Ríocht Aontaithe an chuideachta seo atá faoi theorainn ráthaíochta agus a bunaíodh chun cistí a chruinniú chun Sciathán na Mílaoise a thógáil agus tá cistí tugtha aige freisin chun pictiúir de bhunús agus de ré áirithe a fháil.

**(e) Formáid do Charthanas**

Carthanas cláraithe is ea an Gailearaí (CHY2345). De réir an chleachtais atá molta do charthanas, tá anailís déanta ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghailearaí chun a n-infhaighteacht don Bhord a léiriú mar a leanas:

- Cistí Srianta: Ní féidir leis an nGailearaí na cistí seo a chaitheamh ach do na cúiseanna ar leith ar ar tugadh iad.
- Cistí Neamhsrianta: Tá na cistí seo ar fáil don Ghailearaí le feidhmiú chun críocha ginearálta an Ghailearaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht faoinar bunaíodh é.

### **(f) Cuntas Caipitil**

Aistrítear deontais Stáit chun sócmhainní seasta a cheannach sa Chuntas Caipitil sa bhliain ina ndéantar an caiteachas agus léirítear iad sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* thar shaolré úsáideach na sócmhainní bainteacha. Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### **(g) Ioncam**

I measc an ioncaim a dtugtar cuntas air ar bhunús fáltais airgid tirim, tá:

- Deontais Oireachtais
- Ioncam ó Thabhartais
- Ioncam ó Dhíbhinní
- Ioncam ó Dheontais Rialtais/Urraíocht/Taighde/Ioncam Oideachais

Aithnítear Deontais Rialtais agus ioncam urraíochta a fuarthas do chuspóirí ar leith sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* chun go dtiocfaidís leis an gcaiteachas lena bhfuil siad deonaithe. Áirítear méideanna nach bhfuil caite ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais in Ioncam Iarchurtha sa *Ráiteas ar an Staid Airgeadais*. Aithnítear ioncam urraíochta a fuarthas chun críocha neamhshonracha sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* ar bhonn fáltais airgid tirim.

Tá siad seo a leanas san áireamh san ioncam a aithnítear ar bhonn fabhraithe:

- Ioncam ón gCaifé/Imeachtaí
- Ioncam ó Thaispeántais
- Ríchíosanna
- Ioncam Eile
- Glanioncam ó Chairde GNÉ
- Glanioncam ón Siopa

## **Ioncam ó Ús**

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhráithe ar bhunús ghlanráta úis.

## **Tabhartais - Sócmhainní Oidhreachta**

Deimhníonn coimeádaithe an Ghailearaí, ar saineolaithe aitheanta iad ina réimse oibre, luacháil na bpictiúr a fhaightear trí thiomnacht, mar bhronntanas nó ar shlí ar bith eile seachas iad a cheannach. Is éard atá i gceist leis an bpríomhmhodh luachála, ná anailís a dhéanamh ar luachanna margaidh saothar inchomparáide, mar aon le measúnú teicniúil mionsonraithe ar riocht fisiceach an phictiúir chun luacháil réasúnta a dhéanamh. Mar sin féin, táthar teoranta go bunúsach maidir le luacháil a dhéanamh ar shaothair a fhaigheann an Gailearaí, mar gheall ar gur saothair uathúla ealaíne iad, de ghnáth, agus gur ar éigean a bhíonn aon mhargadh inchomparáide ann dá leithéid.

### **(h) Infháltais**

Aithnítear infháltais ar phraghas an idirbhirt, lúide foráil d'fhiachas amhrasach. Aithnítear na gluaiseachtaí go léir san fhoráil d'fhiachas amhrasach sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

### **(i) Aithint Caiteachais**

Aithnítear an caiteachas go léir sa tréimhse lena mbaineann sé agus áirítear aon chaiteachas dá leithéid a tabhaíodh ach atá neamhíoctha ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais i *Suimeanna Iníoctha*.

### **(j) Sócmhainní Oidhreachta**

Is éard atá i mbailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ná pictiúir, dealbha, saothair ar pháipéar, mionsamhlacha, leabhair, cartlanna agus ealaín fheidhmeach, go príomha, gréithe airgid, gloine dhaite agus troscán, agus tá siad ar fad san áireamh sna Sócmhainní Oidhreachta.

De réir FRS 102, déantar saothair ealaíne a fuair an Gailearaí nó a bronnadh ar an nGailearaí a chaipitliú agus a aithint sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag a gcostas nó ag a luach ar an dáta a fuarthas iad, sa chás go bhfuil costas nó luach den sórt sin ar fáil go réasúnach.

Cuirtear saothair leis an mbailiúchán trí cheannach, tiomnacht, bronntanas na sócmhainne agus/nó ceannaítear sócmhainní le maoiniú ó thabhartais.

### ***Túsaitint***

Déantar taifead ar nithe a cheannaítear a áireamh ag a gcostas sna Ráitis Airgeadais. Déantar taifead ar earraí a tugadh (tabhartais) don Ghailearaí ag luacháil reatha atá deimhnithe ag coimeádaithe an Ghailearaí trí thagairt, más féidir, do mhargaí tráchtála bunaithe ar fhaisnéis maidir le luacháil idirbheart ó cheantanna a bhí ann le déanaí. Déantar taifead ar thabhartais, sa chás go mbaineann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ar bhunús luacháil de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Aithnítear tabhartais mar ioncam agus déantar é a chur san áireamh sa chuntas caipitil Sócmhainní Seasta Oidhreachta.

### ***Luacháil***

Tá Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann den tuairim go bhfuil an bailiúchán neamhghnách mar shócmhainn ar a lán slite. Tá sé uathúil, leochaileach, an-luachmhar go deo agus ní féidir a leithéid a fháil. Dá bharr sin, is sócmhainn é atá deacair a luacháil i slí a dtuigfeadh léitheoirí ráitis airgeadais é.

Fiú amháin dá mbeifí in ann luachálacha a fháil ar roinnt de na saothair ealaíne sa bhailiúchán, measann an Bord nárbh fhiú an costas a bhainfeadh le luacháil den chineál sin a dhéanamh, de bhrí nach mbeadh aon tairbhe ann do léitheoir na ráiteas airgeadais cuid den bhailiúchán a chur san áireamh sa Ráiteas ar an

Staid Airgeadais. Mar thoradh air sin, níl aon luach curtha san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais do Shócmhainní Oidhreachta a fuarthas roimh 2007, an uair a dearnadh saothair a cuireadh leis an mbailiúchán a chaipitliú ar dtús.

Déantar caipitliú páirteach ar Shócmhainní Oidhreachta ar bhunús an dáta a bhfuarthas an saothar mar thoradh ar an riachtanas a éilítear faoi FRS 102, alt 34.

### **Lagú**

Ní dhéantar Sócmhainní Oidhreachta a dhímheas. Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú ar luach Sócmhainne Oidhreachta, aithnítear cailiteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúltaicé Ioncaim Coinnithe sa bhliain ar leith. D'fhéadfadh Sócmhainn Oidhreachta a bheith lagaithe, mar shampla, sa chás go dtiocfadh meath fisiceach uirthi, go mbeadh sí briste nó go dtiocfadh amhras chun cinn maidir lena barántúlacht.

### **Costais Chaomhnaithe**

Aithnítear caiteachas atá ag teastáil chun míreanna aonair de chuid an bhailiúcháin a chaomhnú nó chun níos mó meatha a chosc, chomh maith leis na costais a bhaineann leis an mbailiúchán a bhainistiú, sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ag an am a dtabhaítear iad.

Is féidir breis eolais maidir le cineál agus scála bhailiúcháin an Ghailearaí a fháil i Nóta 11.

### **(k) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Seachas mar atá luaite thíos, tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ag a gcostas nó ag a luacháil, lúide dímheas carntha. Tá an muirear dímheasa ríofa chun an bunchostas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide an luach measta iarmharach, thar saolré ionchasach úsáideach mar a leanas:

Talamh & Foirgnimh	-	Nil
Troscán & Feistis	-	10% Líne dhíreach
Trealamh & Mótarfheithiclí	-	20% Líne dhíreach

Cuirtear dímheas de bhliain iomlán i bhfeidhm sa bhliain a bhfaightear an saothar agus ní chuirtear dímheas i bhfeidhm i mbliain na diúscairtha nó ar Shócmhainní faoi Fhorbairt. Ní dhéantar sócmhainní faoi luach €1,000 a chaipitliú agus déantar iad a mhuirearú ar an *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

Tá formhór na bhfoirgneamh atá á n-úsáid ag an nGailearaí i seilbh agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus dá réir sin, aithnítear na foirgnimh sin i ráitis airgeadais Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá dhá réadmhaoín faoi úinéireacht an Ghailearaí – Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean agus Uimh. 5 Sráid Laighean Theas. Aithnítear iad sin sna ráitis airgeadais ag úsáid na samhla athluachála. Déantar athluachálacha ar bhonn bliantúil chun a chinntiú nach mbíonn difear suntasach idir an tsuim ghlanluacha agus an tsuim a chinnfí ag úsáid luach cothrom ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Má mhéadaítear glanluach na sócmhainne mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach*. Má laghdaítear an méid glanluacha mar thoradh ar athluacháil, aithnítear é sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* sa mhéid go n-aisiompáonn sé méadú athluachála na sócmhainne agus cuirtear aon chomhardú san áireamh sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

Tá cosc ar an mBord aon Sócmhainní Oidhreachta a dhiúscairt. Sa mhír seo, ní thagraíonn diúscairt sócmhainní seasta nach Sócmhainní Oidhreachta iad.

Áirítear le diúscairtí: díolachán, iasachtaí fadtéarmacha, tabhartas in aisce, traipisiú agus tabhartas d’eagraíocht charthanachta. Féadfaidh an Bord a

shonrú gur cheart don Bhord aon diúscairt os cionn tairseach cheadaithe a fhorghuiniú go foirmiúil agus féadfaidh sé srianta sonracha a fhorchur maidir le haon diúscairt den chineál sin. Is é an polasaí atá i bhfeidhm ná cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus sócmhainní á ndiúscairt, sa chás go bhfuil na sócmhainní sin sa bhreis ar riachtanais ghinearálta. Ba cheart go ndéanfaí na sócmhainní a dhiúscairt ar ceant nó le próiseas iomaíoch tairisceana, seachas i gcás imthoscaí eisceachtúla (amhail díolachán le comhlacht carthanachta). Ba cheart go mbeadh an modh a d'úsáidfí trédhearcach agus ba cheart gur dócha go mbainfeadh sé luach cothrom an mhargaidh amach. Ba cheart luach cúlchiste na sócmhainne atáthar a dhiúscairt a shocrú, más gá agus más indéanta, bunaithe ar luacháil ghairmiúil. Ba cheart sonraí gach diúscairta nó gach cheadaithe ar rochtain ar réadmhaoin nó ar bhonneagar chun críocha socruithe tráchtála le tríú páirtithe (seachas tríú páirtithe gaolmhara) faoi bhun €150,000, nach raibh ceant nó próiseas iomaíoch tairisceana i gceist, a thuairisciú go foirmeálta don Bhord gach bliain, agus an praghas a íocadh mar aon le hainm an cheannaitheora a chur san áireamh.

Ní dhímheasann an Gailearaí a chuid foirgneamh mar tá polasaí cothabhála agus deisithe rialta aige agus mar sin, coimeádtar na foirgnimh ag an gcaighdeán feidhmíochta a measúnaíodh roimhe sin.

### **(I) Sócmhainní Airgeadais**

Tá roinnt cistí ag an nGailearaí a bhaineann le méideanna a fágadh le huacht agus a bronnadh ar an nGailearaí chun críocha ar leith. Bainistíonn bainisteoirí seachtracha na cistí seo agus áirítear iad sa *Ráiteas ar an Staid Airgeadais* ag luach an mhargaidh. Déantar na cistí a luacháil ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear na hathruithe i luach na gcistí bainistithe, de bharr athruithe ar luach an mhargaidh, sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* mar



ghnóthachan nó cailteanais neamhréadaithe. Aithnítear aon ghnóthachan nó cailteanais a bhaineann le hinfheistíochtaí á ndiúscairt sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

### **(m) Fardal**

Tá earraí le hathdhíol i Siopa an Ghailearaí san áireamh san fhardal agus déantar iad a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Tá foráil iomlán déanta do rudaí atá as feidhm agus rudaí nach bhfuil mórán díol orthu.

### **(n) Airgeadraí Eachtracha**

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Aithnítear na difríochtaí aistrithe a bhíonn mar thoradh air sin sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*. Aistrítear idirbhearta ainmnithe in airgeadraí eachtracha a dhéantar i rith na bliana ag na rátaí malairte ag dáta an idirbhirt. Tá cuntas ar na difríochtaí malairte atá mar thoradh air sin sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

### **(o) Sochair Fostaithe**

#### ***Sochair Ghearrthéarmacha***

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós, pá laethanta saoire mar chostas sa bhliain agus áirítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníochta sa *Ráiteas ar an Staid Airgeadais*.

#### ***Sochair Scoir***

Tá na scéimeanna pinsin seo a leanas ag an nGailearaí:

Tá an *pinsean le sochar sainithe* iníochta le státseirbhísigh bhunaithe agus le fostaithe stáit neamhbhunaithe sa Ghailearaí, agus glacann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an dliteanas ina leith seo. Cuirtear na ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó fhostaithe chuig an Roinn.

*Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair* (Scéim Aonair), seo scéim le sochar sainithe do na fostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

*Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA)*, is soláthraí údaraithe PRSA atá i mbun na scéime seo. Déanann an Gailearaí ranníocaíocht suas le 7% leis an scéim agus cuirtear an dá ranníocaíocht go díreach chuig soláthraí an PRSA ar bhonn míosúil.

### **(p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla**

In ullmhú na ráiteas airgeadais, éilítear ar an lucht bainistíochta buntuisint, breithiúnais, agus meastacháin a dhéanamh a bhfuil éifeacht acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear d'ioncam agus caiteachas le linn na bliana. Mar sin féin, de bharr an chineál meastacháin atá i gceist d'fhéadfadh sé go mbeadh na fíorthorthaí difriúil ó na meastacháin sin. Níl aon bhreithiúnais déanta ag an nGailearaí a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### ***Dímheas agus Luachanna Iarmharacha***

Rinneadh athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteach leis na haicmí sócmhainní seasta go léir, go háirithe saolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas. Ba é tátal an athbhreithnithe go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha mar is cuí.

## 2. Deontas Oireachtais<sup>1</sup> - faighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

	Cistí Neamhshrianta €	Cistí Srianta €	2022 €	2021 Iomlán €
Reatha - Ranníocaíocht do Chostas Riaracháin	11,299,000	-	11,299,000	10,423,000
Caipiteal - Ranníocaíocht d'Athchóiriú, Caomhnú agus Leabharlann	-	958,000	958,000	985,572
Reatha - Ranníocaíocht le Comhbhráithreachas na nÍósánach	-	-	-	-
Scaoileadh deontais iarchurtha i gcomhair Caomhnaithe, Leabharlainne & Comhbhráithreachas na nÍósánach	15,752	-	15,752	-
	<b>11,314,752</b>	<b>958,000</b>	<b>12,272,752</b>	<b>11,408,572</b>

<sup>1</sup> Deontas Oireachtais (Vóta 33 Fo-cheannteideal A.13) is ea deontas bliantúil an Ghailearaí do chaiteachas reatha agus caipitil. Baineann caiteachas reatha le pá, costais oibriúcháin agus caiteachas cláir. Baineann costais chaipitil leis an gcaiteachas ar an tionscadal athchóirithe, caomhnú agus leabhair leabharlainne.

### 2a. Deontas Oireachtais – Eile - faighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán & Na Coimisinéirí Ioncaim

	Cistí Neamhshrianta €	Cistí Srianta €	2022 Iomlán €	2021 Iomlán €
Reatha - Ranníocaíocht do chostas an Taispeántais Mondrian			-	98,685
Reatha- Ranníocaíocht do chostais Riaracháin <sup>2</sup>	1,228,000	-	1,228,000	-
Reatha- TWSS & EWSS <sup>3</sup>	-	-	-	122,993
Caipiteal - Ranníocaíocht chun Sócmhainní Oidhreachta a fháil <sup>1</sup>	-	1,850,000	1,850,000	1,941,092
An Geilleagar Oíche (Thursday Lates)	5,631	-	5,631	-
MPF Athlonnú Uimh. 88 go 90	30,180	-	30,180	26,789
Lá Líníochta	3,000	-	3,000	1,895
Scéim um Mhaoiniú an Bhailiúcháin Dhigitigh	-	-	-	59,334
	<b>1,266,811</b>	<b>1,850,000</b>	<b>3,116,811</b>	<b>2,250,788</b>

<sup>1</sup> Deontas speisialta aon uaire de €1,850,000 a fuarthas as ó Chiste na nDánlann Réigiúnach, Gailearaithe, Ionaid Chultúir agus Tionscadail na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

<sup>2</sup> San áireamh, tá trí dheontas speisialta de €500,000, €420,000 agus €258,000 ó Chiste na nDánlann Réigiúnach, Gailearaithe, Ionaid Chultúir agus Tionscadail de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

<sup>3</sup>TWSS & EWSS – ó na Coimisinéirí Ioncam

### 3. Ioncam Oideachais

Tagann an t-ioncam seo ó ranganna teagaisc agus turais oideachais threoraithe a chuirtear ar fáil.

### 4. Ioncam Urraíochta/Taighde

	Cistí		2022	2021
	Neamhshrianta	Cistí Srianata	Iomlán	Iomlán
	€	€	€	€
	-	-	-	-
Urraíocht Oideachais	50,000	25,000	75,000	113,302
An Leabharlann agus na Cartlanna	-	34,925	34,925	56,381
Oifig Forbartha	263,946	1,000,000	1,263,946	-
	-	-	-	-
Urraíocht Chorpháideach	351,986	-	351,986	1,088,269
	<b>665,932</b>	<b>1,059,925</b>	<b>1,725,857</b>	<b>1,257,952</b>
Iomlán aistrithe ó Ioncam Iarchurtha	(206,902)	(10,183)	(217,085)	31,955
	<b>459,030</b>	<b>1,049,742</b>	<b>1,508,772</b>	<b>1,289,907</b>

## 5. Ioncam Ilghnéitheach

	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	2022 Iomlán	2021 Iomlán
		€	€	€
ÚS bainc	-	-	-	8
Díbhinní	42,082	13,798	55,880	35,875
An Chomhairle Oidhreachta	16,383	-	16,383	-
Bord Fáilte (Digitiú a dhéanann an beart)	10,500	-	10,500	-
Ioncam eile	153,626	-	153,626	8,683
	<b>222,591</b>	<b>13,798</b>	<b>236,389</b>	<b>44,566</b>

## 6. Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	2022 Iomlán	2021 Iomlán
		€	€	€
Ioncam	334,267	-	334,267	370,736
Costais Oibriúcháin	349,101	-	349,101	235,360
<b>Barrachas / (Easnamh)</b>	<b>(14,834)</b>	<b>-</b>	<b>(14,834)</b>	<b>135,376</b>

## 7. Siopa

	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	2022 Iomlán	2021 Iomlán
	€	€	€	€
Díolacháin/ Ioncam eile	1,369,108	-	1,369,108	926,733
Costas Díolacháin	(679,924)	-	(679,924)	(413,786)
	689,184	-	689,184	512,947
Costais Oibriúcháin	(419,960)	-	(419,960)	(329,844)
<b>Glanbhrabús</b>	<b>269,224</b>	<b>-</b>	<b>269,224</b>	<b>183,103</b>

## 8a. Anailís ar an gCaiteachas Iomlán

	Bailiúcháin & Taighde	Forbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	Oideachas	Forbairt	Iomlán
	€	€	€	€	€
<b>2022</b>					
Tuarastail & Costais Pá eile	2,217,128	975,587	338,956	206,175	3,737,846
Costais Cúraim an Bhailiúcháin, & Taispeántas	1,063,630	25,969	-	-	1,089,599
Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean	150,606	188,419	102,674	9,209	450,908
Léachtaí agus Turais	-	3,279	80,077	2,613	85,969
Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla	36,511	5,863	-	28,266	70,640
Costais Oifige agus Riarachán	118,129	75,947	3,357	30,961	228,394
	3,586,004	1,275,064	525,064	277,224	5,663,356
Costais Tacaíochta	5,016,071	2,337,434	757,869	493,979	8,605,353

8,602,075      3,612,498    1,282,933      771,203    14,268,709

## 2021

Tuarastail & Costais Pá eile	2,022,506	400,888	289,097	188,997	2,901,488
Costais Cúraim an Bhailiúchán, & Taispeántas	442,427	20,730	-	-	463,157
Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean	121,823	136,329	56,404	2,014	316,570
Léachtaí agus Turais	0	0	36,440	161	36,601
Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla	20,881	0	0	0	20,881
Costais Oifige agus Riarachán	58,750	4,316	824	-	63,890
	<b>2,666,387</b>	<b>562,263</b>	<b>382,765</b>	<b>191,172</b>	<b>3,802,587</b>
Costais Tacaíochta	5,733,531	1,203,855	809,650	567,553	8,314,589
	<b>8,399,918</b>	<b>1,766,118</b>	<b>1,192,415</b>	<b>758,725</b>	<b>12,117,176</b>

## 8b. Caiteachas do Chuspóirí Carthanachta – Srianta

Srianta	Bailiúchán & Taighde €	Forbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht		Forbairt €	Iomlán €
		Páirtithe Leasmhara €	Oideachas €		
<b>2022</b>					
Tuarastail & Costais Pá Eile	117,989	-	21,622	-	139,611
Costais Cúraim an Bhailiúcháin, & Taispeántas	27,673	-	-	-	27,673
Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean	740	-	11,606	-	12,346
Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla	14,525	-	-	-	14,525
Costais Oifige agus Riarachán	1,934	-	805	-	2,739
	<b>162,861</b>	<b>-</b>	<b>34,033</b>	<b>-</b>	<b>196,894</b>
Costais Tacaíochta	-	-	-	-	-

Aistriú maoinithe ó Mhaoiniú larchurtha	(13,312)	-	(2,440)	-	(15,752)
	149,549	-	31,593	-	181,142

## 2021

Tuarastail & Costais Pá Eile	109,183	-	18,786	-	127,969
Costais Cúraim an Bhailiúcháin, & Taispeántas	25,794	-	-	-	25,794
Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean	-	-	21,363	-	21,363
Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla	-	-	-	-	-
Costais Oifige agus Riarachán	-	-	-	-	-
	134,977	-	40,149	-	175,126
Costais Tacaíochta	(12,120)	-	(2,085)	-	(14,205)
Aistriú maoinithe ó Mhaoiniú larchurtha	-	-	-	-	-
	122,857	-	38,064	-	160,921

## 8c. Caiteachas do Chuspóirí Carthanachta – Neamhshrianta

	Bailiúchán & Taighde €	Forbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara €	Oideachas €	Forbairt €	Iomlán €
Neamhshrianta					
<b>2022</b>					
Tuarastail & Costais Pá Eile	2,099,139	975,587	317,334	206,175	3,598,235
Costais Cúraim an Bhailiúcháin, & Taispeántas	1,035,957	25,969	-	-	1,061,926
Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean	149,866	188,419	91,068	9,209	438,562
Léachtaí agus Turais	-	3,279	80,077	2,613	85,969
Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla	21,986	5,863	-	28,266	56,115
Costais Oifige agus Riarachán	116,195	75,947	2,552	30,961	225,655
	3,423,143	1,275,064	491,031	277,224	5,466,462
Costais Tacaíochta	5,029,383	2,337,434	760,309	493,979	8,621,105
	8,452,526	3,612,498	1,251,340	771,203	14,087,567
<b>2021</b>					
Tuarastail & Costais Pá Eile	1,913,323	400,888	270,311	188,997	2,773,519



Costais Cúraim an Bhailiúcháin, & Taispeántas	416,633	20,730	-	-	437,363
Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean	121,823	136,329	35,041	2,014	295,207
Léachtaí agus Turais	-	-	36,440	161	36,601
Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla	20,881	-	-	-	20,881
Costais Oifige agus Riarachán	58,750	4,316	824	-	63,890
	<u>2,531,410</u>	<u>562,263</u>	<u>342,616</u>	<u>191,172</u>	<u>3,627,461</u>
Costais Tacaíochta	5,745,651	1,203,855	811,735	567,553	8,328,794
	<u>8,277,061</u>	<u>1,766,118</u>	<u>1,154,351</u>	<u>758,725</u>	<u>11,956,255</u>

**Gníomhaíochtaí atá san áireamh sna costais tacaíochta**

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Tuarastail & Costais Pá Eile	5,235,960	5,489,132
Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean	-	848
Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla	238,513	118,387
Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas	132,316	152,200
Taisteal & Cothabháil	25,350	2,288
Costais Shlándála	401,220	398,932
Árachas	41,907	32,837
Postas & Teileachumarsáid	84,823	81,625
Costais TF	356,767	329,891
Priontáil, Stáiseanóireacht & Soláthairtí	45,757	26,486
Costais Áitreabh	1,502,932	1,158,100
Táillí Iniúchóireachta OARCC <sup>1</sup>	53,200	51,125
Táillí Iniúchóireachta Eile	47,103	2,234
Dímheas	287,307	428,205
Costais Oifige agus Riarachán	152,198	42,299
	<u>8,605,353</u>	<u>8,314,589</u>

<sup>1</sup> Ba €50,300 táille iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste do 2022. Ba €45,700 an táille iniúchóireachta do 2021.

Leithdháiltear costais tacaíochta ar bhonn na gCostas Tuarastail agus Costais Pá Eile atá tiomnaithe chun tacú le gníomhaíochtaí carthanachta agus gníomhaíochtaí ginte airgid na heagraíochta mar a leanas:

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Bailiúchán & Taighde	5,016,071	5,733,531
Forbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht		
Páirtithe Leasmhara	2,337,434	1,203,855
Oideachas	757,869	809,650
Forbairt	493,979	567,553
	<u>8,605,353</u>	<u>8,314,589</u>

## 9a. Tuarastail agus Costais Pá Eile

Baineann na costais foirne leo seo:

	<b>Cistí Neamhsrianta</b>	<b>Cistí Srianta</b>	<b>2022 Iomlán</b>	<b>2021 Iomlán</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Pá & Tuarastail	7,520,431	124,867	7,645,298	7,212,546
ÁSPC an Fhostaitheora	755,428	14,743	770,171	739,623
Foireann Gníomhaireachta	558,337	-	558,337	438,451
	<b>8,834,196</b>	<b>139,610</b>	<b>8,973,806</b>	<b>8,390,620</b>

## Sochair Chomhiomlán Fostaithe

### Sochair Chomhiomlán Fostaithe

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Sochair ghearrthéarmacha foirne	8,062,510	7,650,997
Sochair foirceanta	141,125	-
Costais na sochar scoir	-	-
Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialta	770,171	739,623
	<b>8,973,806</b>	<b>8,390,620</b>

## Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

### Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Bunphá	8,248,539	7,941,262
Ragobair	14,051	-
Liúntais	11,754	10,907
Gníomhaireacht	558,337	438,451
	<b>8,832,681</b>	<b>8,390,620</b>

## Costais Foirne rangaithe in áit eile (Féach Nótaí 6 & 7)

	Cistí Neamhshrianta €	Cistí Srianta €	2022 Iomlán €	2021 Iomlán €
Siopa	330,053	-	330,053	275,263
Cairde GNÉ	-	-	-	-
Costais Phárolla	205,064	-	205,064	111,210
Costais Phinsean	5,834	-	5,834	-
Foireann Gníomhaireachta	16,765	-	16,765	51,400
	<b>557,716</b>	<b>-</b>	<b>557,716</b>	<b>437,873</b>
<b>Luach saothair iomlán</b>	<b>9,250,787</b>	<b>139,610</b>	<b>9,390,397</b>	<b>8,828,493</b>

### (b) Líon na bhFostaithe

Líon na ndaoine fostaithe (stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh) ar an 31

Nollaig:

	2022 F.T.E.	2021 F.T.E.
Foireann Oifige	99.1	85.5
Freastalaithe	74	80.5
	<b>173.1</b>	<b>166</b>

### (c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad comhaltaí an Bhoird, an Stiúrthóir, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Ceannasaí na mBailiúchán & Taighde agus an Ceannasaí um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara na príomhphearsanra bainistíochta i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Tá luach iomlán sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Tuarastal	351,714	301,338
Liúntais	-	-
Sochair Foirceanta	-	-
Árachas Sláinte	-	-
	<b>351,714</b>	<b>301,338</b>

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh le linn na tréimhse san áireamh anseo. Tá príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin an Ghailearaí agus ní ghabhann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin thar théarmaí Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí.

#### **(d) Luach Saothair an Stiúrthóra**

I 2022, íocadh tuarastal de €108,621 le Stiúrthóir(í) an Ghailearaí (S. Rainbird €100,455 agus C. Campbell €8,166) (2021: €117,806). Is ionann teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra agus teidlíochtaí caighdeánacha scéim aoisliúntais sochar sainithe na hearnála poiblí. I 2022, thabhaigh an Stiúrthóir costais de €9,066 (2021: €339).

#### **(e) Miondealú ar shochair fostaithe**

		<b>Líon na bhFostaithe</b>	<b>Líon na bhFostaithe</b>
Réimse sochar iomlán fostaithe		<b>2022</b>	<b>2021</b>
<b>Ó</b>	<b>Go</b>		
€60,000	€69,999	12	12
€70,000	€79,999	4	6
€80,000	€89,999	6	1
€90,000	€99,999	-	-
€100,000	€109,999	1	1
€110,000	€119,999	1	1

## (f)Íocaíocht Foirceanta

Baineann na híocaíochtaí foirceanta thuas le socraíocht le ball foirne amháin i rith na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil. Bhain €61,158 le costais dlí maidir le socrú an chomhaontais foirceanta.

## 10. Cuntas Caipitil

	2022	2021
	€	€
<b>Iarmhéid - 1 Eanáir</b>	<b>765,208</b>	<b>890,981</b>
<i>Aistrithe ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:</i>		-
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh Breise	61,488	184,056
Dímheas Sócmhainní	(207,400)	(309,829)
<b>Gluaiseacht iomlán sa bhliain</b>	<b>(145,912)</b>	<b>(125,773)</b>
<b>Iarmhéid Deiridh - 31 Nollaig</b>	<b>619,296</b>	<b>765,208</b>
<i>Sócmhainní Oidhreachta:</i>		
<b>Iarmhéid - 1 Eanáir</b>	<b>48,075,396</b>	<b>42,932,784</b>
Sócmhainní a Ceannaíodh le linn na Bliana	3,914,799	3,925,547
Sócmhainní arna dTabhairt Faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997	-	-
Tabhartais Sócmhainní Eile	2,228,392	1,217,065
<b>Gluaiseacht iomlán sa bhliain</b>	<b>6,143,191</b>	<b>5,142,612</b>
<b>Iarmhéid Deiridh - 31 Nollaig</b>	<b>54,218,587</b>	<b>48,075,396</b>

## 11. Sócmhainní Oidhreachta

Is é an Gailearaí mórfhoras cultúir náisiúnta na hÉireann atá tiomanta do bhailiú agus cúram a dhéanamh do shaothar mínealaíne, ina bhfuil thart ar 18,009 pictiúr, líníocht, pictiúir uiscadhatha, miondealbh, priontaí, dealbha agus *objets d'art* agus tá breis agus 100,000 imleabhar sa Leabharlann

Mhínealaíne. Tá sárshaothair le cuid de na healaíontóirí is cáiliúla i stair ealaíne

larthar na hEorpa i mbailiúchán forleathan an fhorais. Chomh maith leis sin, is sa Ghailearaí atá an bailiúchán is ionadaíche ar Ealaín stairiúil na hÉireann. Arna mhaoiniú ag an Stát, cuireann an Gailearaí rochtain saor in aisce ar fáil don phobal 361 lá sa bhliain.

Faomhann an Bord na saothair ealaíne go léir a fhaightear, ach amháin earraí Leabharlainne agus Cartlainne mar is féidir leis an Stiúrthóir nó an Leabharlannaí iad seo a fhaomhadh. Déantar athbhreithniú ar pholasaí an Ghailearaí um Shaothair Faighte go tréimhsiúil. Tá timpeall 567 saothar ealaíne ar taispeáint go poiblí sa Ghailearaí faoi láthair agus tá 462 ar iasacht in áiteanna eile. Tá saothair ar pháipéar ar fáil le hamharc orthu, ar iarratas.

Tá cosc ar an mBord aon Sócmhainní Oidhreachta a dhiúscairt. Is sa Ghailearaí atá bailiúchán náisiúnta de phictiúir, dealbha, priontaí agus líníochtaí. Ealaín Eorpach ó 1300 go dtí an lá atá inniu ann is mó atá sa bhailiúchán. Tá réimse sárshaothair sa Ghailearaí le healaíontóirí ó mhór-scoileanna ealaíne na hEorpa, agus tá an bailiúchán is cuimsithí ar domhan d'ealaín na hÉireann ann freisin. Tá saothar sa bhailiúchán ó ealaíontóirí mór le rá, ar nós, Vermeer agus Titian, Monet agus Picasso. Tá objets d'art sa bhailiúchán freisin, gréithe airgid, troscán agus bailiúcháin chartlainne, agus is anseo atá an bailiúchán portráide náisiúnta freisin. Tá bailiúchán tábhachtach leabharlainne, lena n-áirítear leabhair uathúla, agus roinnt bailiúchán tábhachtach cartlainne a bhaineann le healaín Éireannach agus le sainréimsí eile sna bailiúcháin, ina measc, an Lárionad um Staidéar ar Ealaín Éireannach, Cartlann Yeats agus páipéir Sir Denis Mahon. Ar an iomlán, tá bailiúchán an Ghailearaí thar a beith tábhachtach agus tá sé inchurtha leis na músaem is cáiliúla san Eoraip.

Tá an Gailearaí tiomanta an bailiúchán a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach stuama freagrach. Chun é sin a bhaint amach, cloíonn an Gailearaí go dlúth leis

na prionsabail maidir le caomhnú coisctheach, agus déantar sin go príomha tríd an timpeallacht agus an solas a rialú agus déantar cóireálacha caomhnaithe nuair is gá. Úsáideann an Gailearaí córas bainistíochta bailiúchán (CBB) freisin chun an bailiúchán a chatalógú agus saothair faighte, taifid suímh, taispeántais agus iasachtaí a bhainistiú.

Léirítear Sócmhainní Oidhreachta arna gcaipitliú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais anseo thíos.

	<b>Costas</b>	<b>Luacháil</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Mar a bhí ar 1 Eanáir 2021	<b>14,863,308</b>	<b>28,069,476</b>	<b>42,932,784</b>
Breiseanna 2021	3,925,547	1,217,065	5,142,612
Mar a bhí ar 1 Eanáir 2022	<b>18,788,855</b>	<b>29,286,541</b>	<b>48,075,396</b>
Breiseanna 2022	3,914,799	2,228,392	6,143,191
Mar a bhí ar 31 Nollaig 2022	<b>22,703,654</b>	<b>31,514,933</b>	<b>54,218,587</b>

Tá na Sócmhainní Oidhreachta go léir a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag a gcostas nó a luach ar an dáta a bhfuarthas iad. Sa chás go bhfuarthas Sócmhainní Oidhreachta faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, cuireann luachálaí gairmiúil seachtrach, ceaptha ag na Coimisinéirí Ioncaim, luachálacha ar fáil. Sa chás go mbronntar pictiúir ar an nGailearaí, nó go bhfágtar aige le huacht iad nó go bhfaightear ar bhealach eile iad seachas ar an margadh oscailte, déanann coimeádaithe an Ghailearaí, ar saineolaithe aitheanta ina réimsí féin iad, luacháil orthu. Is é an príomh-mhodh luachála chun teacht ar luacháil réasúnach ná anailís a dhéanamh ar luachanna saothar inchomparáide ar an margadh reatha, in éineacht le measúnú teicniúil mionsonraithe ar riocht fisiceach an phictiúir ar leith. Mar sin féin, tá deacracht



bhunúsach ag baint le luacháil a dhéanamh ar shaothar a fhaigheann an Gailearaí, toisc gur saothair uathúla ealaíne a bhíonn iontu ó nádúr, de ghnáth, agus is ar éigean a bhíonn margadh inchomparáide ann dóibh.

### Achoimre airgeadais cúig bliana ar shaothair faighte

	2022	2021	2020	2019	2018
		€	€	€	€
Costas iomlán na saothar faighte	3,914,799	3,925,547	939,874	933,603	1,216,394
Luacháil iomlán na saothar faighte	2,228,392	1,217,065	283,053	1,330,116	555,185
<b>Iomlán</b>	<b>6,143,191</b>	<b>5,142,612</b>	<b>1,222,927</b>	<b>2,263,719</b>	<b>1,771,579</b>

### Sócmhainní Oidhreachta nach bhfuil caipitlithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Tá an chuid sin den bhailiúchán nach bhfuil caipitlithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais leagtha amach thíos:

	Líon iomlán na bpíosáí	Líon caipitlithe	% caipitlithe	Líon nach bhfuil caipitlithe	% nach bhfuil caipitlithe
Saothair Ealaíne	18,009	1,805	10.02%	16,204	89.98%

Níl an chuid is mó de bhailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann caipitlithe. Is féidir cineálacha agus scála an bhailiúcháin a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí. (<https://www.nationalgallery.ie/>).

## 12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

### 12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh agus Foirgnimh €	Trealamh Oifige & Mótarfheithiclí €	Troscán & Feistis €	Sócmhainní faoi Fhorbairt €	Iomlán €
<b>Costas</b>					
<b>Ar 1 Eanáir 2022</b>	5,580,000	1,833,266	1,774,560	34,667	9,222,493
Breiseanna		16,252	77,542		93,794
Díscríobh <sup>1</sup>				(34,667)	(34,667)
Athluacháil <sup>2</sup>	(200,000)				(200,000)
<b>Ar 31 Nollaig 2022</b>	<b>5,380,000</b>	<b>1,849,518</b>	<b>1,852,102</b>	<b>-</b>	<b>9,081,620</b>
<b>Dímheas</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Ar 1 Eanáir 2022</b>	-	1,329,573	1,181,162	-	2,510,735
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Muirear don bhliain	-	167,863	119,443	-	287,306
<b>Ar 31 Nollaig 2022</b>	<b>-</b>	<b>1,497,436</b>	<b>1,300,605</b>	<b>-</b>	<b>2,798,041</b>
<b>Glanluach de réir na leabhar</b>					
<b>Ar 31 Nollaig 2022</b>	<b>5,380,000</b>	<b>352,082</b>	<b>551,497</b>	<b>-</b>	<b>6,283,579</b>
	<b>0</b>				
<b>Ar 31 Nollaig 2021</b>	<b>5,580,000</b>	<b>503,693</b>	<b>593,398</b>	<b>34,667</b>	<b>6,711,758</b>
	<b>0</b>				

<sup>1</sup> I 2022, díscríobhadh an costas a cuireadh san áireamh don tionscadal Bainisteora um Chaidrimh le Custaiméirí (CRM), a rangáíodh faoi Shócmhainní faoi Fhorbairt toisc gur tháinig deireadh leis an tionscadal sular tosaíodh ar an obair.

<sup>2</sup> Rinne Suirbhéirí Cairte cáilithe de chuid Lambert Smith Hampton athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh. Rinneadh athluacháil ar na Sócmhainní astu féin ar an 31 Nollaig 2022 ag luach cothrom comhiomlán de €5,380,000. Tá siad bunaithe ar shainmhíniú ar Luach an Mhargaidh mar atá sainmhínithe i Lámhleabhar Shuirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga um Chaighdeáin Bhreithmheasa agus Luachála ar bhunús Úsáide Reatha. Is ionann seo agus laghdú ar an luacháil a rinneadh ar an 31 Nollaig 2021. Tá na foirgnimh dá dtagraítear dóibh

thuas faoi úinéireacht an Ghailearaí. Tá na hoifigí agus na foirgnimh eile atá in úsáid ag an nGailearaí faoi úinéireacht agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

## Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2021

	Talamh agus Foirgnimh	Trealamh Oifige & Mótarfheithiclí	Troscán & Feistis	Sócmhainní faoi Fhorbairt	Iomlán
	€	€	€	€	€
<b>Costas</b>					
<b>Ar 1 Eanáir 2021</b>	5,580,000	1,410,172	1,755,031	284,434	9,029,637
Breiseanna	-	173,327	19,529	-	192,856
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Athrangú <sup>1</sup>	-	249,767		(249,767)	-
Athluacháil <sup>2</sup>	-	-	-	-	-
<b>Ar 31 Nollaig 2021</b>	<b>5,580,000</b>	<b>1,833,266</b>	<b>1,774,560</b>	<b>34,667</b>	<b>9,222,493</b>
<b>Dímheas</b>					
	€	€	€	€	€
<b>Ar 1 Eanáir 2021</b>	-	1,014,233	1,066,781		2,081,014
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Muirear don bhliain	-	315,340	114,381	-	429,721
<b>Ar 31 Nollaig 2021</b>	<b>-</b>	<b>1,329,573</b>	<b>1,181,162</b>	<b>-</b>	<b>2,510,735</b>
<b>Glanluach de réir na leabhar</b>					
<b>Ar 31 Nollaig 2021</b>	<b>5,580,000</b>	<b>503,693</b>	<b>593,398</b>	<b>34,667</b>	<b>6,711,758</b>
<b>Ar 31 Nollaig 2020</b>	<b>5,580,000</b>	<b>395,939</b>	<b>688,250</b>	<b>284,434</b>	<b>6,948,623</b>

<sup>1</sup> Baineann athrangú sa chás seo leis an Tionscadal Source a thosaigh beo ar líne i 2021. Rangaíodh aon chaiteachas a bhain leis an tionscadal roimhe seo faoi Shócmhainní faoi Fhorbairt.

<sup>2</sup> Rinne Suirbhéirí Cairte cáilithe de chuid Lambert Smith Hampton athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh. Rinneadh athluacháil ar na Sócmhainní astu féin ar an 31 Nollaig 2021 ag luach cothrom comhiomlán de €5,580,000. Tá siad bunaithe ar shainmhíniú ar Luach an Mhargaidh mar atá sainmhínithe i Lámhleabhar Shuirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga um Chaighdeáin Bhreithmheasa agus Luachála ar bhunús Úsáide Reatha. Is ionann seo agus laghdú ar an luacháil a rinneadh ar an 31 Nollaig 2020. Tá na foirgnimh dá dtagraítear dóibh thuas faoi úinéireacht an Ghailearaí. Tá na hoifigí agus na foirgnimh eile atá in úsáid ag an nGailearaí faoi úinéireacht agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

	<b>Cistí Neamshrianta</b>	<b>Cistí Srianta</b>	<b>2022 Iomlán</b>	<b>2021 Iomlán</b>
<b>Muirear dímheasa</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Muirear a gearradh ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais	286,821	-	286,821	427,720
Muirear a gearradh in áiteanna eile:	-	-	-	-
Siopa	-	-	-	1,516
Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	485	-	485	485
<b>Iomlán</b>	<b>287,306</b>	<b>-</b>	<b>287,306</b>	<b>429,721</b>

### 13. Sócmhainní Airgeadais

	<b>2022 Iomlán</b>	<b>2021 Iomlán</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Luach an mhargaidh ar 1 Eanáir</b>	<b>6,620,650</b>	<b>6,410,938</b>

Breiseanna ag a gcostas	1,402,372	6,282,897
Diúscairtí ag luach an mhargaidh	(633,189)	(7,152,941)
Gnóthachan Réadaithe/(Caillteanas) ar dhiúscairt	(87,782)	1,731,966
Gnóthachan/(Caillteanas) Neamhréadaithe ar Athluacháil	(1,086,532)	(652,210)
Luach Infheistíochtaí Luaite ag 31 Nollaig	<b>6,215,519</b>	<b>6,620,650</b>
Airgead tirim arna shealbhú mar chuid den Phunann Infheistíochta	264,952	1,081,987
<b>Ar 31 Nollaig</b>	<b>6,480,471</b>	<b>7,702,637</b>

Is iad Goodbody Stockbrokers a dhéanann Cistí an Ghailearaí a bhainistiú anois. Tá Polasaí Infheistíochta an Ghailearaí faofa ag an mBord agus déantar athbhreithniú air go rialta i rith na bliana.

#### 14. Fardal

	<b>2022</b> <b>lomlán</b> <b>€</b>	<b>2021</b> <b>lomlán</b> <b>€</b>
Stoc Trádála	<b>312,196</b>	<b>383,737</b>

Tá siopa ag feidhmiú sa Ghailearaí. Is éard is fardal ann ná earraí le hathdhíol sna gnóthaí seo. Gearradh fardal dar luach €679,924 (2021: €413,786) ar chostais na ndíolachán.

#### 15. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim

	<b>2022</b> <b>€</b>	<b>2021</b> <b>€</b>
Cuntais Reatha	6,501,814	2,990,142
Cuntais Taisce	283,167	283,167
Cartaí Creidmheasa	(6,890)	(3,982)

Mionairgead	3,643	392
Eile	3,695	3,695
<b>Iomlán</b>	<b>6,785,429</b>	<b>3,273,414</b>

## 16. Infháltais

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Feichiúnaithe Trádála	78,063	19,418
Feichiúnaithe eile	31,300	24,045
Réamhíocaíochtaí	1,139,092	212,358
	<b>1,248,455</b>	<b>255,821</b>

## 17. Suimeanna Iníochta

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Creidiúnaithe Trádála	399,582	270,157
CBL, PSWT & IMAT/ÁSPC	278,110	271,658
Creidiúnaithe Eile	31,418	45,351
Ioncam Fabhraithe	4,090,647	1,212,217
	<b>4,799,757</b>	<b>1,799,383</b>

## 18. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Is iad príomhphearsanra bainistíochta an Ghailearaí ná an Stiúrthóir agus comhaltaí an Bhoird. Tá sonraí maidir le tuarastal agus costais an

Phríomhphearsanra Bainistíochta san áireamh i Nóta 9 (c). De réir chinneadh an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, níl táillí Boird iníoctha ón 28 Feabhra 2014.

Tá nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann maidir le leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsaí gnó, féadfaidh an Gailearaí Náisiúnta dul i mbun socruithe conartha le heintitis ina bhfuil a chomhaltaí Boird fostaithe nó ina bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. I gcásanna go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméadacht de chuid an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt ar shlí ar bith eile ná ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leis na hidirbhearta sin. Coimeádtar clár de theagmhais den sórt sin go léir agus tá sé ar fáil ar iarratas.

## 19. Ioncam Iarchurtha – Deontas Rialtais

	2022	2021
	€	€
Comhbhráithreachas na nÍosánach	20,817	36,569
Státchiste - Tacaíocht Fuinnimh	1,460,000	-
Deontas MPF4	138,031	168,211
Tacaíocht Deontais do Thaispeántas Yeats	-	420,000
	<b>1,618,848</b>	<b>624,780</b>

## 20. Ioncam Iarchurtha - Eile

	Iarmhéid 1 Eanáir 2022	Ioncam Gluaiseachta	Caiteachas Gluaiseachta	Iarmhéid 31 Nollaig 2022
	€	€	€	€
Ciste Sciathán na Mílaoise	786,222	-	-	786,222
Ciste Chomhairle Dargan	97,110	-	(97,110)	0
Ciste na Breataine	21,725	3,918	-	25,643
Ciste Comhaltachta	251,353	-	-	251,353
Cairde GNÉ	416,580	35,198	-	451,778
Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown	216,287	-	(29,011)	187,276
Ciste Lane	45,541	-	-	45,541
Tionscadal Caomhnaithe Merrill Lynch de chuid Bank of America	14,815	-	-	14,815
Ciste Cartlainne Sir Denis Mahon	6,727	-	-	6,727
Ciste Taighde Leabharlainne Decipher AE	87,815	-	-	87,815
Tionscadal Leabharlainne Wilson	5,249	34,925	(18,354)	21,820
Fondúireacht Kress - Ciste Leabharlainne		39,275	(14,525)	24,750
Ciste Getty um Chaomhnú Canbháis	178,843	-	(25,259)	153,584
Caomhnú Murillo	9,364	-	-	9,364
Apollo	39,472	-	(21,864)	17,608
Iontaobhas Séadchomharthaí	2,451	-	(1,409)	1,042
Lárionad Staidéir ar Ealaín Éireannach	66,840	50,000	(81,548)	35,292
Comórtas Portráide	87,195	-	(56,617)	30,578
Ciste Sarah Cecilia Harrison	29,545	-	(2,438)	27,107
Ciste Hospital Saturday	13,500	-	-	13,500
Tionscadal Your Gallery at School	38,244	-	(11,364)	26,880
Ciste um Chaomhnú Eolaíochta		180,426	-	180,426
Ciste Taispeántais Lavina Fontana		174,245	-	174,245
<b>Iomlán</b>	<b>2,414,878</b>	<b>517,987</b>	<b>(359,499)</b>	<b>2,573,366</b>



## Ioncam Iarchurtha - Eile 2021

	Iarmhéid 1 Eanáir 2021 €	Ioncam Gluaiseachta €	Caiteachas Gluaiseachta €	Iarmhéid 31 Nollaig 2021 €
Ciste Sciathán na Mílaoise	786,222	-	-	786,222
Ciste Chomhairle Dargan	97,110	-	-	97,110
Ciste na Breataine	12,907	33,449	(24,631)	21,725
Ciste Comhaltachta	268,924	-	(17,571)	251,353
Cairde GNÉ	290,507	337,287	(211,214)	416,580
Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown	216,287	-	-	216,287
Ciste Lane	45,541	-	-	45,541
Tionscadal Caomhnaithe Merrill Lynch de chuid Bank of America	40,096	-	(25,281)	14,815
Ciste Cartlainne Sir Denis Mahon	6,727	-	-	6,727
Ciste Taighde Leabharlainne Decipher AE	87,815	-	-	87,815
Tionscadal Leabharlainne Wilson	27,898	35,201	(22,649)	40,450
Ciste Getty um Chaomhnú Canbháis	178,843	-	-	178,843
Caomhnú Murillo	10,143	-	(779)	9,364
Apollo	3,065	25,799	(24,593)	4,271
Iontaobhas Séadchomharthaí	1,451	1,000	-	2,451
Lárionad Staidéir ar Ealaín Éireannach	99,340	50,000	(82,500)	66,840
Comórtas Portráide	20,021	125,000	(57,826)	87,195
Ciste Sarah Cecilia Harrison	29,545	-	-	29,545
Ciste Sarasin	15,000	-	(15,000)	-
Ciste Hospital Saturday	13,500	-	-	13,500
Tionscadal Your Gallery at School	25,000	25,000	(11,756)	38,244
<b>Iomlán</b>	<b>2,275,942</b>	<b>632,736</b>	<b>(493,800)</b>	<b>2,414,878</b>

## 21. Cúlchistí

	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	Iomlán 2022	Iomlán 2021
	€	€	€	€
Sócmhainní Oidhreachta <sup>1</sup>		54,218,587	54,218,587	48,075,396
Cuntas Caipitil	619,296		619,296	765,208
Státchiste	936,641	(279,016)	657,625	216,338
Féinacmhainní <sup>2</sup>	128,179	375,840	504,019	1,079,338
Ciste Shaw	7,587,219		7,587,219	8,477,442
Ciste Sciathán na Mílaoise		2,750,000	2,750,000	2,950,000
<b>Iarmhéid ar 31 Nollaig</b>	<b>9,271,335</b>	<b>57,065,411</b>	<b>66,336,746</b>	<b>61,563,722</b>

<sup>1</sup> Tá Sócmhainní Oidhreachta a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 caipitlithe ar aon dul le FRS 102, Alt 34.

<sup>2</sup> Tá Tabhartais, Taispeántais agus Siopa an Ghailearaí san áireamh.

## 22. Máistirphlean Forbartha

Tosaíodh ar thionscadal chun sciatháin stairiúla an Ghailearaí a athchóiriú i mí Eanáir 2014 agus críochnaíodh an obair seo i mí na Nollag 2016. D'íoc an Gailearaí €12.1 milliún de chostas an tionscadail. Ba iad An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a mhaoinigh na costais eile nach raibh íoctha. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí atá freagrach as an tionscadal a bhainistiú agus tá siad ag íoc na mbillí deiridh faoi láthair. Tá na híocaíochtaí go léir maidir lena ranníocaíocht féin don tionscadal íoctha ag an nGailearaí. Tá luach na sócmhainne taifeadta i ráitis airgeadais Oifig na nOibreacha Poiblí. Osclaíodh sciatháin stairiúla athchóirithe an Ghailearaí ar an 15 Meitheamh 2017. I mí

Aibreáin 2018, ina gcáipéis dar teideal *Tionscadal Éireann: Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht 2018-2027*, gheall an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán maoiniú de €54 milliún chun tacú le Céim 4, an chéim dheiridh de Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí. Tá athchóiriú ar na hoifigí ó uimhir 88 go 90 Cearnóg Mhuirfean pleanáilte do 2023 agus 2024. Dá bharr seo beidh ar na hoifigí seo athlonnú go sealadach go dtí uimhir 7 Cearnóg Mhuirfean. Tá €495,000 curtha ar fáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán don Ghailearaí i gcomhair costais athchóirithe. Caithfear €300,000 den tsuim sin ar obair agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí.

### **23. Dliteanais Theagmhasacha**

Tá an Gailearaí sáite i roinnt cásanna dlíthiúla a bhféadfadh dliteanais airgeadais a bheith i gceist ina leith, ag brath ar a dtorthaí. Ní féidir méid iomlán ná uainiú na ndliteanas teagmhasach sin a mheas le cinnteacht faoi láthair, ach ní dócha go mbeidh an méid iomlán níos mó ná €200,000.

### **24. Polasaí maidir le Cúlchistí**

Is é cuspóir an Pholasaí maidir le Cúlchistí cuid de na cúlchistí neamhshrianta a imfhálú ar an mbonn seo a leanas:

- i méid is comhionann le 6 mhí de chaiteachas buiséadaithe bliantúil neamh-státchiste nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir le sruth ioncaim comhchosúil, agus

- méid atá coibhéiseach le haon easnamh aitheanta i maoiniú conarthach le haghaidh chaiteachais ar chonradh má tá amhras suntasach ann go n-íocfadh an páirtí maoinithe conarthach an t-easnamh sin.

Ina theannta sin, moltar an Bord a chur ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar staid airgeadais leanúnach agus réamh-mheasta GNÉ a bhféadfadh drochthionchar suntasach a bheith aige ar a chumas maidir le haon ghealltanais chaiteachais a chomhlíonadh. I gcúinsí mar sin, féadfaidh an Bord a mheas go bhfuil sé cuí an cúlchiste “imfhálaithe” a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh na cistí urraithe chun gealltanais chaiteachais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite.

### **Cúlchistí atá á gcoinneáil i bhfoirm sho-inréadaithe**

De réir an pholasaí, ní mór cuid de na cúlchistí a choinneáil i bhfoirm sho-inréadaithe. D’fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm airgid nó sócmhainne eile ar féidir a thiontú ina airgead tirim go héasca. Is ionann sócmhainn is féidir a thiontú go héasca ina hairgead tirim agus airgead tirim toisc gur féidir an tsócmhainn a dhíol gan mórán tionchair ar a luach. Ciallóidh sé seo go gcaithfidh an tsócmhainn a bheith i margadh bunaithe, le líon mór ceannaitheoirí agus go mbeifí ábalta úinéireacht na sócmhainne a aistriú go héasca.

## **25. Eachtraí a tharlaíonn tar éis an Chláir Chomhardaithe**

Maidir leis an bpaindéim dhomhanda COVID-19 a tháinig chun cinn go luath i 2020, measann na Gobharnóirí agus na Caomhnóirí, toisc go soláthraíonn an Gailearaí seirbhís phoiblí agus go bhfuil sé maoinithe go príomha ag an Roinn, go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## **26. Bunreacht**

Bunaíodh an Gailearaí faoi Acht Parlaiminte ar an 10 Lúnasa 1854. Tá Stádas Carthanachta aige agus tá sé cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim (faoi CHY 2345) agus leis an Údarás Rialála Carthanas (Clárumhir 20003029).

## **27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 14/12/2023

# AGUISÍNÍ

## **AGUISÍN 1 – Saothar faighte i 2022**

### **Shirley Jaffe**

*On the Quai*, 2006

Ola ar chanbhás línéadaigh

175 x 200 cm

Ceannaithe, le tacaíocht ó dheontóir príobháideach, 2022

NGI.2022.1

### **Dorothy Cross**

*Paper Mountain*, 2014

Grianghraf

25.8 x 40.5 cm

Bronnta, 2022

NGI.2022.2

### **Unknown Artist**

*Caisleán Shoir* 18ú hAois

Uiscédhath ar pháipéar

I bhfráma: 24 x 35 cm

Bronnta, Matthew Russell, i gcuimhne ar Homan Potterton, Stiurthóir,

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1980–1988, 2022

NGI.2022.3

### **Estella Frances Solomons**

*Hoey's Court*, *Áit bhreithe Dean Swift*, c.1915

Eitseáil ar pháipéar

16 x 20 cm

Bronnta, Matthew Russell, Cairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann, 2022

NGI.2022.4

**Estella Frances Solomons**

*Kings Inns, Baile Átha Cliath, c.1915*

Eitseáil ar pháipéar

16 x 20 cm

Bronnta, Matthew Russell, Cairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann, 2022

NGI.2022.5

**Caroline Tisdall**

*Clochán an Aifir (Tuaisceart Éireann, 1974), 2021*

Monaiphrinta Cartlainne

47 x 71 cm

Ceannaithe, An tOllamh Caroline Tisdall, 2022

NGI.2022.6

**Caroline Tisdall**

*Giant's Causeway (Tuaisceart Éireann, 1974), 2021*

Monaiphrinta Cartlainne

71 x 47 cm

Ceannaithe, An tOllamh Caroline Tisdall, 2022

NGI.2022.7

**Caroline Tisdall**

*The Brain of Europe, 2021*



Monaiphrinta Cartlainne

47 x 71 cm

Ceannaithe, An tOllamh Caroline Tisdall, 2022

NGI.2022.8

**Caroline Tisdall**

*Lecturing in Derry at the Magee Institute of Continuing Education, 2021*

Monaiphrinta Cartlainne

47 x 71 cm

Ceannaithe, An tOllamh Caroline Tisdall, 2022

NGI.2022.9

**Caroline Tisdall**

